

# Tuarascáil Bhliantúil 2020

Comhairle Cathrach Chorcaí

## Seo é Eisint ár gCorcaíochais

Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

We are Cork.



*Foinse na híomhá: O'Callaghan Properties*

## Réamhrá 4
Teachtaireacht ón Ard-Mhéara 7 ón bPríomhfheidhmeannach 6
Ár dTuarascáil Bhliantúil 8
Ár dTimpeallacht Oibríochta 9
Plean 7 Spriocanna Corparáideacha 10
Misean, Fís, Luachanna 12
Ár mBaill Thofa 2020 14
An Fhoireann Ardbhainistíochta 17
Gradaim an Bhairr Feabhais sa Rialtas Áitiúil 2020 18
Comórthaí - 100 Bliain 22

## Cathair Inbhuanaithe ó thaobh na Timpeallachta 26
Gníomhú ar son na hAeráide 28
Seirbhísí Uisce 29
An Fhorbairt Inbhuanaithe 31
Bailte Slachtmhara 32
Bithéagsúlacht 7 Oidhreacht 32
Bainistiú Tuilte 32

## Cathair ag a bhfuil Meas ar a Muintir 34
Freagairt do COVID-19 36
An t-aonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí 38
Cosaint Shibhialta 40
Sláinte agus Sábháilteacht 40
Bainistiú Daoine 41

## Cathair a chothaíonn Cultúr, Oidhreacht, Foghlaim, Sláint 7 Folláine 42
Páirceanna 7 Áineas 44
Oidhreacht, Ealaíon 7 Cultúr 46
Seirbhísí Éigeandála 49
Leabharlann 50
Cathair Foghlama 52
Cathair a Thuigeann Tráma 54
Clár Forbartha Spóirt 55

## Cathair Comharsanachtaí agus Pobail Rannpháirteacha 58
Bonneagar Criticiúil 60
Páirceáil 64
Taisteal Inbhuanaithe 7 Feasacht Sábháilteachta Bóthair 64
Rannpháirtíocht sa Phobal 65
Féilte & Imeachtaí 67

## Cathair a thacaíonn le Tithe agus Bonneagar a chur ar fáil 72
Seachadadh 7 Forbairtí Tithíochta 74
Tacaíochtaí Tithíochta 75
Bainistiú Sócmhainní 77
Bainistiú Maoine 77
Forbairt Bonneagair 78
Pleanáil 7 Forbairt 81

## Cathair a Chothaíonn an Fhorbairt Gheilleagrach agus Inbhuanaithe 86
Athshamhlaigh Corcaigh 88
Dréachtphlean Forbartha Chathair Chorcaí 90
Forbairt Gheilleagrach 91
An Oifig Fiontar Áitiúil 91
Caidreamh Idirnáisiúnta 93
Turasóireacht 93
Taighde, Forbairt 7 Nuálaíocht 96

## Aguisín 100
Coistí um Beartas Straitéiseach 2020 102
Ballraíocht na gCoistí 104
Liúntais 7 Costais na mBall 108
Liúntais na mBall 108
Costais Eile 109
Fodhlíthe 109
Faisnéisiú faoi Chosaint 109
Ráiteas Airgeadais Bliantúil 110

# Réamhrá





# Sa chuid seo

Teachtaireacht ón Ard-Mhéara 7 ón bPríomhfheidhmeannach
Ár dTuarascáil Bhliantúil
Ár Struchtúir Oibriúcháin
Plean 7 Spriocanna Corparáideacha
Misean, Fís, Luachanna
Ár mBaill Thofa
An Fhoireann Ardbhainistíochta
Gradaim an Bhairr Feabhais sa Rialtas Áitiúil
Comórthaí - 100 Bliain



An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh



Ann Doherty An Príomhfheidhmeannach

# Teachtaireacht ón Ard-Mhéara 7 ón bPríomh-fheidhmeannach

Dá mba bhliain mhór í 2019 maidir le forás Chomhairle Cathrach Chorcaí, tráth ar cuireadh 85,000 saoránach breise lenár gceantar agus ar méadaíodh achar an cheantair faoina 5, ba bhliain shuntasach í 2020 chomh maith céanna, ach ar chúiseanna eile ar fad.

Le linn na chéad dianghlasála in 2020, a cuireadh i bhfeidhm ach ar fógraíodh paindéim dhomhanda COVID-19, lean foireann na comhairle cathrach orthu ag soláthar seirbhísí riachtanacha poiblí dá leithéidí seirbhísí dóiteáin, seirbhísí uisce, seirbhísí tithíochta agus seirbhísí dídine, córais tráchta, glanadh sráide agus cothabháil ár bpáirceanna poiblí agus cuireadh roinnt den fhoireann nach raibh i mbun seirbhísí riachtanacha i mbun na seirbhíse rianaithe teagmhálacha, a bhí ina tús an uair sin. Chuir na scórtha eile ball foirne veisteanna ardfheiceálacha orthu féin agus iad ina maoir pháirce um scaradh sóisialta, tráth a raibh siad ag tacú le daoine a bhí ag brath ní ba mhó ná riamh ar ár bpáirceanna agus ar ár spásanna glasa agus daoine ag dul i dtaithí ar a bheith dhá mhéadar amach óna chéile.

Laistigh de dhá uair an chloig ón uair a fógraíodh ordú Aireachta, bhunaigh Comhairle Cathrach Chorcaí Fóram Freagartha Pobail COVID-19 (CRF), rud a tháinig i gcabhair go mór ar chuid de na daoine ba leochailí sa phobal agus ar léiriú é ar shárchleachtas maidir le comhoibriú idir gníomhaireachtaí. D'oibríomar le seirbhísí do dhaoine gan dídean, Béilí ar Rothaí, FSS, an Bord Oiliúna Oideachais, gardaí pobail, CLG agus grúpaí dá leithéidí Friendly Call chun tacú le daoine a bhí ag clutharú agus duine leochaileach ar bith a raibh cúnamh de dhíth orthu i rith na dianghlasála.

Sna seachtainí agus sna míonna ina dhiaidh sin, cuireadh raon leathan seirbhísí ar líne ar fáil go tapaidh, rud a chabhraigh, arís eile, le líon na ndaoine a thabharfadh cuairt ar chuntair phoiblí i Halla na Cathrach a laghdú agus a thug deis dúinn cruinnithe eolais do chomhairleoirí agus cruinnithe iomlána na comhairle, ina dhiaidh sin, a chur ar siúl ar líne. Bhíomar in ann comhairliúchán poiblí a reáchtáil ar líne den chuid is mó faoi Phlean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028. Cuireadh imeachtaí ealaíon agus cultúir ar siúl ar líne ar fud na cathrach agus na tíre agus rinneadh conair siúil faoi scaradh sóisialta de Glow - Ceiliúradh na Nollag.

Bhí go leor beartaithe againn chun an bhliain 2020 a cheiliúradh mar bhliain chuimhneacháin, 100 bliain ó Dhó Chorcaí, tráth a scriosadh lár na cathrach, Halla na Cathrach agus Leabharlann Carnegie in aice láimhe oíche a mbeidh trácht


uirthi go deo. In ainneoin na hanachaine sin a bhain do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na cathrach, b'amhlaidh a chruinnigh pobal na cathrach a mhisneach agus a rinne siad atógáil. I measc na n-imeachtaí comórtha in 2020 bhí cruinniú speisialta na Comhairle chun comóradh a dhéanamh ar thoghadh Thomáis Mhic Curtáin ina Ard-Mhéara Chorcaí, Gealltanas Dílseachta na Comhairle do Dháil Éireann, leathnú ceart vótála do bhan-íocóirí rátaí, agus úsáid ionadaíocht chionmhar i dtoghchán den chéad uair agus bhí “Searmanas Dhó Chorcaí” ar siúl an 11 Nollaig 2020. Cuireadh suíomh idirlín, taispeántais agus ciste comórtha le chéile chomh maith.

Chonaiceamar leibhéil arda nuálaíochta, chomhpháirtíochta agus chomhoibrithe chun tionchar na paindéime ar ghnólachtaí, ar chustaiméirí, ar chuairteoirí agus ar infheisteoirí na cathrach a mhaolú. Léiríomar arís eile gur cathair sheasmhach sinn a bhfuil fís agus straitéis againn a bheith solúbtha, nuálach, agus thar aon ní eile dírithe ar dhaoine.

Ar na príomhthionscnamh in 2020 a bhain le hAthshamhlú Chorcaí bhí ceantar coisithe a dhéanamh de shráideanna na cathrach, lánaí rothar a fheabhsú agus a mhéadú, tionscnaimh pháirceála, dromchla nua a chur ar lánaí bus agus rothar, agus ithe faoin aer a chur ar fáil.

D'oibrigh Comhairle Cathrach Chorcaí agus Oifig Fiontar Áitiúil Chathair Chorcaí le pobail, le trádálaithe, le sráideanna agus le grúpaí ionadaithe gnó chun bearta a thabhairt isteach a thacódh leis an ngeilleagar áitiúil ar bhealach nua sábháilte. Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí nach mór €48 milliún ar fáil i bhfoirm díolúintí rátaí anuraidh agus nach mór €30 milliún i bhfoirm deontas atosúcháin do ghnólachtaí beag, meánmhéide agus móra. D'íocamar €5.5 milliún eile mar chuid den bhreis-íocaíocht 30% agus €2 mhilliún ar achomhairc bhreise.

Leanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí uirthi ag tabhairt cúnaimh de réir mar is gá. Déanfaidh baill thofa na comhairle, an feidhmeannas agus an fhoireann go léir a ndícheall i gcónaí, mar is dual dóibh, chun a chinntiú go sáróidh Cathair Chorcaí na dúshláin a bheidh roimpi amach anseo. Chuige sin léireofar ceannaireacht agus ionbhá do na pobail éagsúla uile is bonn le pobal comhionannach atá uilechuimsitheach, comhtháite agus a bhíonn ag féachaint chun cinn i gcónaí.



**Plean Bliantúil Seachadta Seirbhísí**

a ullmhaítear gach bliain agus a fhaomhann an Chomhairle Iomlán
Athbhreithniú feidhmíochta gach mí i bhfoirm Tuairiscí PF

**Plean Forbartha Pearsanta**

a fhorbraítear le bainisteoirí líne chun na nithe is tábhachtaí le gach ball foirne, na nithe ba mhian leo a bhaint amach agus na nithe nár mhór dóibh a fheabhsú agus a fhorbairt a thabhairt faoi deara.

**Tuairiscí Míosúla PF**

Eolas cothrom le dáta gach mí a bhailítear ó gach stiúrthóireacht agus a chuirtear faoi bhráid na comhairle iomláine gach mí. Faomhann an PF iad

**Plean Corparáideach 2019 2024**

Doiciméad straitéiseach 5 bliana a chuirtear le chéile le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Faomhann an Chomhairle ina hiomláine é.

**Plean Foirne**

Cuireann Foirne Réimse iad seo le chéile agus faomhann stiúrthóireachtaí iad lena gcur san áireamh i bpleananna oibre na stiúrthóireachtaí

**Tascairí Seirbhíse Áitiúla agus Náisiúnta**

(NOAC)

**Tuarascáil Bhliantúil**

a ullmhaítear gach bliain agus a fhaomhann an Chomhairle Iomlán

# Ár dTuarascáil Bhliantúil

Gné amháin de dhoiciméid chomhtháite straitéise agus bheartais na Comhairle Cathrach atá sa Tuarascáil Bhliantúil a thugann cuntas ar obair agus ar fheidhmíocht na Comhairle Cathrach. Is feidhm fhorchoimeádta na Comhairle í an Tuarascáil Bhliantúil a leagtar amach in Alt 221 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Cuireann sí eolas oibríochtúil agus airgeadais ar fáil dár mBaill Thofa, don Lucht Bainistíochta, do bhaill foirne agus dár bpobal maidir lenár bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na tosaíochtaí agus na gealltanais seachadta seirbhíse a leagtar amach sa Phlean Corparáideach agus sna pleananna Bliantúla Seachadta Seirbhísí.

Bunaítear an tuarascáil ar Phlean Corparáideach, ar Phlean Bliantúil Seachadta Seirbhísí, ar Bhuiséad Bliantúil, agus ar Thuairiscí míosúla Phríomhfheidhmeannach na Comhairle, tuairiscí a léiríonn cinntí na Comhairle Cathrach i ndáil le cuspóirí faoi leith gach bliain. Déantar feidhmíocht na Comhairle Cathrach a chuntas i dTuairiscí míosúla an Phríomhfheidhmeannaigh (PF), i dtuairisceáin bhliantúla an Choiste Iniúchta Maoirseachta Náisiúnta (NOAC) agus in athbhreithnithe feidhmíochta.

Déanann struchtúr rialachais maoirseacht ar obair Chomhairle Cathrach Chorcaí, struchtúr ar a bhfuil Ard-Mhéara Chorcaí, an 31 Bhall Tofa agus seisear Cathaoirleach na gCoistí um Beartas Straitéiseach (SPC).

# Ár dTimpeallacht Oibre


Tá aon bhall tofa is tríocha ag Comhairle Cathrach Chorcaí a dhéanann ionadaíocht ar chúig thoghcheantar áitiúla - Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh, Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh, Cathair Chorcaí Thoir Theas, Cathair Chorcaí Thiar Theas, agus Cathair Chorcaí Láir Theas. Tagann Coistí Ceantair Áitiúil le chéile uair sa mhí agus tionóltar cruinniú na comhairle ina hiomláine an dara Luan i ngach mí. Is baill de Choistí um Beartas Straitéiseach (SPC) iad na comhairleoirí i dteannta ionadaithe earnála. Tagann cathaoirligh na SPCanna le chéile chomh maith go míosúil mar Ghrúpa Beartais Chorparáidigh (CPG).

Tá an Fhoireann Ard-Bhainistíochta freagrach as bainistíocht éifeachtach agus éifeachtúil na comhairle agus as a seirbhísí a sheachadadh taobh istigh de na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Fostaíonn an Chomhairle breis agus 1,500 ball foirne a bhaineann le cúlraí difriúla gairmiúla ag a bhfuil raon leathan scileanna, cáilíochtaí agus taithí.

Téann athruithe dlí, sochaí, polaitíochta, timpeallachta, teicneolaíochta agus geilleagair i bhfeidhm go mór ar an gComhairle. Breithnímid na beartais agus na cuspóirí a leagtar amach san iliomad pleananna agus straitéisí reachtúla a chuirtear i bhfeidhm ar fud na comhairle. Tá gach plean agus straitéis dá dtagraítear sa cháipéis seo le fáil san aguisín.

Cuirimid raon seirbhísí agus feidhmeanna ilghnéitheacha ar fáil i gcomhar le heagraíochtaí, le gníomhaireachtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, agus le grúpaí pobail. Tá freagracht orainn tacú lenár mbaill thofa, le coistí lena mbaineann siad, agus le beartais a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí go léir. Leagaimid síos príomhtháscairí feidhmíochta áitiúla agus náisiúnta agus déanaimid dá réir agus ár bplean corparáideach á chur i bhfeidhm againn.

Leagtar struchtúr na comhairle amach um thrí philéar (agus iad uile ag idirghníomhú agus ag brath ar a chéile), is iad sin Oibríochtaí, Straitéis agus Seirbhísí Tacaíochta.



# Plean 7 Spriocanna Corparáideacha

An Creat Náisiúnta Pleanála: Éire 2040 Tá pleananna agus uaillmhianta ollmhóra ag ár bPlean do Chorcaigh. Is léiriú ár bPlean Corparáideach ar na huaillmhianta sin maidir le cathair dhomhanda inbhuanaithe don todhchaí a dhéanamh de Chathair Chorcaí. Is treoirphlean é an Plean Corparáideach 2020-2024 lena chinntiú go ndéantar ár dtosaíochtaí agus ár n-oibleagáidí rialála a sheachadadh, go gcomhlíontar spriocanna seirbhíse agus go bhfeabhsaítear seachadadh seirbhíse de shíor.

Léiríonn ár gcuspóirí ardleibhéil agus ár gcuspóirí straitéiseacha an aidhm sin ach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe Domhanda na Náisiún Aontaithe a thabhairt san áireamh, rud a aithníonn tábhacht straitéiseach Chlár Oibre 2030 um Fhorbairt Inbhuanaithe agus an cur chuige comhtháite ilghníomhaireachta chun ár bhfís a bhaint amach, is é sin Corcaigh á Stiúradh go mbainfidh sí Stádas Cathrach Domhanda den Chéad Scoth amach.

## Na Mórspriocanna um an bhForbairt Inbhuanaithe






# 6

# Sprioc Ardleibhéil:

**Cathair Inbhuanaithe ó thaobh na Timpeallachta**

Táimid meáite ar fhreagairt agus ar ghníomhú go straitéiseach i ndáil le tionchar an athraithe aeráide ar mhaithe leis an timpeallacht agus le bonneagar Chathair Chorcaí. Beimid ar thús cadhnaíochta maidir le rannpháirtíocht réamhghníomhach agus saoránaigh a chumasú ionas gur féidir leis an gcathair a bheith chomh seasmhach agus is féidir agus ag an am ceanna an timpeallacht seo againne a chosaint agus a shaibhriú ar mhaithe le folláine agus caighdeán níos fearr saoil do chách.

**Cathair ag a bhfuil Meas ar a Muintir**

Tallann, nuálaíocht agus pobail ag teacht le chéile chun tacú lenár gcathair bhríomhar bheoga. Spreagaimid spiorad a spreagann smaointeoireacht agus tuairimí nua. Cabhraíonn ár seirbhísigh phoiblí, ár bpobail, ár gcuairteoirí agus ár n-áitritheoirí linn an fhís agus an éagsúlacht atá inár gcathair a bhaint amach. Beimid ceannasach maidir le cur chuige rannpháirtíoch, comhairleach agus nuálach a úsáid agus cinntí á ndéanamh.

**Cathair a chothaíonn cultúr, oidhreacht, foghlaim, sláinte 7 folláine**

Is cathair pobal, comhpháirtíochtaí agus líonraí í Corcaigh. Is cathair Shláintiúil í Corcaigh de réir na hEagraíochta Sláinte Domhanda; is cathair Foghlama UNESCO í agus is cathair fháilteach í ag a bhfuil oidhreacht shaibhir de bhun a muintire agus a staire. Leanaimid orainn ag cruthú agus ag feabhsú ár dtimpeallachtaí, ag cur le hacmhainní pobail chun a chur ar chumas daoine tacú lena chéile agus a lánleas a bhaint amach.

**Cathair Comharsanachtaí agus Pobail Rannpháirteacha**

Is cathair faoi leith sinn sa mhéid gur limistéar cathrach atá ag teacht chun cinn sinn ina bhfuil lár cathrach, bailte satailíte, sráidbhailte, comharsanachtaí agus pobail a bhfuil a n-eispéiris agus a gcultúr féin acu. Cothaíonn an chathair nua seo againne na seancheantair agus na traidisiúin is bonn le cultúr éagsúil Chorcaí, cultúr atá áitiúil ach a aithnítear go hidirnáisiúnta. Tá breis is 500 grúpa pobail i gcathair Chorcaí. Cabhraíonn ár gcaidrimh linn oibriú le chéile chun cathair a chruthú atá intaistealta, inacmhainne, uilechuimsitheach, sábháilte agus rannpháirteach.

**Cathair a thacaíonn tithe agus bonneagar a chur ar fáil**

Is gné ríthábhachtach bonneagair shóisialta agus gheilleagraigh í an tithíocht i gcathair bheo. Bhain dúshláin fhollasacha maidir le tithe a sholáthar leis an mbliain 2020. Leanfaimid orainn ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin chun soláthar cóiríochta inbhuanaithe a chur ar fáil agus a éascú do gach saoránach agus cuairteoir. D'fhonn an fás leanúnach seo a chothú, tá Comhairle Cathrach Chorcaí meáite ar chórais inbhuanaithe bhainistíochta tráchta agus bonneagair bóithre a chur ar fáil.

**Cathair a Chothaíonn an Fhorbairt Gheilleagrach agus Inbhuanaithe**

Meastar go mbeidh Corcaigh ar cheann de na cathracha is mó fás in Éirinn agus méadú tuartha 50-60% ar an daonra faoi 2040. Táimid ag obair lenár ngeallsealbhóirí san earnáil phríobháideach agus phoiblí chun poist a chruthú, nach ann do chuid acu fós. Táimid i mbun nuálaíochta ionas go mbeimid ábhartha fós agus ag obair lenár gcomhpháirtithe go háitiúil agus go hidirnáisiúnta sa saol acadúil, leis an IDA, le Fiontraíocht Éireann chun éiceachóras fiontar nuálach a fhorbairt a oirfidh do riachtanais gheilleagracha sa todhchaí. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag déanamh a cion chun geilleagar bisiúil a fhorbairt agus a athchothú dóibh siúd a chónaíonn, a oibríonn, a dhéanann staidéar agus a infheistíonn sa chathair, go háirithe le linn na paindéime agus na tréimhse téarnaimh ina dhiaidh.

# Misean, Fís, agus Luachanna

Le linn 2019, rinneadh taighde nach beag agus Plean Corparáideach nua 2024 á chur le chéile. Mar chuid den phróiseas sin, rinneadh athbhreithniú ar ár misean, ár bhfís agus ár luachanna, agus cuireadh an méid seo a leanas i bhfeidhm tar éis sraith ceardlann leis an bhfoireann, le geallsealbhóirí agus le lucht ardbainistíochta.

## Ár Misean

Cuirimid seirbhísí poiblí den scoth ar fáil do mhuintir Chorcaí ach obair a dhéanamh i gcomhar lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha.


Is cathair uaillmhianach sinn, atá ag obair lenár gcomharsanachtaí, lenár bpobail agus lenár ngnólachtaí chun tacú le forbairt gheilleagrach agus infheistíocht a éascú.

Is mór againn ár gcultúr agus ár n-oidhreacht agus cinntímid gur áit í Corcaigh ar mian le daoine maireachtaint inti, staidéar a dhéanamh inti, cuairt a thabhairt uirthi agus obair a dhéanamh inti.

## An Fhís atá againn

Corcaigh á Stiúradh go mBainfidh sí Stádas Cathrach Domhanda den Chéad Scoth amach.

# Na Luachanna atá againn



## An Mhaith Choiteann

Cuirimid seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil agus tugaimid aghaidh ar riachtanais daoine ar bhealach atá uilechuimsitheach agus cothom.



## Iontaobh 7 Ionracas

Déanaimid ár gcuid oibre go léir go macánta, go hoscailte agus go cothrom.



## Meas

Caithimid go cothrom le gach duine agus aird chuí á tabhairt ar a riachtanais agus ar a gcearta.



## Cur Chuige Daoine-Lárnach

Bímid ag plé le daoine ar bhealach atá cóir, cúirtéiseach agus tráthúil. Bímid sa tóir ar an bhfeabhsú i gcónaí.



## Freagracht

Táimid cuntasach agus trédhearcach agus déanaimid ár gcuid oibre agus cinntí go freagrach.



## Nuálaíocht

Bímid sa tóir i gcónaí ar chuir chuige atá forásach agus cruthaitheach i leith na seirbhísí a sholáthraímid.

# Ár mBaill Thofa 2020

## Cathair Chorcaí Thiar Thuaidh


An Clr John Sheehan (FF)


An Clr Damian Boylan (FG)


An Clr Mick Nugent (SF)


An Clr Tony Fitzgerald (FF)


An Clr Fiona Ryan (SOL – PBP)


An Clr Kenneth Collins (SF)

## Cathair Chorcaí Thiar Theas


An Clr Fergal Dennehy (FF)


An Clr Colette Finn (GP)


An Clr Thomas Moloney (NSp)


An Clr Colm Kelleher (FF)


An Clr Garret Kelleher (FG)


An Clr Henry Cremin (SF)


An Clr Derry Canty (FG)

## Cathair Chorcaí Thoir Theas


An Clr Lorna Bogue (NP)


An Clr Kieran McCarthy (NSp)


An Clr Des Cahill (FG)


An Clr Mary Rose Desmond (FF)


An Clr Terry Shannon (FF)


An Clr Deirdre Forde (FG)

## Cathair Chorcaí Thoir Thuaidh


An Clr Ger Keohane (NSp)


An Clr Oliver Moran (GP)


An Clr Ken O'Flynn (NP)


An Clr John Daniel Maher (PLS)


An Clr Ted Tynan (PLO)


Ard-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh (FG)

## Cathair Chorcaí Lár Theas


An Clr Shane O'Callaghan (FG)


An Clr Sean Martin (FF)


An Clr Fiona Kerins (SF)


An Clr Mick Finn (NSp)


An Clr Paudie Dineen (NSp)


An Clr Dan Boyle (GP)



*Cruinniú Chomhairle Cathrach Chorcaí 1920*

# An Fhoireann Ardbhainistíochta



Ann Doherty
An Príomhfheidhmeannach



Brian Geaney
An Príomhfheidhmeannach Cúnta



Fearghal Reidy
Stiúrthóir na Forbartha Straitéisí ⁊ Geilleagraí



Ruth Buckley
Ceann na Seirbhísí ICT



Paul Moynihan
Stiúrthóir Gnóthaí Corparáideacha ⁊ Caidrimh Idirnáisiúnta



Mike Larkin
Stiúrthóir Daoine ⁊ Forbairt Eagraíochtúil



Tadhg Keating
Stiúrthóir Eatramhach Tithíochta



Adrienne Rogers
Stiúrthóir Pobail, Cultúir ⁊ Cothú Áite



Tony Duggan
Ailtire na Cathrach



Gerry O'Berine
Stiúrthóir Forbartha Bonneagair



Marguerite Gallagher
Ceann Gnóthaí Dlí



David Joyce
Stiúrthóir Oibríochtaí

# Gradaim an Bhairr Feabhas sa Rialtas Áitiúil 2020

De bhun rannpháirtíocht líonra an Chumainn Tráchtála le hÚdaráis Áitiúla, tugann Chambers Ireland aitheantas do thionscadail thábhachtacha le Gradaim an Bhairr Fheabhas sa Rialtas Áitiúil. Cuireadh Comhairle Cathrach Chorcaí ar an ngearrliosta sna catagóirí seo a leanas:

- Tacú le Pobail Inbhuanaithe
- Sárchleachtas Rannpháirtíochta Pobail - Buaiteoir
- An Forbairt Gheilleagrach a Chothú - Buaiteoir
- Timpeallacht Inbhuanaithe
- Féile na Bliana
- Tionscnamh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

## Sárchleachtas Rannpháirtíochta Pobail - Buaiteoir

Le 'Clár na Maor Páirce um Scaradh Sóisialta' de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí coimeádadh páirceanna agus áiseanna Chathair Chorcaí ar oscailt agus ar fáil do shaoránaigh áitiúla agus Maoir Pháirce um Scaradh Sóisialta ar an láthair agus iad le feiceáil agus ar fáil. Agus breis is 20 Páirc agus níos mó ná 150 ball foirne i gceist, chuir Clár na Maor Páirce le folláine fhisiciúil agus mheabhrach dhaonra Chathair Chorcaí le linn bhuaic dhianghlasáil COVID-19. Léirigh Comhairle Cathrach Chorcaí go raibh ar a cumas próiseas rannpháirtíochta pobail an-chuiditheach a fhorbairt agus freagairt á tabhairt ar an bpaindéim. De réir mar a tháinig buntáistí an chláir chun solais, d'fhéach an Chomhairle le deis a thabhairt do ghrúpaí pobail a bheith páirteach ar bhealach níos mó fós maidir leis an gclár a chur i ngníomh.

## An Forbairt Gheilleagrach a Chothú - Buaiteoir

Ba fhreagra díreach ar theacht na paindéime agus ar an tslí a chuaigh sé i gcion ar shaol sóisialta, geilleagrach agus pobail Lár chathair Chorcaí é tionscnamh spreagúil agus samhlaíoch de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí dar teideal 'Athshamhlú na Cathrach'.

Is gnólachtaí áitiúla agus Comhairle Cathrach Chorcaí atá i mbun an tionscnaimh ar shráideanna na cathrach, ag tosú le Sráid an Phrionsa, tionscnamh a chinnteoidh go gcloífear le bearta um scaradh sóisialta. Cinnteoidh sé, chomh maith, go mbeidh gnólachtaí áitiúla in ann leanúint orthu ar leibhéal a chosnóidh a mbuanseasmhacht.

*"Tá todhchaí na cathrach fisiciúla ag brath ar an tslí a mhairimid inti, ar an tslí a bhímid ag teacht le chéile inti agus ag déanamh ár ngníomhaíochtaí fóillíochta. Caithfidh sí a bheith go maith ina croílár istigh. Ní mór do Chorcaigh a bheith comhdhlúite, éadrom ar a cosa, pearsantacht mhór a bheith aici agus a bheith ar cheann de na cathracha is fearr má tá sí le rath a bhaint amach."*

***Brian Geaney,***
***An Príomhfheidhmeannach Cúnta***

## Timpeallacht Inbhuanaithe

Bhí Comhairle Cathrach Chorcaí ar thús cadhnaíochta go náisiúnta ach ar cuireadh 76 feithicil leictreach (EV) ar an mbóthar, rud a chruthaigh an fhlít EV údarás áitiúil is mó sa tír. Fuar an Chomhairle réidh le 100% de na feithiclí iompair díosail sa chás gurbh fhéidir EV a chur ar fáil ina n-áit agus agus leanann sí ag triail EVanna eile don chuid eile dá flít.

Rinneadh cinneadh Chomhairle Cathrach Chorcaí feithiclí leictreacha fháil agus í ag dréim le Plean Gníomhaithe an Rialtais ar son na hAeráide. Agus an tionscnamh forásach seo á sheachadadh, bhain an chomhairle amach spriocanna nua Chlár an Rialtais 2025 d'fheithiclí íseal-astuithe nó



*Maoir Pháirce*

ceal astuithe le linn 2020 - cúig bliana roimh an sprioc. Tá an Chomhairle ina ceannródaí i ndáil leis an Earnáil Iompair agus le hearnáil an Rialtais Áitiúil de bhun an tionscnaimh seo. Tá coigilteas fuinnimh, coigilteas airgid agus laghduithe ar astuithe carbóin nach beag á mbaint amach ag an gComhairle mar gheall ar a cinneadh sin flít leictreach a bheith aici.


## Féile na Bliana

Is é SeaFest an fhéile mhuirí saor in aisce is mó in Éirinn agus bhí sí ar siúl ar chéanna Chathair Chorcaí ón Aoine, an 7 Meitheamh go dtí an Domhnach, an 9 Meitheamh 2019. Ba é an aidhm a bhí léi rannpháirtíocht agus rannpháirteachas leis an bhfarraige atá buailte ar chéanna Chathair Chorcaí a mhéadú agus bhí breis is 100 imeacht saor in aisce ar siúl le linn Seafest. D'fhorbair Grúpa Stiúrtha ar a raibh ionadaithe ón Stát, lucht oideachais, baill an phobail, lucht tionscail, lucht áineasa agus lucht gnó an clár. Mheall an fhéile isteach is amach le 100,000 cuairteoir.
Rud ríthábhachtach a bhain leis ba ea gur shonraigh an Rialtas Seafest 2019 mar dheis straitéiseach d'Éirinn a bheith rannpháirteach le Náisiúin Oileánda eile, mar chuid d'fheachtas na hÉireann chun suíochán a ghnóthú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. D'fhreastail ceannairí ó 31 Náisiún Oileánda ar Seafest 2019, agus maítear faoin bhféile gur ghnóthaigh sí 10 vóta d'Éirinn agus suíochán ag an gComhairle Slándála á baint amach aici.

## Thacú le Daoine Breacaosta

Thug foireann an chláir a thacaíonn le daoine breacaosta, i gcomhar le comhghleacaithe ó Leabharlann na Cathrach, faoin eolas ba chruinne agus ba chothroime le dáta a bhailiú agus é a chur faoi bhráid bhaill Friendly Forum go leictreonach agus sa phost dhá uair sa tseachtain mar chuid d'aiseolas a ndearnadh athleagan amach iomlán air. Tá rath mór ar Nuachtlitir Age Friendly Chathair Chorcaí.
Fuarthas an t-aiseolas láithreach agus ba dhearfach é, go háirithe ina measc siúd nach raibh agus nach bhfuil in ann ríomhairí, an t-idirlíon agus meáin dhigiteacha eile a úsáid. Choimeád nuachtlitir an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a cuid léitheoirí cothrom le dáta maidir huimhreacha teileafóin eagraíochtaí tacaíochta reachtúla agus neamhreachtúla, ina measc eagraíochtaí meabhairshláinte, Age Friendly Chathair Chorcaí, Friendly Call Cork, an Garda Síochána (Pobail), HSE, Senior Line, Age Action agus a thuilleadh nach iad ó fhoinsí iontaofa agus cuireadh comhairle agus eolas praiticiúil ar fáil. Fásfaidh sí agus forbrófar sa todhchaí í. Is tionscnamh áitiúil é, comhpháirtíocht le Pobail de gach saghas.






*Ard-Mhéara Chorcaí, an Comhairleoir Joe Kavanagh i Reilig Naomh Fionnbarra, Corcaigh agus bláthfhleasc á leagan aige i gcomóradh 100 bliain ó rinne iar-Mhéara Chorcaí, Traolach Mac Suibhne agus príosúnaigh phoblachtacha eile stailc ocrais i bPríosún Brixton, Londain agus i bPríosún na bhFear, Corcaigh, i mí Dheireadh Fómhair 1920*



# Comórthaí – 100 bliain

Ba é aidhm Chomhairle Cathrach Chorcaí go gcabhródh an Comóradh linn a thuilleadh a fhoghlaim faoi shochaí na linne sin, rud a thabharfadh tuiscint ní na dhoimhne dúinn ar an tslí a mhúnlaigh an t-am atá caite sochaí na hÉireann. Dhíreodh sé ar ról an phobail i gcathair Chorcaí, chun ceangail phobail na cathrach a athdhearbhú agus gach earnáil den tsochaí a thabhairt san áireamh.

Ba é an chéad imeacht Comórtha a reáchtáil Comhairle Cathrach Chorcaí ná Cruinniú Speisialta na Comhairle an 30 Eanáir 2020 i gcomóradh ar thoghadh Thomáis Mhic Curtáin ina Ard-Mhéara Chorcaí, ar Ghealltanas Dílseachta na comhairle do Dháil Éireann, ar cheart vótála a thabhairt do bhan-íocóirí rátaí, agus ar úsáid na hionadaíochta cionmhaire i dtoghchán den chéad uair. Bhí 146 duine, idir lucht polaitíochta, gnó agus na hearnála pobail agus oibre deonaí i láthair ag an gcruinniú a bhí faoi chathaoirleacht Ard-Mhéara Chorcaí, an Clr John Sheehan agus craoladh go beo ar ár gcainéal YouTube é.

An 11 Nollaig 2020, ghlac Ard-Mhéara Chorcaí, an Clr Joe Kavanagh, An Taoiseach, Micheál Martin TD, Príomhoifigeach Dóiteáin Chathair Chorcaí, John Ryan agus drámadóir agus údar cáiliúil ó Chorcaigh, Cónal Creedon agus Liam Ronayne iar-Leabharlannaí na Cathrach páirt i "Searmanas Comórtha Céad Bliain Dhó Chorcaí" taobh amuigh de Halla na Cathrach, Corcaigh a rinne suntas do chéad bliain a bheith caite ó tharla Dó Chorcaí.

Le linn 2020 agus in ainneoin na paindéime, léirigh Comhairle Cathrach Chorcaí, pobail, gnólachtaí, scoileanna, ealaíontóirí, ceoltóirí agus údair a dteacht aniar agus a buanseasmhacht agus taispeántais chomórtha, imeachtaí comórtha, agallaimh, foilseacháin, ócáidí acadúla, tionscadail agus imeachtaí cultúir á gcur ar siúl acu ar fud na cathrach.

**Is féidir taitneamh a bhaint as cuid acu arís ar shuíomh idirlín faoi leith Comórtha Chomhairle Cathrach Chorcaí www.corkcitycommemorations.ie**

***"Cork 1920 The Burning of a City"***
Taispeántas Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Séipéal N. Peadar, Corcaigh

***"Suffering the Most"***
Taispéantas Mhúsaem Poiblí Chorcaí

***"Enduring Legacy, Archives from Cork, 1920"***
Taispeántas Chartlann Chathair agus Chontae Chorcaí

***"The Burning of Carnegie Library"***
***"The Burning of the City"***
***"No Longer Forgotten Cork Women of the Revolution"***
Taispeántais Leabharlann Chathair Chorcaí

Searmanais Leagtha Bláthfhleasc leis an Ard-Mhéara an Clr John Sheehan agus leis an Ard-Mhéara an Clr Joe Kavanagh

***"Witness to Murder"*** le Kieran McCarthy agus John O'Mahony, tras-scríbhinn Ionchoisne Thomáis Mhic Curtáin ó Mhárta agus ó Aibreán 1920 a d'fhoilsigh The Examiner i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí.

***"Forgotten Lord Mayor: Donal Óg O'Callaghan, 1920-1924"*** leis an Údar agus an léachtóir le polaitíocht i Roinn Rialtais agus Polaitíochta COC, An Dr Aodh Quinlivan

***"The Nine Survivors - A Story of the 94 day record hunger strike"*** le Conor Kenny and Claire Cronin

***"100 Years of Change"*** tionscadal de chuid an Glucksman, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Múrmhaisiúcháin ar fud na cathrach le Ardú agus Cumann Pobail an Pharóiste Láir

An scannán 'Irish Destiny' de chuid Institiúid Scannán na hÉireann agus Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí

Clár faisnéise agus Dráma - ar shaol stailceora ocrais ó Chorcaigh, Joseph Murphy



*Rinneadh Aifreann Cuimhneacháin Céad Bliain do na hiar-Mhéaraí Tomás Mac Curtáin agus Traolach Mac Suibhne mar aon le híospartaigh eile 1920 a cheiliúradh Dé Domhnaigh, an 13 Nollaig in Ardeaglais Muire & Naomh Áine, An tSráid Rómhánach, Corcaigh. Mar gheall ar shrianta, rinne an tArd-Mhéara Joe Kavanagh ionadaíocht do mhuintir Chorcaí.*






*George Patterson, Cathaoirleach Chumann Pobail an Pharóiste Láir i dteannta an Ardmhéara an Clr Joe Kavanagh agus chéile an Ard-Mhéara Stephanie Kavanagh ag foilsiú múrmhaisiúcháin ag Ionad Pobail an Pharóiste láir chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar dhó Chorcaí*




# Cathair Inbhuanaithe ó thaobh na Timpeallachta de



# Sa chuid seo

Gníomhú ar son na hAeráide
Seirbhísí Uisce
Forbairt Inbhuanaithe
Na Bailte Slachtmhara
Bithéagsúlacht 7 Oidhreacht
Bainistiú Tuillte




*PF Ann Doherty, an tArd-Mhéara an Clr John Sheehan, Fergus Gleeson, Innealtóir Sinsearach Chomhairle Cathrach Chorcaí, David Joyce, Stiúrthóir Oibríochtaí Chomhairle Cathrach Chorcaí agus Cormac O'Sullivan, Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach na Comhairle Cathrach ag seoladh fhlít nua feithiclí leictreacha Chomhairle Cathrach Chorcaí.*

# Gníomhú ar son na hAeráide

Is príomhcheist do Chathair Chorcaí é Gníomhú ar son na hAeráide agus tá Comhairle Cathrach Chorcaí ag cur Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide i bhfeidhm ar glacadh léi i mí Mheán Fómhair 2019. Déantar na gníomhartha seo a chomhtháthú le hobair phríomhshrutha na Comhairle Cathrach le Foireann faoi leith um Ghníomhú ar son na hAeráide. Tá Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ag Comhairle Cathrach Chorcaí a bhfuil baill thofa air. Ach ar glacadh le 'Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024' de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí, lean Comhairle Cathrach Chorcaí de na 66 gníomh oiriúnaithe sa straitéis a chur i ngníomh.

Is ionann céatadán iomlán na ngníomhartha atá 'déanta' nó 'ar siúl' agus um 75% ar leibhéal náisiúnta agus 89% ar leibhéal áitiúil Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Tá sraith de Phríomhtháscairí Feidhmíochta (KPIanna) á bhforbairt ar leibhéal náisiúnta a bheidh ag teacht leis na tuarascálacha bliantúla seo ar dhul chun cinn, rud a fhágann go bhfuil siad níos láidre i dtéarmaí torthaí agus aschur infhíoraithe.

## An Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide

Bhunaigh baill thofa Chomhairle Cathrach Chorcaí an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide nuair a chuir siad tús lena ról reatha 5 bliana i mí an Mheithimh 2019. Tá 15 chomhairleoir ón réimse uile polaitíochta ar an gCoiste um Ghníomhú ar son na hAeráide (is é 31 líon iomlán na gcomhairleoirí) agus measadh go raibh gá leis chun cabhrú le dul i ngleic leis an ngéarchéim saoil a bhfuilimid ag déileáil léi faoi láthair mar thoradh ar athrú aeráide a chuireann as don saol sin.

Go deimhin, ar cheann de na chéad mhíreanna ar chlár oibre na comhairle nua thiar i mí an Mheithimh 2019 bhí éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta a fhógairt. Faigheann an coiste tacaíocht ó Fheidhmeannacht Chomhairle Cathrach Chorcaí, faoi stiúir an Stiúrthóra Seirbhísí, Gnóthaí Corparáideacha agus Caidrimh Idirnáisiúnta.

Ó bunaíodh an Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá béim níos mó ar shaincheisteanna an athraithe aeráide agus na bithéagsúlachta d'aon ghnó. Bunaíodh 'Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide' dá bharr laistigh d'fhoireann feidhmiúcháin Chomhairle Cathrach Chorcaí, rud a thug le chéile cuid mhaith de na baill foirne a bhfuil saineolas acu ar an aeráid agus




ar an mbithéagsúlacht i gcomhlacht atá níos comhtháite agus níos éifeachtaí chun athrú iompraíochta a spreagadh.

Tugadh cuireadh do go leor saineolaithe seachtracha labhairt ag cruinnithe, agus ar an tslí sin leathnaíodh bonn eolais bhaill an Choiste agus cothaíodh gníomh dearfach aeráide i measc na Comhairle ina hiomláine agus na ngeallsealbhóirí áitiúla.

Rinne an 'Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide' áisitheoireacht mhór chun ár 'Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024' a fhorbairt agus a ghlacadh an 30 Meán Fómhair 2019 agus leanann an coiste air ag cur gnéithe cur na straitéise seo chun cinn.

Tacaíonn an Coiste go hiomlán le straitéis mhaolaithe an athraithe aeráide sa todhchaí, rud a chabhróidh le gníomhaíochtaí oiriúnaithe agus maolaithe a chur faoi scáth foriomlán 'Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide'. I measc na bpleananna agus na straitéisí sin go léir tá gnéithe bithéagsúlachta agus an gheilleagair chiorclaigh, chomh maith le gníomhú ar son na hAeráide, agus úsáideann siad 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna) mar mháistir-theimpléad.

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'ullmhaigh Comhairle Cathrach Chorcaí nuashonrú bliantúil ar ghníomhú ar son na haeráide, rud atá ag teacht lena hoibleagáidí faoin mbeartas náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide. Ag an am céanna tionóladh cruinniú poiblí faoi leith an Choiste um Ghníomhú ar son na hAeráide Dé hAoine an 16 Deireadh Fómhair 2020.

Rinneadh é a chraoladh beo ar shuíomh idirlín, ar leathanach Facebook agus ar chainéal YouTube Chomhairle Cathrach Chorcaí. Thug an cruinniú an t-eolas ba dhéanaí ar dhul chun cinn agus ar thionscnaimh Chomhairle Cathrach Chorcaí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an coiste tar éis bliain ar an bhfód a chur de.

Tugadh cuireadh d'aíonna a bheith i láthair, rud a thug deis don choiste teagmháil a dhéanamh go náisiúnta agus leis an tsochaí shibhialta. Ba iad na haíonna sin cathaoirleach Choiste an Oireachtais um Ghníomhú ar son na hAeráide, Brian Leddin TD, agus Theresa Rose Sebastian ó Fridays for Future.

Tionóladh Cruinniú Speisialta ansin an 30 Deireadh Fómhair leis an Aire Eamon Ryan chun Bonneagar Iompair Ghníomhaigh a phlé.

**Ar bhuaicphointí Chomhairle Cathrach Chorcaí le 12 mhí anuas tá:**

- A bheith ar an gcéad údarás áitiúil in Éirinn a bhunaigh Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Ar bheith ar na chéad údaráis áitiúla a d'fhógair éigeandáil aeráide agus bithéagsúlachta i Meitheamh 2019
- Reáchtálamar clár cruthaitheach agus cuimsitheach rannpháirtíochta poiblí mar chuid den chéim chomhairliúcháin phoiblí d'fhorbairt na Straitéise Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024 i rith shamhradh 2019
- An fhlít EV (feithiclí leictreacha) is mó in earnáil na n-údarás áitiúil
- Ceantair do choisithe a dhéanamh de shráideanna lár na cathrach, mar aon le feabhsúcháin leanúnacha ar bhonneagar rothaíochta
- Táimid, faoi láthair, ar cheann de na húdaráis áitiúla is fearr maidir le fuinneamh a laghdú mar chuid dár spriocanna náisiúnta 2020




## Seirbhísí Uisce

Is ar son Uisce Éireann a dhéantar cuid mhaith den obair a dhéanann an Rannóg Seirbhísí Uisce. Leanann obair na Comhairle Cathrach ar aghaidh, áfach, i gcomhthreo le hobair Uisce Éireann. Bhain dúshláin nach beag do na Seirbhísí Uisce le COVID-19. Is seirbhís riachtanach é Uisce/ Fuíolluisce, go háirithe le linn paindéime. Le linn 2020 lean foireann na Seirbhísí Uisce orthu mar ba ghnách, ach cuireadh athruithe móra i gcleachtais oibre i bhfeidhm gan aon laghdú ar sheirbhísí a ceadaíodh le COVID-19.

**Ar chuid de na bearta agus an nuálaíocht a forbraíodh i rith na bliana, tá:**

**Táirgeadh Uisce**
Ceanglaítear ar Chomhairle Cathrach Chorcaí caighdean an uisce a sheachadtar ar ár gcustaiméirí ar fud líonra uisce na cathrach a thástáil. Dhéantaí é seo, go traidisiúnta, ach cuairt a thabhairt ar thithe go randamach agus sampla a thógáil ó sconna na cistine. Mar gheall ar shrianta COVID-19, níorbh fhéidir é sin a dhéanamh a thuilleadh agus dá bhrí sin b'éigean teacht ar bhearta eile. D'fhorbair foireann na Seirbhísí Uisce ceangaltán a d'fhéadfaí a cheangal leis an mbosca teorann taobh amuigh d'áitreabh an chustaiméara ionas go bhféadfaí sampla a thógáil gan dul isteach san áitreabh féin ná cur isteach ar an gcustaiméir ar bhealach ar bith. Baintear an méadar amach as an mbosca teorann agus cuirtear claibín ar a bhfuil píobán plaisteach gairid agus sconna simplí cruach dhosmálta ceangailte de. Is féidir sampla uisce a thógáil ón láthair ach clúdach an bhosca teorann a ardú, an píobán beag a bhaint amach agus an sconna a oscailt. Ní gá bualadh isteach chuig custaiméirí a thuilleadh, agus is tapúla agus is sábháilte do chách é an próiseas samplála anois. Fágtar an gaireas samplála ann ionas gur féidir samplaí a thógáil go rialta. Cuireann sé sin ar ár gcumas treochtaí le himeacht ama a anailísiú. D'fhaomh an rannóg um Chomhlíonadh Uisce in Uisce Éireann an nós imeachta samplála nua.

**Dáileadh Uisce**
Chomh maith leis an Ionad Uisce ar Bhóthar na Páirce Láir, bunaíodh an dara hIonad Uisce ar Shráid an Uisce ionas gur féidir scaradh sóisialta a dhéanamh. Bainistíonn Maor Ginearálta Cúnta gach Ionad a bhfuil dhá chriú in aghaidh an ionaid acu. Socraíodh go mbeadh teacht ar fheistis agus ar sholáthairtí a choimeádtar ar Bhóthar na Páirce Láir chun a chinntiú nach mbeadh foirne na nIonad difriúil ag meascadh lena chéile. Socraíodh uaireanta oibre ionas nach mbeadh foirne ag meascadh lena chéile nuair a ghlaoitear amach chun oibre iad. D'éirigh go hiontach le bunú an dara hIonad sa mhéid is go leantar de na seirbhísí agus go laghdaítear líon na ndlúth-theagmhálaithe sa chás go dtarlaíonn cás amhrasta COVID-19.

**Seirbhísí Uisce**
Cuireadh Athruithe Caipitil i bhfeidhm i gcleachtais oibre chun a chinntiú go gcoimeádtar baill foirne sábháilte le linn phaindéim COVID-19. Leanadh ar aghaidh le príomhthionscadail bhonneagair tar éis na chéad dianghlasála. Orthu-san bhí Gléasra Cóireála Uisce Bhóthar na Laoi, Clár an Líonra Uisce, oibreacha Laghdaithe Sceite Uisce (a sháraigh an sprioc 4 mhilliún lítear in aghaidh an lae) agus oibreacha de bhun COVID-19. Tugadh oibreacha uasghrádúcháin Ghléasra Cóireála Fuíolluisce Charraig Ghrianáin chun críche leis.

**Draenáil**
Leanadh d'feidhmeanna dá leithéidí bainistiú Fuíolluisce agus dul i ngleic le Fuarlaigh sa Chathair mar ba ghnách i rith 2020, in ainneoin na paindéime, gan aon laghdú ar an tseirbhís. Ba léir an saineolas atá sa rannóg seo, go háirithe maidir le himeachtaí aimsire, in 2020. Bhí ról lárnach ag an bhfoireann maidir le tionchar na n-imeachtaí sin ar an gCathair a bhainistiú agus a laghdú. Cuireadh athruithe i gcleachtais oibre na Foirne go léir, laistigh agus lasmuigh, i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidís slán sábháilte. Chinntigh an tsolúbthacht agus an teacht aniar a léirigh gach duine gur leanadh den ghnó mar ba ghnách gan aon laghdú ar sheirbhísí.

**Uisce Tuaithe**
Is feidhm nua é seo do Chomhairle Cathrach Chorcaí tar éis teorainn na Cathrach a leathnú in 2019. Tá obair ag leanúint ar aghaidh maidir le feidhmeanna nua a thabhairt isteach dá leithéidí Deontais do Thoibreacha Tí agus d'Umair Shéarachais agus tacaíocht deontais a thabhairt do Ghrúpscéimeanna Soláthair Uisce. Léirigh an fhoireann go léir teacht aniar agus solúbthacht den scoth inti maidir le dul in oiriúint don bhealach nua oibre chun a chinntiú go ndéanfaí gach seirbhís, seirbhísí Reachtúla ina measc, a sheachadadh le linn na paindéime.



# Forbairt Inbhuanaithe

## Iarfheistiú um Éifeachtúlacht Fuinnimh

Le linn 2020, chríochnaigh an Chomhairle Cathrach oibreacha Iarfheistiúcháin um Éifeachtúlacht Fuinnimh i 156 árasán. Ba é costas iomlán na hoibre €7m. Fuarthas maoiniú i rith na bliana chun tús a chur le hoibreacha i 54 aonad eile. Chun tairbhe na hoibre athfheistiúcháin a mheas ó thaobh fuinnimh agus timpeallachta de, cuireadh córas tomhais agus tuairiscithe isteach in ocht n-árasán.

Déanfar monatóireacht ar dhálaí fuinnimh agus timpeallachta na n-áitreamh ar feadh bliana sula gcuirfear na bearta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Dhoimhin isteach. Leanfar leis an monatóireacht agus an tuairisciú ar feadh bliana ar a laghad tar éis na hoibreacha a thabhairt chun críche. Maoiníonn an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus Clár Oibríochta Réigiúnaí Thionól an Deiscirt agus leas á bhaint as cistí ERDF atá dírithe ar gheilleagar ísealcharbóin a chothú an clár Iarfheistiúcháin um Éifeachtúlacht Fuinnimh árasán.

Tá an Chomhairle ag glacadh páirte leis i dtionscadal Interreg Iarthuaisceart na hEorpa ar a dtugtar RED-WOLF a bhfuil sé mar aidhm aige astaíochtaí carbóin ó dheich n-áitreamh a laghdú le téitheoirí stórála leictreachais, painéil voltacha ghréine, cadhnraí, agus algartam a dhíríonn ar thomhaltas leictreachais muair a bhíonn cion CO2 na greille íseal.
De bhun thionscadal MiniSTor Horizon 2020 tá an chomhairle ag cabhrú leis an Ionad Idirnáisiúnta um Thaighde Fuinnimh ionas go dtaispeánfaí in aon áitreabh amháin mar is féidir le córas stórála Fuinnimh an-bheag laghdú a dhéanamh ar an gcarbón atá riachtanach chun fuinneamh a sholáthar sa bhaile.

Forbróidh an Chomhairle an gá atá ann aird a tharraingt ar a riachtanaí atá sé astaíochtaí carbóin a laghdú agus céimeanna áisiúla a

úsáid chun na laghduithe a bhaint amach, rud a chuirfear i bPlean Gnímh Réigiúnaigh in 2021. San áireamh i bplean gnímh réigiúnaigh an tionscadail Intensify beidh gníomhaíochtaí chun (a) treoir a sholáthar do thionóntaí maidir le conas is féidir leo a n-astaíochtaí carbóin a laghdú agus (b) ionad ilfhreastail a chruthú a bheidh dírithe ar úinéirí tí phríobháidigh, ar thiarnaí talún agus ar thionóntaí faoi conas is féidir éifeachtúlacht fuinnimh a dtithe a fheabhsú ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais. Tá buntáistí ag baint le héifeachtúlacht fuinnimh an stoic thithíochta a fheabhsú do na tionóntaí, ina measc torthaí sláinte níos fearr, caighdeán beatha níos fearr agus billí fuinnimh níos ísle, rud a laghdaíonn méid bochtaineachta breosla.

## Bonneagar Glas & Gorm

Mar chuid den ullmhúchán do Dhréachtphlean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028, tá an Chomhairle i mbun sraith straitéisí agus staidéir tacaíochta. Soláthraíonn gach staidéar cur chuige eolas-bhunaithe i leith na pleanála agus, nuair is féidir, léiríonn sé an cleachtas idirnáisiúnta is fearr. Is é aidhm an Staidéir ar Bhonneagar Glas agus Gorm (GBI) Chathair Chorcaí cabhrú lena chinntiú go bhfásfaidh an chathair ar bhealach a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn an líonra GBI atá ann cheana fein agus atá ag teacht chun cinn. Déanann an Staidéar seo athbhreithniú ar shócmhainní GBI Chathair Chorcaí agus déantar moltaí maidir leis an tslí is fearr is féidir an líonra seo a chosaint, a fheabhsú agus a nascadh. Sainaithnítear suíomhanna ina bhfuil gá le GBI nua ar ardchaighdeán agus leagtar amach beartais agus cuspóirí maidir le dea-phleanáil agus dearadh a thugann cosaint i gcoinne ilroinnt. Cuideoidh moltaí an staidéir le cuspóir na bPleananna maidir le Fás Dlúth Cónaithe, tionchar an duine ar an gcomhshaol a laghdú agus aistriú go cathair ísealcharbóin.

## Bailte Slachtmhara

D'oibrigh an Chomhairle Cathrach go dlúth le roinnt grúpaí Ceantar Slachtmhar/Grúpaí Forbartha áitiúla agus Cumann Pobail ar fud na Cathrach, a dhéanann cion mór, de bhun a gcuid oibre deonaí, agus iad ag feabhsú agus ag cothabháil an spáis phoiblí ina gceantair. Chuaigh COVID-19 agus na srianta a cuireadh ar ghrúpaí a theacht le chéile i bhfeidhm ar na grúpaí sin, a eagraíonn feachtais bhailithe bruscair, feachtais churtha plandaí, glantacháin agus mionoibreacha feabhsúcháin.

## Bithéagsúlacht 7 Oidhreacht

**Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí**

Rinneadh meastóireacht ar an bPlean Oidhreachta a bhí ann roimhe seo, agus anailís ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus rinneadh moltaí. Foilsíodh cáipéis ar líne don chéad bhabhta d'ullmhú dhréachtphlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chathair Chorcaí. Tá an dara babhta le bheith ar siúl in 2021.

**Scéim Deontais Foilsitheoireachta agus Oidhreachta Pobail de chuid Chathair Chorcaí**

Lean an scéim deontais seo ar aghaidh le linn shrianta COVID-19. Tacaíodh le breis agus fiche tionscadal oidhreachta pobail agus ceithre fhoilseachán oidhreachta faoin scéim deontais seo in 2020.

**An Dúlra sa Chathair - Clár Folláine an Gheimhridh**

Cuireadh roinnt foilseachán ar shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí, ina measc roinnt a bhain leis an mbithéagsúlacht dá leithéidí Nature in the City, Gardening for Biodiversity agus Saving Swifts. D'oibrigh Comhairle Cathrach Chorcaí le Líonra Dúlra Chorcaí agus le Fóram Comhshaoil Chorcaí chun sraith ranganna teagaisc ar Gharraíodóireacht don Bhithéagsúlacht agus scannán ar an Dúlra sa Chathair a chur le chéile.

**Crann Eorpach na Bliana**

Bhí Comhairle Cathrach Chorcaí páirteach i gCrann Eorpach na Bliana. Bhí Iúr na Caillí ar thalamh Chaisleán na Blarnan sa bhabhta ceannais de Chrann Eorpach na Bliana. An pobal a vótáil. Cuireadh thart ar chaoga crann is dhá chéad chrann leath-aibí liathróid-fhréimhe in 2020, i measc na saghsanna a cuireadh bhí Dair, Mailp, Beith, Feá, Guma Cumhra Meiriceánach, Silín, Teile, Sail ar fud Pháirceanna agus spásanna oscailte Chathair Chorcaí.



Oibrithe Deonacha ó Chumann Bailte Slachtmhara an Tóchair i mí an Mhárta 2021

## Bainistiú Tuillte

**Scéim Fóirithinte Tuilte na Dúghlaise (Gáitear Thóchair san áireamh)**
Is é atá i gceist le Scéim Fóirithinte Tuilte na Dúghlaise (Gáitear Thóchair san áireamh) oibreacha fóirithinte tuilte i mbailte fearainn Ard Dearg, an Bhaile Bhric, Castletreasure, na Dúghlaise agus na Gráinsí, agus thug an Bord Pleanála cead pleanála dó i mí na Samhna 2017.

**An Dúghlas**
Tá obair i gcúig cheantar mar seo a leanas i gceist le conradh oibre na Dúghlaise: Muilleann Pádraig, Páirc Phobail na Dúghlaise, Ravensdale, Coillte an Bhaile Bhric, agus suas an abhainn ó Ionad Tráchtála Dhomhnach Broc. San áireamh san obair tá ballaí nua cosanta tuilte a thógáil (codanna réamhtheilge agus coincréit threisithe), droichid reatha a atógáil, gáitéir nua choincréite treisithe, atreorú draenála agus fóntas, athghrádú bóthair, tírdhreachtú bog agus crua. McGinty & O'Shea Ltd. atá i mbun an chonartha agus tógadh an chuid is mó de na hoibreacha seo le linn 2020. Táthar ag súil go ndéanfar críochnú suntasach a cheadú sa chéad ráithe de 2021.

**An Tóchar**
Tá oibreacha an Tóchair ina dhá gconradh, Conradh Atreoruithe Seirbhísí an Tóchair agus Conradh Príomhoibreacha an Tóchair. Is é is Conradh Atreoruithe Seirbhísí ann pacáiste oibreacha áisiúcháin ar feadh bhóthar an Tóchair ar mhaithe le gáitear faoin mbóthar amach anseo. San áireamh ann tá príomhlíonra uisce 600mm ar leithead, séarach bréan, mion-phríomhlíonra uisce, líonraí difriúla teileachumarsáide agus gáis a atreorú, mar aon leis an draenáil bóthair atá ann faoi láthair a leasú. Ward & Burke Construction Ltd. a rinne an conradh seo agus críochnaíodh é i mí Lúnasa 2020.

San áireamh i bPríomhoibreacha an Tóchair tá gáitear nua 675m ar a fhad, scáthlán nua bruscair, cainéal forsceite, balla coinneála ag an asraon agus bearta draenála bóthair a thógáil. Chomh maith leis sin, san áireamh sa chonradh seo tá roinnt feabhsuithe ar an spás poiblí ar feadh Bhóthar an Tóchair agus ar an mbealach isteach chuige, ar fhaomh Comhairle Cathrach Chorcaí cead pleanála ina leith i mí an Mhárta 2020. Cuirfear an conradh seo ar tairiscint le linn na chéad ráithe de 2021 ag féachaint do chonraitheoir a cheapadh le linn Ráithe 2 de 2021. Táthaimid ag súil go dtosóidh an obair go luath i ráithe a trí de 2021 agus go dtógfaidh sé timpeall ocht mí dhéag a chríochnú.

# Cathair ag a bhfuil Meas ar a Muintir





# Sa chuid seo

Freagairt do COVID-19
An tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí
Cosaint Shibhialta
Sláinte & Sábháilteacht
Bainistiú Daoine



# Freagairt do COVID-19

Lean foireann na Comhairle Cathrach dá gcuid oibre mar ba ghnách i rith 2020 in ainneoin go raibh ar bhaill foirne obair a dhéanamh go cianda de réir threoirlínte earnála agus sláinte poiblí. Comhlíonadh gach dualgas fiú amháin nuair ba dhéine an dianghlasáil agus Halla na Cathrach dúnta ar feadh gearrthréimhse. Rinneadh athruithe ar chleachtais oibre d'fhonn freastal ar an bpobal de réir na comhairle sláinte poiblí agus cuireadh bearta i bhfeidhm ar champas Halla na Cathrach le cúnamh ónár Roinn Áiseanna (Póirtéirí, Foireann Slándála agus Foireann Glantacháin) sa Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Corparáideacha agus Caidreamh Idirnáisiúnta.

Chruthaigh paindéim COVID-19 go leor dúshlán do chách, agus thuig an Chomhairle agus an fhoireann nach raibh aon réiteach oibre amháin ann a d'oirfeadh do chách. Mar sin féin, bhíog an dúshlán an fhoireann a léirigh solúbthacht agus diongbháilteacht agus teicneolaíochtaí nua á húsáid acu chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile agus leibhéal seasmhach seirbhíse a sholáthar don phobal. Ba thábhachtach é nach mbraithfeadh daoine go raibh siad scoite amach nó fágtha ar an imeall. D'athraigh an rud a raibh bhaill an phobail ag súil leis sa mhéid is go raibh go leor daoine srianta dá dtithe agus go raibh freagra agus réiteach ar a gcuid fiosruithe agus iarratas seirbhíse ag teastáil uathu. Thug sé sin dúshlán na Comhairle Cathrach agus sinn ag athrú na slí a chuireamar na seirbhísí sin ar fáil le linn phaindéim COVID 19 tráth ar cuireadh cianobair ar bun de réir threorlínte na hearnála agus treoracha sláinte poiblí.

Is é an toradh a bhí air seo gur forbraíodh scileanna agus cumais nua maidir leis an tslí a dhéanaimid ár gcuid oibre agus a chuirimid seirbhísí ar fáil. Tionóladh Cruinnithe Foirne go rialta agus teacht le chéile fíorúil ar Microsoft Teams ionas go mbeadh an fhoireann i dteagmháil lena chéile go rialta agus chun misneach na foirne a chothú. Is iontach go deo é an tsolúbthacht, an díograis, an nuálaíocht agus an teacht aniar a léiríonn an fhoireann ar fud na cathrach.

Bhain an fhoireann ardbhainistíochta úsáid as réiteach bulcthéacs chun cumarsáid a dhéanamh le foireann na Comhairle agus iad a choimeád ar an eolas faoi COVID-19. Ag deireadh 2020, bhí níos mó ná 1,030 gléas móibíleach á n-úsáid ar fud na Comhairle Cathrach, ina measc gutháin, táibléid, SIManna teiliméadrachta, agus móideimí.

Bhí dúshláin ann in 2020 nach bhfacthas a leithéid roimhe sin mar gheall ar phaindéim COVID-19, rud a d'fhág nár mhór roinnt príomhthionscadal athrúcháin a sheachadadh faoi dhlús. D'fhéach Roinn ITC na Comhairle Cathrach ar gach deis chun na seirbhísí digiteacha agus ar líne a chuirtear ar fáil don eagraíocht inmheánach ghnó a chothabháil agus a fheabhsú chomh maith leis na cinn do ghnólachtaí agus do shaoránaigh na cathrach lena n-áirítear tacaíocht do dheich n-ionad nua, trí leabharlann agus oifigí nua ceantair sa Bhlarna, i nGleann Maghair, i mBaile an Chollaigh agus sa Dúghlas a fhreastalaíonn ar 85,000 custaiméir breise. Ba é toradh na bhforbairtí sin go bhfuarthas go leor tacar sonraí, córas ICT agus seirbhísí ar bord ar fud na réimsí gnó. Cumraíodh cúinsí deisce agus feidhmchláir chun a chinntiú go bhféadfaí teacht ar phríomhfheidhmchláir ghnó atá in úsáid ar fud na heagraíochta agus próisis ghnó a chothabháil. Bhí cur chuige dé-ghné ann chun go mbeadh teacht ag an bhfoireann ar líonra agus ar chórais na Comhairle agus níor mhór ríomhairí glúine corparáideacha agus rochtain VPN a chur ar fáil mar aon le Timpeallacht Fhíorúil Deisce a bhunú. Le himeacht aimsire, cuireadh bealaí nua agus nuálacha chun tacú le seachadadh seirbhísí ar fud gach réimhse den eagraíocht ar bun.

Bhí an tionscnamh Freagartha Pobail ríthábhachtach agus an Chomhairle ag tacú le háitritheoirí, go háirithe daoine agus teaghlaigh leochaileacha. Cuireadh réiteach néal-ionad glaonna ar bun lenarbh fhéidir an tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí a óstáil agus a bhainistiú, idir lasmuigh d'uaireanta oibre agus le linn an deireadh seachtaine. Cuireadh tacaíocht GIS ar fáil don tionscnamh chun a chinntiú go raibh léargas ar na réimsí tacaíochta trí dhaischlár ar a raibh eolas faoi na glaonna, faoi réimsí freagrachta agus faoi na hacmhainní a bhí de dhíth.

**Bhí an tionscnamh Freagartha Pobail ríthábhachtach agus an Chomhairle ag tacú le háitritheoirí, go háirithe daoine agus teaghlaigh leochaileacha.**

Bhí géarghá le cumarsáid éifeachtach i rith chéim thosaigh na feagartha pobail. Bhí ról lárnach ag Microsoft Teams maidir lena chinntiú go bhféadfadh ranna, stiúrthóireachtaí, foirne tionscadail agus próisis ghnó feidhmiú go héifeachtach. Cuireadh leis sin chun tacú le sainordú daonlathach na comhairle; ar an gcéad dul síos reáchtáladh seisiúin eolais do chomhairleoirí agus do chruinnithe na comhairle iomláine, an Choiste Ceantair Áitiúil agus an Choiste um Beartais Straitéiseacha ina dhiaidh sin. Ach ar baineadh úsáid as na feidhmchláir sin, ar baineadh an leas ab fhearr as an ailtireacht ba bhonn leo agus ar tugadh aghaidh ar cheisteanna slándála, bhíothas in ann breis is 20,000 cruinniú a reáchtáil sa tréimhse agus craoladh cuid díobh sin don phobal i gcoitinne. Úsáideadh an teicneolaíocht sin leis chun a chinntiú gur comhlíonadh go héifeachtach na príomh-nithe insoláthartha corparáideacha dá leithéidí an Plean Forbartha Cathrach a chur le chéile, agus riachtanas an chomhairliúcháin phoiblí.

Ach a raibh srian le dul isteach in oifigí poiblí níor mhór leas a bhaint as modhanna nua chun go bhféadfadh an chomhairle leanúint dá gnó. Cuireadh foirmeacha ar líne ar fáil ar shuíomh idirlín na comhairle, lenarbh fhéidir breis agus 30,000 iarratas agus íocaíocht a phróiseáil, agus úsáid á baint as Bogearraí solúbtha néal-bhunaithe mar réiteach Seirbhíse agus mar chainéal nua íocaíochta. Bhí idir Cheadanna Páirceála agus Deontais Phobail i gceist leis na foirmeacha agus na hiarratais sin. Gné mhór d'fhoirmeacha áirithe a chur ar fáil ba ea rannpháirtíocht leis an bpobal. Cuir i gcás, chabhraigh tógálaithe ar an láthair a bhain úsáid as gléasanna móibíleacha le foirmeacha a chur le chéile, dá leithéidí iarratais ar cheadúnas scafallra agus clárlaigh. Rinneadh athruithe nach beag ar phróisis ghnó, ar rialachas agus ar riachtanais chomhréitigh.
Bhí ról lárnach ag tacar suíomhanna idirlín

na Comhairle lena chinntiú go bhféadfadh tionscnaimh phobail agus imeachtaí poiblí leanúint ar aghaidh i rith na bliana. Cuireadh suíomhanna nua le chéile don tSeachtain Oidhreachta, don Oíche Chultúir agus don Chomóradh Céad Bliain ar bhain go leor ábhar físe agus idirghníomhach leo.

Bunaíodh réiteach nua néalbhunaithe Bainistithe Eolais Éigeandála ar fud an réigiúin le hionchur suntasach sa dearadh agus sa tástáil ón gComhairle Cathrach, chun tacú leis an oifig Idirghníomhaireachta um Bainistiú Móréigeandála. Feabhsaíodh Cork City Now, feidhmchlár foláirimh agus teachtaireachtaí na comhairle agus cuireadh feidhmeanna nua leis. Baineadh úsáid as sin go forleathan.

Tugadh nach mór 300 ríomhaire glúine don fhoireann in 2020. Leanfar de ríomhairí glúine agus tacaíocht bhreise don chianobair a thabhairt don fhoireann in 2021.

Cé gur bhliain dhúshlánach í 2020, feictear ar fud na tuarascálacha bliantúla seo eiseamláirí den tslí a sháraigh an Chomhairle Cathrach na dúshláin sin. Leanfaidh an Chomhairle Cathrach ar aghaidh ag obair leis an bpobal chun leanúnachas caighdeáin a chinntiú inár seachadadh seirbhíse agus chun freagairt do riachtanais na ndaoine sin a bhfónaimid orthu.

## Feidhmchláir Chorparáideacha 7 Leanúnachas Gnó

**Tacaíonn an fhoireann seo le breis is 150 córas, 800 úsáideoir ag a bhfuil riachtanais a eascraíonn as stiúrthóireachtaí inmheánacha gnó, áitritheoirí, agus gnólachtaí na cathrach. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích in 2020 bhí:**


- An Deontas Atosaithe Gnó agus Restart Plus ar ghá feidhmchlár a chur le chéile a chuimseodh an t-iarratas, an faomhadh, an íocaíocht deiridh, agus sceideal ama comhdhlúite
- Cuireadh cláir Bhainistithe Leictreonaigh Eolais um MEM le chéile agus baineadh triail astu.
- Fiosraíodh Áirithintí agus íocaíochtaí ar líne don tSaotharlann Saolré
- Rinneadh Staidéar Féidearthachta i ndáil le hathrú go córas Airgeadais Agresso agus córais Phleanála APAS
- Baineadh triail as daischlár Power BI
- Cuireadh iarratas iHouse an DEASP i bhfeidhm, rud a chiallaíonn go raibh Comhairle Cathrach Chorcaí ar an gcéad Údarás Áitiúil a chuir a leithéid ar fáil
- Cuireadh IREG nua agus nuashonraithe i bhfeidhm
- Tá clár oibre ar siúl chun roinnt feidhmchlár gnó a thabhairt cothrom le dáta agus a bhogadh ó bhonneagar atá ag deireadh a shaolré. Tá 7 bhfeidhmchlár Gnó ar fud na Stiúrthóireachtaí uile i gceist mar aon le 12 fhreastalaí a uasghrádú
- Tugadh tacaíocht do rannpháirtíocht i dtionscadail AE a fhéachann le heifeachtúlacht fuinnimh a ghabháil agus a thomhas ach úsáid a bhaint as réitigh theicneolaíochta agus feabhsaíodh i rith na bliana iad, ina measc an tionscadal MiniStor

## Leanúnachas Gnó


Ach ar cuireadh Measúnacht Tionchair Ghnó (BIA) le chéile a thugann tosaíocht do chórais ICT ar fud gach réimse Gnó, d'fhaomh na Stiúrthóireachtaí measúnacht Chorparáideach a gcóras d'fhonn cabhrú le pleanáil teagmhais. Tá mórphlean ICT um Theacht Aniar ó Thubaiste ina dhréachtleagan faoi láthair agus táthar ag dréim lena chríochnú i dtosach 2021 faoi réir tástála teicniúla. Cuireadh réiteach cúltaca nua i bhfeidhm i Halla na Cathrach mar aon le hathchumrú an réitigh mhacasamhlaithe go CIX.

## An tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí

**Is é an tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí (CSU) an chéad phointe teagmhála le Comhairle Cathrach Chorcaí. In 2020, láimhseáil CSU beagnach 160,000 glao gutháin. Lean ICT ar aghaidh in 2020 ag cur le hacmhainneacht an Aonaid um Sheirbhísí do Chustaiméirí mar a logálann 6 oibreoir glaonna ar Microsoft CRM. Rinneadh an méid seo a leanas in 2020:**




## Glaonna a fuarthas ar Líne Chabhrach Glaonna Pobail Chathair Chorcaí in 2020




## Glaonna a fuair an tAonad um Sheirbhís do Chustaiméirí in 2020

- Bunaíodh líne chabhrach freagartha pobail agus leas á baint as an mbonneagar CSU a bhí ann cheana. Cuireadh leis an bhfeidhmiúlacht ionas gurbh fhéidir iarratais seirbhíse freagartha pobail COVID-19 a ghabháil agus a bhainistiú.
- Cruthaíodh painéal GIS, a thugtar cothrom le dáta go dinimiciúil, a nascann sonraí freagartha pobail CRM le painéal físe ar líne.
- Bunaíodh logáil CSU lasmuigh d'uaireanta oibre chun an fhreagairt phobail a ghabháil, arb é a d'eascair as sin néal-réiteach Vodafone de chuid ICT. Tugadh tacaíocht dó sin agus coinníodh é in éineacht le tacaíocht ghnáthoibre CRM do CSU agus don eagraíocht, arbh ionann é sin agus um 800 glao in aghaidh an lae ar an CSU agus tionscadail Shraith 1 ar threochlár CRM a sheachadadh.
- An timpeallacht ar-láthair CRM a aistriú chuig timpeallacht néalbhunaithe Dynamics 365. Cuirfidh sé seo le cumas na heagraíochta réitigh soghluaiste agus chianda a úsáid go sábháilte trí ghaireas áit ar bith áit ar bith.
- Déanfar forbairt tairisigh do rannpháirtíocht saoránach leis an Aonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí i gComhairle Cathrach Chorcaí a fhorbairt ar leagan nua néill Thairiseach CRM na comhairle cathrach i dtosach 2021.

Idir Aibreán agus Meitheamh d'fhreagair an CSU 1,374 glao breise ar an meán in aghaidh na míosa ar líne chabhrach COVID-19. Bhí éagsúlacht ag baint leis na glaonna seo idir iarratais ar bhia, ar earraí riachtanacha tí, ar chógais agus ar bhreosla a bhailiú agus a sheachadadh, agus iarratais ar thacaíochtaí aonrúcháin shóisialta, ar sheachadtaí béilí ar rothaí, agus riachtanais eile a bhain le gardaí nó le cúrsaí leighis. Bhí gníomhairí CSU i dteagmháil go laethúil le comhordaitheoirí cheantair Pobail chun freagraí ar gach glaoiteoir a chinntiú.

## Cosaint Shibhialta

Tá 81 ball ag Cosaint Shibhialta Chathair Chorcaí. Chuaigh COVID-19 i gcion ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa toisc gur cuireadh go leor imeachtaí mórshlua ar ceal in 2020.




Chuir siad cúnamh ar fáil do chlinicí Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann i rith na paindéime. Thacaigh siad chomh maith leis an Oifig Idirghníomhaireachta um Bainistiú Éigeandála agus na céimeanna tosaigh de COVID-19 á gcomhordú.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Ghlac Sláinte agus Sábháilteacht páirt i Seachtain Sábháilteachta na hEorpa i mí Dheireadh Fómhair 2020, agus fuair Comhairle Cathrach Chorcaí Teastas as páirt a ghlacadh i Seachtain Sábháilteachta na hEorpa gach bliain. Ba é téama na bliana seo Healthy Workplaces Lighten The Load.

Is é is aidhm leis an gclár imeachtaí agus gníomhartha ná aird a tharraingt ar an tsaincheist sláinte is práinní a bhaineann le hobair, agus an timpeallacht oibre is fearr is féidir a chinntiú do shláinte agus d'fholláine an fhórsa saothair, agus ar dhualgas gach fostóra.

In ainneoin na reachtaíochta agus na dtionscnamh atá dírithe ar neamhoird mhatánchnámharlaigh (MSDanna) a chosc, tá MSDanna ar thriúr as gach cúigear oibrithe laistigh den AE, agus tá an neamhord ar an ngearán sláinte is coitianta a bhaineann le hobair san Eoraip, rud a théann i bhfeidhm ar oibrithe i ngach post agus earnáil.

Tá gluaiseachtaí atriallacha, suí ar feadh tréimhsí fada agus earraí troma a ardú ar chuid de na cúinsí riosca a ghéaraíonn na reachta seo, a chuireann isteach ar na matáin, na hailt, na teannáin, agus na cnámha. Is léir an tionchar diúltach a bhíonn acu ar chaighdeán beatha oibrithe.

Tá sé phríomhchuspóir ag an bhfeachtas a chomhordaíonn lárionaid náisiúnta sláinte agus sábháilteachta de chuid EU-OSHA, comhpháirtithe oifigiúla feachtais, comhpháirtithe meán agus an Líonra Fionar Eorpach:

- Aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le MSDanna a chosc ach fíricí agus figiúirí a sholáthar maidir le nochtadh do MSDanna agus a dtionchar ar dhaoine aonair, ar ghnólachtaí agus ar an tsochaí
- Measúnú riosca agus bainistíocht réamhghníomhach ar MSDanna a chothú ach teacht ar uirlisí ábhartha, ar threoir, agus ar ábhair thacaíochta closamhairc agus eile a chur ar fáil
- A léiriú gur saincheist do gach duine iad MSDanna ach gur féidir dul i ngleic leo
- Eolas ar fhachtóirí riosca nua agus rioscaí MSD atá ag teacht chun cinn a fheabhsú
- An tábhacht a bhaineann le tacú le hoibrithe le MSDanna ainsealacha a thabhairt isteach arís san ionad oibre agus fanacht ann, agus an tslí is féidir é sin a bhaint amach a léiriú
- Comhoibriú éifeachtach a spreagadh ach geallsealbhóirí éagsúla a thabhairt le chéile agus áisitheoireacht a dhéanamh do mhalartú eolais agus dea-chleachtais

Cuireadh na chéad srianta i bhfeidhm in ionaid oibre CCC i mí an Mhárta 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19. Chaith fostaithe seachtainí ag obair go cianda agus nuair a maolaíodh na srianta cheadaigh an Rialtas dóibh filleadh ar an obair.

Maidir le gníomhaíochtaí oibre Chomhairle Cathrach Chorcaí a gearradh siar go sealadach nó ar mheas an Rialtas nár sheirbhísí riachtanacha iad, ceadaíodh dóibh tosú arís le himeacht ama ar an gcoinníoll go ndéanfaí gach gníomhaíocht oibre de réir Bhearta Rialaithe COVID-19. Sula ndearnadh é sin, d'fhorbair Sláinte agus Sábháilteacht sraith Measúnuithe Riosca do Ghníomhaíochtaí Oibre Chomhairle Cathrach Chorcaí le linn Phaindéim COVID-19 agus thug siad isteach, dá réir sin, bearta chun cur i bhfeidhm céimnithe gníomhaíochtaí oibre a éascú ar bhealach rialaithe agus córasach d'fhonn a chinntiú go raibh an chomhairle ag comhlíonadh a dualgas reachtúil cúraim d'fhostaithe de réir Chuid 2 d'Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 agus d'fhonn a chinntiú, chomh maith, go gcosnófaí oibrithe agus ar an gcaoi sin an riosca go scaipfeadh an t-ionfhabhtú a íoslaghdú. Thug na Measúnuithe Riosca seo bearta comhsheasmhacha isteach ar fud ghníomhaíochtaí oibre Chomhairle Cathrach Chorcaí de réir mholtaí an Rialtais maidir le scaradh fisiciúil agus cinntíonn sé chomh maith go ndéanann fostaithe gach iarracht déanamh dá réir.

## Bainistiú Daoine

Bhí tionchar nach beag ag COVID-19 ar mhúnlú oibre Chomhairle Cathrach Chorcaí i rith 2020 agus cinntigh solúbthacht agus nuálaíocht na foirne go raibh foireann na Comhairle ar fáil chun cabhrú leis an bhfreagairt ar an bpaindéim agus iad ag leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha do mhuintir na cathrach.

Mar fhostóir ghníomhaigh an Chomhairle chun sábháilteacht agus folláine na bhfostaithe a chinntiú ach beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tionchar COVID-19 a íoslaghdú. Cuireadh go mór le soláthar tacaíochta d'fhoireann agus do bhainisteoirí líne ach ar cuireadh líne thacaíochta faoi leith COVID-19, soláthar acmhainní ar líne agus seimineáir ghréasáin ar fáil don fhoireann chomh maith le teachtaireachtaí rialta ón bPríomhfheidhmeannach chuig guthán póca gach fostaí. Baineadh úsáid éifeachtach as próiseas comhpháirtíochta na comhairle chun tacú le cumarsáid déthreo a chothú maidir le seachadadh seirbhíse agus cúinsí sláinte agus sábháilteachta le linn ghéarchéim COVID-19.
Ach ar tugadh srianta Leibhéal 5 isteach, ceanglaíodh ar fhostaithe na comhairle obair a dhéanamh ón mbaile, ar bhain go leor acu úsáid as a gcuid acmhainní féin chun seachadadh seirbhíse a choinneáil. D'eagraigh an Stiúrthóireacht um Dhaoine agus Forbairt Eagraíochtúil athlonnú breis is 150 ball foirne as foireann iomlán na Comhairle chuig Clár na Maor Páirce um Scaradh Sóisialta, rud a chinntigh go bhféadfadh daoine leas a bhaint as páirceanna, limistéir áineasa agus siúlóidí taitneamhachta na Cathrach ar bhealach sábháilte. Ina theannta sin, athlonnaíodh fiche ball foirne ar iarratas ó Fheidhmeanacht na Seirbhísí Sláinte (FSS).

Chuaigh an Chomhairle Cathrach i gcomhpháirtíocht le FSS agus le Cumann Ailse na hÉireann chun SunSmart a sheachadadh, arbh é a bhí ann feachtas píolótach chun aird a tharraingt ar ailse craicinn a chosc i measc oibrithe lasmuigh. Is é ailse craicinn an ailse is coitianta in Éirinn agus breis is 11,000 cás á ndiagnóisiú gach bliain, agus bíonn oibrithe a oibríonn lasmuigh nochtaithe do radaíocht UV idir 5-10 n-uaire níos mó ná oibrithe faoi dhíon.

Rinne an Stiúrthóireacht um Dhaoine agus Forbairt Eagraíochtúil, le cúnamh an Aonaid Feabhsaithe Seirbhíse Próisis Ghnó sa rannán Gnóthaí Corparáideacha & Caidreamh Idirnáisiúnta, próisis a athdhearadh go mór. Bogadh an próiseas earcaíochta ar líne ar fad agus baineadh úsáid as agallaimh ar líne, as cáipéisíocht leictreonach seachas páipéir do bhoird agallaimh agus cuireadh treoirlínte le chéile d'iarrthóirí a bheadh ag freastal ar agallaimh ar líne. Roinneadh ár dtaithí ar na hathruithe sin a chur i bhfeidhm le húdaráis áitiúla eile san earnáil mar eiseamláir den chleachtas is fearr.




# Cathair a Chothaíonn Cultúr, Oidhreacht Foghlaim, Sláine 7 Folláine




## Sa chuid seo

Páirceanna 7 Áineas
Oidhreacht, Ealaíon 7 Cultúr
Seirbhísí Éigeandála
Leabharlanna
Cathair Foghlama
Cathair a Thuigeann Tráma
Forbairt Spóirt



# SPÁS

## Páirceanna 7 Áineas

### Páirc na Muiríne, Céim 1

Cuireadh tús le Céim 1 de Thionscadal Pháirc na Muiríne (€9m) a thógáil. Leis sin forbrófar fearann páirce nua i Lár na Cathrach a shíneann ó Chlub Bád an tSeandúin soir i dtreo Pháirc Uí Chaoimh. Tógadh carrchlós nua 250 aonad cheana féin agus tá sé ar oscailt don phobal agus ag freastal ar an líon ollmhór tráchta a bhí ann linn phaindéim COVID-19.

### Reiligí

Cuireadh uaigeanna nua breise ar fáil i Reilig Naomh Caitríona. Leagadh balla teorann a bhí lochtach, agus tógadh balla nua coinneála i Reilig Naomh Seosamh. Leanadh leis an obair i ngach ceann de thrí reilig déag na Comhairle Cathrach agus cuireadh bearta teagmhasacha i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19.

### Oibreacha Caipitil Eile

Tógadh cosáin choincréite agus oibreacha nua draenála i bPáirc Gerry O'Sullivan, Páirc na hEaglaise. Rinneadh obair dheisiúcháin ar Mhachaire Gailf Mhachan.

### Plandaí a Chur

Athrú ó phlandaí seasúracha a chur go bláthanna atá níos bithéagsúla a chur agus níos mó limistéar móinéir a bheith i bpáirceanna poiblí na cathrach. Plandaí a chur i Limistéir Itheacháin Allamuigh i Lár na Cathrach faoin bPacáiste Spreagaidh le ceapóga crann agus tor.

### Páirceanna agus Clóis Súgartha a Chothabháil

Scrúduithe cothabhála ar chlóis súgartha, féar a bhaint, bruscar a bhailiú agus boscaí bruscair a fholmhú ar fud na bPáirceanna agus na siúlóidí go léir gach lá.




## Piocadh Bruscair/Diúscairt Mhídhleathach:

Chuaigh criúnna na bPáirceanna i ngleic le diúscairt mhídhleathach ar fhaichí agus ar spásanna oscailte.

## Maoir Páirce um Scaradh Sóisialta

Tugadh Scéim Maor Páirce um Scaradh Sóisialta isteach, i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um Dhaoine agus Forbairt Eagraíochtúil ar fud na bPáirceanna agus na siúlóidí, d'fhonn an scaradh sóisialta a spreagadh. D'éirigh go hiontach leis an Scéim, a raibh 150 ball foirne as gach cuid den Chomhairle Cathrach páirteach ann, agus bronnadh Gradam Rannpháirtíochta Poiblí de chuid Chambers Ireland uirthi ina dhiaidh sin.

## Crainn a Chur agus a Chothabháil

Cuireadh crainn ar fud na Cathrach. Rinneadh obair a raibh géarghá léi ar chrainn.


*Dul chun cinn le tógáil Pháirc na Muiríne*




## Oidhreacht, Ealaíon 7 Cultúr

Chuaigh COVID-19 i bhfeidhm go mór ar earnáil na nEalaíon agus na nImeachtaí in 2020. Ina ainneoin sin, leanadh de gach maoiniú ón Oifig Ealaíon. Leanadh ar aghaidh le formhór na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí a raibh maoiniú deontais acu in 2020, cé gur cuireadh in oiriúint do shrianta COVID-19 iad. Ba é freagairt na hearnála ná clár athshamhaithe agus seachadadh hibrideach imeachtaí fisiciúla agus ar líne faoi réir shrianta COVID-19. Ina theannta sin, thug an Oifig Ealaíon faoi thionscnaimh bhreise mar fhreagairt ar COVID-19, ina measc an Glao Cruthaitheach ar Leanaí a bhainistiú le hOifig an Ard-Mhéara (Féach Cruinniú na nÓg) agus Soláthar Ealaíne do 235 duine faoi 18 mbliana d'aois in Ionaid Soláthair Dhírigh a chomhordú mar chuid de Chathair Thearmainn Chorcaí.

## Bealach Treodóireachta Uirbí

Reáchtáladh comórtas don chéad Bhealach Treodóireachta Uirbí trí Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta an tSeandúin. Tá cúig sheicphointe a dhear bhaill an phobail ar feadh an bhealaigh agus spreag sé rannpháirtithe chun dul i dtiúin leis an oidhreacht ailtireachta ar bhealach atá sláintiúil agus spraíúil. Bhí léarscáil agus leideanna le híoslódáil chun cabhrú le daoine a mbealach a dhéanamh trí shráideanna an tSeandúin (Limistéar Caomhnaithe Ailtireachta). Agus iad ag taiscéaladh ar feadh an bhealaigh, shiúil rannpháirtithe leo trí shráideanna agus trí lánaí stairiúla mar a bhfuil gnéithe atá ann leis na céadta bliain. Bhí scéalta ann faoi na daoine a bhí ina gcónaí agus ag obair sa Seandún tráth dá raibh.

Is é aidhm an bhealaigh treodóireachta aird a tharraingt ar limistéir chaomhantais ailtireachta sa chathair agus iad a cheiliúradh. Tarraingeoidh an bealach aird ar ghnéithe iontacha ailtireachta atá le feiceáil ar éadain siopaí, tithe agus fhoirgnimh na cathrach, dá leithéidí ráillí iarainn saoirsithe, fuinneoga saise, snoíodóireacht chloiche chasta, fuineoga fardhorais agus a thuilleadh nach iad, cuid acu atá na céadta bliain d'aois.




## Siúlóidí Chathair Chorcaí

Tá lár na cathrach mós beag i gCorcaigh, rud a chiallaíonn gur féidir é a shiúl go furasta. Tá cultúr agus stair nach beag le tabhairt faoi deara i gCorcaigh leis. Dhearamar trí shiúlóid ghairide d'fhonn daoine a spreagadh chun taitneamh a bhaint as níos mó dár gcathair - Siúlóid Ealaíne Sráide Chorcaí, Siúlóid Mhíle an tSeandúin agus, Siúlóid an Pharóiste Theas.

Dearadh Siúlóid Ealaíne Sráide Chorcaí chun aird a tharraingt ar chuid den ealaín sráide atá le feiceáil ar fud na cathrach. Tugann Siúlóid Mhíle an tSeandúin ar shiúlóid thú ar fud ceann de na háiteanna is stairiúla agus is spéisiúla dár gcathair, áit a bhfuil go leor leor áiteanna le taitneamh a bhaint astu agus dul ag fánaíocht iontu. Ar Shiúlóid an Pharóiste Theas is féidir Ardeaglais Naomh Fionnbarra, Dún Eilíse, uaigh Nano Nagle i gClochar na Toirbheartha Theas agus an Mhainistir Rua a fheiceáil.




*Múrmhaisiú Ardú*

## Lá Oscailte Oidhreachta Chorcaí

Aistríodh an imeacht ar líne agus bhí an-tóir air agus tugadh beagnach trí mhíle cuairt ar an suíomh idirlín i rith sheachtain na hoidhreachta; thug 1,338 duine cuairt ar an suíomh idirlín an 15 Lúnasa 2020 (Lá Oscailte Oidhreachta Chorcaí). Chonaic 55,960 duine postálacha Facebook, féachadh ar tvuíteanna 120,570 babhta agus chonaic 10,479 duine postálacha Instagram. Rinneadh clúdach nach beag ar líne, ar raidió agus sna meáin chlóite, idir go háitiúil agus go náisiúnta.

## Tionscnamh Ealaíne Sráide Ardú

Rinne Ardú Chorcaí, a mhaoiníonn Comhairle Cathrach Chorcaí le tacaíocht ó Éire Ildána, seacht múrmhaisiú a chruthaigh ealaíontóirí sráide cáiliúla mar fhreagairt ar théama a spreag Dó Chorcaí 1920. Phéinteáil na healaíontóirí Shane O'Driscoll, Deirdre Breen, Maser, James Earley, Peter Martin, Garreth Joyce agus Aches na múrphictiúirí le linn Dheireadh Fómhair 2020 i suíomhanna tábhachtacha i Lár na Cathrach. Ón gcéad seachtain de mhí na Nollaig 2020, chuir Ardú, le tacaíocht ó Fáilte Éireann, dhá shaghas turais ar fáil saor in aisce don phobal i rith na Nollag. Ba iad sin turas treoraithe siúil um na seacht suíomh ina raibh Ealaín Sráide Ardú, arbh iad na healaíontóirí agus lucht eagraithe a bhí ina bhun, agus turas féintreoraithe fuaime a d'fhéadfaí a dhéanamh ón suíomh idirlín.



**1,054**

**Dóiteán**

**896**

**Seirbhís Speisialta**

**217**

**Céad-Fhreagróir Cairdiach**

**55**

**Bréag-rabhadh**

## Seirbhísí Éigeandála

Lean Rialú Foirgneamh agus Dóiteáin Chathair Chorcaí ar aghaidh lena sheirbhísí a sheachadadh i rith bhliain 2020 na paindéime. D'fhreagair an Bhriogáid Oibríochta 2,727 glao. Orthu-san bhí Dóiteáin, timpístí Bóthair, Tuile agus Tarrthálacha Abhann. Leanamar ar aghaidh i rith 2020 lenár gcomhoibriú leis an tSeirbhís Sláinte agus d'fhreastalaíomar ar bhreis agus dhá chéad eachtra cairdiach.

Ach ar cuireadh Stáisiún Dóiteáin Bhaile an Chollaigh le Briogáid Dóiteáin Chathair Chorcaí tar éis leathnú na teorann, cuireadh lenár bhfreagairt sa cheantar nua-leathnaithe.

Chuireamar feachtas earcaíochta ar bun in 2020, an chéad cheann le roinnt blianta, do mhúchtóirí dóiteáin lánaimseartha agus do mhúchtóirí dóiteáin céad-uaire ar coinneáil.
Bhí fócas na bhfeachtas sin ar an tábhacht a bhaineann le bheith mar chuid den phobal agus éagsúlacht a spreagadh. Táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh na baill foirne nua sin in 2021.






## Leabharlanna

Mar gheall ar éigeandáil COVID-19, dúnadh na leabharlanna don phobal an 12 Márta 2020 ach a bhfuarthas treoir ón Rialtas Láir. Den chéad uair le beagnach céad bliain, ó na blianta tar éis d'Fhórsaí na Corónach Leabharlann Shaor Carnegie a scrios i 1920, níor tugadh cuairt ar leabharlanna na cathracha. Lean sé seo ar aghaidh i rith na bliana cé gur athosclaíodh ar feadh tréimhsí gairide iad agus gur cuireadh seirbhísí teoranta ar fáil agus leibhéil éagsúla srianta agus glasála á gcur i bhfeidhm.

Cé gur dúnadh na leabharlanna, bhí díograis na foirne don phobal an-láidir i gcónaí agus chuaigh go leor ball foirne i mbun rianú teagmhála, dhualgais FSS, Friendly Call, freagairt Phobail agus Maoirseacht Páirce. Chinntigh an fhoireann gurbh é an tSeirbhís Ghafa sa Teach againne an chéad cheann in Éirinn a leathnaíodh chuig na daoine sin a bhí ag clutharú agus ba mhór an fháilte a cuireadh roimh na leabhair a seachadadh ar thithe. Cheap baill foirne tionscnaimh chruthaitheacha chun go mbeadh daoine rannpháirteach ar líne. Forbraíodh iad sin agus is toradh dearfach ar 2020 iad.

Chomhoibrigh Leabharlanna Cathrach Chorcaí le go leor eagraíochtaí chun seirbhísí nuálacha a thabhairt don phobal. Cuireadh gléasanna táibléid ar fáil d'fheachtas #WhoIMiss Fhondúireacht COPE Chorcaí chun cabhrú le háitritheoirí teagmháil a choimeád lena muintir le linn éigeandáil COVID-19.

Tugadh printéirí 3-T ar iasacht do BenchSpace.

Chuir comhoibriú le Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí ar chumas daoine taitneamh a bhaint as pictiúrlann chultúir ó gach cearn den Eoraip agus iad sa bhaile trínár seirbhís ar líne.

Chuir scoileanna DEIS leabhair ar fáil mar chuid de na beartáin bhia a tugadh chuig tithe agus d'oibrigh na leabharlanna le hAonad Freagartha Pobail Chomhairle Cathrach Chorcaí, go háirithe i mí na Bealtaine agus i mí na Nollag agus dáileadh nuachtlitreacha ar gach pobal tríd an aonad.

Reáchtáil Seachtain na hOidhreachta agus Féile Leabhar na Leanaí cláir ar líne ar éirigh go hiontsach leo, rinneadh Lá Náisiúnta Súgartha a cheiliúradh faoin aer ar Shráid an Chapaill Bhuí, agus thug an Oíche Chultúir litríocht amach ar shráideanna na Cathrach le Words on Windows, comhoibriú le The Glucksman, UCC, ag léirigh saothar ealaíne le déagóirí i Soláthar Díreach ar éadan Leabharlann na Cathrach.

Foilsíodh Homeless Moments i rith na bliana i gcomhar le FOCUS Ireland, ar chuid den bhFéile GLOW é agus bhí sé le feiceáil ar Nationwide.

Lean tionscadail na leabharlann d'Éire Ildána ar aghaidh agus foilsíodh díolaim iontach scríbhneoireachta Chorcaí dar teideal CorkWords.

Bhí an scríbhneoir áitiúil Tadhg Coakley rannpháirteach leis an bpobal ar líne tríd an gclár One City One Book. In 2020 leis ceapadh an chéad Scríbhneoir Cónaithe riamh le Leabharlanna Cathrach Chorcaí.

Lean sraith imeachtaí comórtha Chorcaigh 2020 ar aghaidh in ainneoin srianta. Ar an gclár bhí trí thaispeántas fhíorúla;

- No Longer Forgotten: Cork Women of the Revolution
- Cork: A City Burned- A City Reborn
- A library Burned - A Library Reborn

Taifeadadh CD dar teideal 1920, A City in Flames agus foilsíodh dhá leabhar chomh maith: The Forgotten Lord Mayor agus Nine Survivors chomh maith le féilire comórtha de ghrianghraif bhunaidh a tógadh ag an am.

Ach ar éirigh linn deontas caipitil a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail bhí ar ár gcumas obair chothabhála riachtanach a dhéanamh i Leabharlann na Cathrach. Deisíodh an díon agus cuireadh gloine ann, agus péinteáladh an Roinn Iasachtaí den chéad uair le breis agus 30 bliain.

Ba mhór an éacht é gur athosclaíodh Leabharlann athchóirithe na Dúghlaise, in ainneoin srianta agus na dianghlasála, an 18 Nollaig 2020. Bhí an leabharlann dúnta mar gheall ar dhóiteán san ionad siopadóireachta ó Lúnasa 2019. Bronnadh an % Coimisiún Ealaíne don leabharlann seo ar bheirt ealaíontóirí áitiúla teicstíle.

In 2020 foilsíodh Plean Straitéiseach Leabharlanna Chomhairle Cathrach Chorcaí 2020-2024. Cuireann an plean cúig bliana an fhoghlaim, an chruthaitheacht agus an uilechuimsitheacht i gcroílár na bpobal. Bainfidh foireann sheasmhach agus sholúbtha gníomhartha agus cuspóirí an phlean sin amach, an fhoireann chéanna a thug Leabharlanna Cathrach Chorcaí trí dhúshláin COVID-19 in 2020. Tá an tseirbhís leabharlainne ag tnúth le fáilte isteach an doras a chur roimh ár bpobail arís.

**180**

**Laethanta ar Oscailt* in 2020**
*270 lá ar oscailt in 2019*
** laethanta Glaoigh agus Bailigh san áireamh nuair nach raibh cead isteach ag an bpobal.*

**15.7%**

**Méadú ar bhallraíocht**

**36,885**

**Ballraíocht in 2020**
**31,863 in 2019**

**115%**

**Méadú ar an éileamh ar r-leabhair ⁊ leabhair Fuaime**
**101,334 in 2020**
**47,096 in 2019**

**93%**

**Méadú ar chostas an dteideal leathnaithe**
**€49,753.74 in 2020**
**€25,779.40 in 2019**

**2,000**

**Cuairteanna ar an Nascsheirbhís Leabharlainne Ghafa sa Teach in 2020**











# Cathair Foghlama

## Tuarascáil bhliantúil Lifetime Lab

Tá an tSaotharlann Saolré lonnaithe i Sean-Oibreacha Uisce Chorcaí agus is í príomhionad eolaíochta Chorcaí í. Mealann sé páistí bunscoile chun na heolaíochta agus na matamaitice (ábhair STEM). Cuireann an tSaotharlann Saolré raon ceardlann agus seisiún for-rochtana creidiúnaithe Eolaíochta agus Mata bunscoile ar siúl a bhfuil baint acu leis an gcuraclam ó mhí Mheán Fómhair go mí an Mheithimh.

Science with Una - Rinneadh sraith de ghníomhaíochtaí gairide eolaíochta sa bhaile a scríobh agus a chur in eagar do na meáin shóisialta agus don idirlíon. Tá na físeáin go léir ar fáil ar Facebook agus ar an suíomh Gréasáin. Tá an-tóir ar na físeáin agus tá siad á n-úsáid faoi láthair ar na meáin shóisialta agus ar shuíomhanna idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí, Old Cork Waterworks Experience, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Discover Primary Science and Maths.

Is é Explorers Marine Science - Lifetime Lab an comhpháirtí oideachais do réigiún Chorcaí do “Explorers”, arb é atá ann clár oideachais eolaíochta mara bunscoile, a mhaoiníonn Institiúid na Mara. Thosaigh an fhoireann ag tabhairt na gceardlann go fíorúil, rud a d'fhág gur ghá ábhar nua a chruthú, acmhainní físe san áireamh. Seachadadh nócha seisiún ar líne san iomlán ina raibh 2,070 leanbh scoile ó bhunscoileanna i gCathair Chorcaí rannpháirteach i rith mhí na Samhna agus na Nollag.

House of Circuits - Ceardlann Eolaíochta Bunscoile Tar éis suirbhé a dhéanamh ar phríomhoidí bunscoile Chorcaí i mí Dheireadh Fómhair, chruthaigh foireann Lifetime Lab formáid nua cheardlainne d'fhonn freastal ar riachtanais saibhrithe eolaíochta i scoileanna, rud a bheadh oiriúnach chomh maith le seachadadh faoi shrianta COVID-19. Is é atá sa bhformáid nua cheardlainne ná acmhainní a sheachadtar ar rang roimh ré agus ceardlann fhíorúil bheo ansin chun cur leis an bpróiseas foghlama lena múintear do leanaí faoi leictreachas agus faoi chiorcaid. Bronnadh maoiniú ar an tionscadal seo faoin Ghlao Fionnachtana Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus cuirfear leis ionas gur féidir é a leathnú i 2021.

## Lá Chathair Foghlama Chorcaí

**29 Meán Fómhair 2020**

Bronnadh an chéad Ghradam Chathair Foghlama Chorcaí ar cheannairí Ionad Inimirceach Chorcaí as an Tionscnamh Óige in aghaidh an Chiníochais. Chuir Comharsanachtaí Foghlama Chorcaí Seimineár i láthair i gcomhar le Comharsanachtaí Foghlama Luimnigh.

Seoladh fíorúil Atlantic Currents, leabhar nua le scríbhneoirí as Corcaigh agus as Lowell, SAM. I measc na scríbhneoirí bhí Cónal Creedon, agus Ambasadóir na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe Dan Mulhall.

Cur i láthair Chorcaí ag Comhdhálacha agus ag Seimineáir idirnáisiúnta: Rinne Cathair Foghlama Chorcaí cur i láthair ag na comhdhálacha agus na Seimineáir ar líne seo a leanas le linn 2020

- Seimineár gréasáin Institiúid UNESCO um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil faoi Chathracha Foghlama agus COVID-19 - Bealtaine
- Seimineár Cathrach Foghlama Dhoire/an tSratha Bháil faoi Chathracha Foghlama agus COVID-19 - Iúil
- Féile Fhíorúil Foghlama ar feadh an tsaoil Wyndham Australia - Meán Fómhair
- Comhdháil Mhol Foghlama ar Feadh an tSaoil ASEM na hÁise na hEorpa - Deireadh Fómhair
- Seimineár gréasáin IMPACT FORUM Thuaisceart Éireann faoi Fhoghlaim Aosach do Shláinte agus d'Fholláine - Deireadh Fómhair
- Comhdháil an Líonra Eorpaigh um Oideachas Leanúnach EUCEN thar chúig lá - Deireadh Fómhair
- Comh-chur i láthair ag Comhdháil Chumann Rannpháirtíochta Eolaíochta na hEorpa EUSEA le Groningen san Ísiltír, a d'óstáil CIT BCO - Samhain
- CORK DISCOVERS - Oíche Taighdeoirí na hEorpa - Samhain
- Comhdháil Chomhghuaillíocht Cathracha Foghlama Mheiriceá Thuaidh - Samhain
- Comhghuaillíocht Eagraíochtaí Foghlama ar Feadh an tSaoil (COLLO), SAM - Sraith Seimineár gréasáin na gCathracha Foghlama - Samhain
- Pécs, an Ungáir - Seimineár Gréasáin um Cathracha Foghlama agus Rialtas Áitiúil - Samhain




## D'óstáil Corcaigh Seimineár gréasáin Cathracha Foghlama Domhanda

**3 agus 4 Nollaig**

D'óstáil Corcaigh, ar príomhchathair líonra domhanda UNESCO í, seimineár gréasáin dhá lá ar Shláinte agus ar Fholláine dar teideal 'Learning For Wellbeing 2020 - supporting resilience in Learning Cities' i mí na Nollag 2020. I measc na gcainteoirí bhí UNESCO, WHO, an Taoiseach Micheál Ó Máirtín, agus an tAire Gnóthaí Eachtracha Simon Coveney.

D'oibrigh foireann Chathair Foghlama Chorcaí go dlúth leis na foirne Pobail agus IT chun clár ilghnéitheach a phleanáil, a fhorbairt agus a sheachadadh thar dhá lá ina raibh ionchuir ó 12 chathair, ina measc cathracha ón gCóiré, ón Astráil, ón Éigipt, ón Ungáir, ón Fhrainc, ón Ríocht Aontaithe, ó Thuaisceart Éireann, ó SAM agus ón Cholóim. Beidh an tuarascáil ar thorthaí ar fáil ag 5ú Comhdháil Idirnáisiúnta UNESCO ar Chathracha Foghlama a bheidh ar siúl sa Chóiré i mí Dheireadh Fómhair 2021.

## Cathair a Thuigeann Tráma

Tá sé mar aidhm ag Cathair Chorcaí a bheith ina Cathair a Thuigeann Tráma, rud a mbaineann struchtúr agus creat faoi leith leis agus a aithníonn, a thuigeann agus a thugann freagra ar thráma a fhulaingíonn leanaí, déagóirí agus pobail. Tá sé i gceist againn é seo a dhéanamh ach gréasán cleachtóirí a chruthú ar fud na cathrach atá ag cur tráma san áireamh ina gcleachtais agus ag tuiscint gur deis idirghabhála í gach idirghníomhaíocht.

Aithnímid i gCorcaigh gur féidir le tráma tarlú am ar bith i rith an tsaoil agus dá bhrí sin tá gá le cur chuige leathan, uilechuimsitheach chun a bheith san airdeall ar thráma, a bheith truachroíoch agus tacúil. Tuigimid chomh maith go bhfuil cuid de na daoine is leochailí inár bpobal i mbaol tráma i bhfad níos mó, mar shampla, teaghlaigh a theith ó chogadh agus ó ghéarleanúint, daoine atá gan dídean, baill den lucht taistil, daoine atá ag streachailt le handúil agus daoine eile. Aithnímid gur minic a bhíonn sé deacair ar na daoine is leochailí agus is dóichí a fhulaingeoidh tráma maireachtaint ar imeall ár bpobal agus go dtéann tráma i gcion orthu.

Is é an aidhm atá againn obair a dhéanamh ionas go mbeadh aird níos mór ar thráma, ar thionchar tráma i gcomhthéacs uilechuimsitheachta sóisialta agus nasc trí chomhoibriú comhpháirtíochta. Táimid ag neadú Feasachta ACE agus Cleachtas atá Feasach ar Thráma le cur chuige córais iomláin i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí agus leis an earnáil phobail agus dheonach. I mí Eanáir chuireamar Oiliúint Saor in Aisce Dhá Lá ar fáil do níos mó ná 350 cleachtóir agus bainisteoir líne tosaigh ar fud na cathrach, ina measc cláir chríochnaithe scolaíochta, Gardaí, oibrithe sóisialta, seirbhísí do dhaoine gan dídean, seirbhísí óige agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh. Go dtí seo chuireamar oiliúint saor in aisce ar fáil do níos mó ná 500 cleachtóir ar fud na cathrach, rud a chruthaigh teanga agus cur chuige coiteanna maidir lena bheith ag obair le Tráma agus le doinmhí.




***Ar chúl ó chlé go deis:*** *Rebecca Loughry, HSE, Jennifer Hayes, HSE, Priscilla Lynch, HSE, Céile an Ard-Mhéara Aedamar, An Dr Augustine Pereira, HSE, Ruth Griffin, CETB, Ingrrid O'Riordan, An Clár Críochnaithe Scolaíochta, Dr Aidan Horan,*

***Chun tosaigh:*** *An Dr Anna Maria Naughton, HSE, Adrienne Rodgerson, Stiúrthóir Seirbhísí Chomhairle Cathrach Chorcaí, Sandra O'Meara, Comhordaitheoir RAPID na Comhairle Cathrach, Ard-Mhéara, an Dr Karen Treisman, Safe Hands Thinking Minds agus an Clr Mick Finn, ETB ag seimineár oiliúna do Scoileanna, do Sheirbhísí Óige, do Sheirbhísí do Dhaoine gan Dídean, do Sheirbhísí Poiblí agus do Sheirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh faoi Thráma a reáchtáladh i Halla na Cathrach, Corcaigh*

## An Clár Forbartha Spóirt

Oibríonn Clár Forbartha Spóirt Chomhairle Cathrach Chorcaí, a mhaoiníonn Scéim UBU na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige, chun tacaíochtaí a sholáthar do dhaoine óga (idir deich agus ceithre bliana is fiche d'aois) atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó leochaileach ina bpobail féin d'fhonn a chur ar a gcumas cúinsí doinmheacha a shárú agus a lánchumas a bhaint amach. Ceapadh Oifigeach nua Forbartha Spóirt i mí Lúnasa 2020. Oibríonn an tOifigeach go dlúth le grúpaí agus le heagraíochtaí óige áitiúla dá leithéidí Foróige agus Tusla, i gcomhar leis an gCoiste Comhpháirtíochta Áitiúla Spóirt agus FAI, chun cláir a sholáthar a fheabhsaíonn na torthaí do dhaoine óga.






### Sports on the Green

Seoladh an clár Sports on the Green in 2020 mar fhreagairt ar shrianta leanúnacha COVID-19. De bhun an chláir seo rinne Comhairle Cathrach Chorcaí nasc le roinnt eagraíochtaí spóirt, ina measc FAI agus Rugbaí na Mumhan, agus leis an nGarda Síochána chun ranganna spóirt a chur ar fáil do dhaoine óga ar fhaichí a n-eastáit tithíochta féin. Cuireadh na ranganna ar fáil saor in aisce agus soláthraíodh an trealamh spóirt go léir, rud a fhágann go raibh siad uilechuimsitheach agus go raibh teacht ag cách orthu. I measc na spórt a bhí i gceist sa chlár seo bhí sacar, rugbaí, rothaíocht, Zumba, treodóireacht agus casadh an bhaitín.

### Gníomhaíochtaí eile

I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí obair le scoileanna agus le Grúpaí Óige chun Clár Oiliúna d'Oibrithe Óige a sholáthar i ngníomhaíochtaí dá leithéidí treodóireacht agus clár uiscebhunaithe a laghdóidh costais chóitseála nuair is féidir le hoibrithe óige seisiúin a stiúradh iad féin.

Cuireadh Ranganna ar Líne ar fáil in Ióga, in Zumba, in Aclaíocht Dornálaclaíochta, i Ranganna Aclaíochta ar fáil freisin do scoileanna agus do ghrúpaí óige agus tá JIGSAW, YMCA, Comhpháirtíocht Chathrach Chorcaí agus Wellsprings ag glacadh páirte iontu. Rinne Scoil na Toirbheartha Thuaidh, mar shampla, seisiún lenar tugadh cuireadh do gach ball foirne, dalta, tuismitheoir agus siblín páirt a ghlacadh i Zumba ar Zoom agus iad ar sos ón gcianfhoghlaim. D'éirigh go hiontach leis na seisiúin Scoile agus tá sé i gceist a leithéid a dhéanamh le scoileanna eile ar fud na cathrach mar thionscnamh folláine.

### Zumba

In 2020, sheol Comhairle Cathrach Chorcaí feachtas Zumba lenar tugadh cuireadh do scoileanna, do ghrúpaí óige agus do ghrúpaí pobail áitiúil páirt a ghlacadh i mbloc ranganna sé seachtaine chun gníomhaíocht choirp a chothú. Bhí go leor daoine ó ghrúpaí áitiúla rannpháirteach agus breis is caoga rang Zumba ar siúl i rith mhí na Nollag. Baineadh leas as an gclár sin chun an feachtas “Move!” a sheoladh agus clúdaíodh sna meáin é, ina measc nuachtáin áitiúla, cainéil na meán sóisialta agus stáisiún raidió.



### Treodóireacht

Is iontach an ghníomhaíocht í an Treodóireacht do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige araon toisc gur féidir í a dhéanamh faoi shrianta Covid-19 de bhrí go ndéantar faoi aer í agus gur féidir daoine a scaradh óna chéile.

Mar fhreagairt ar éileamh ó mhúinteoirí áitiúla agus ó oibrithe óige, d'fhorbair Comhairle Cathrach Chorcaí clár treodóireachta lenar chuireamar seisiúin treodóireachta ar fáil do ghrúpaí do dhaoine óga, chomh maith le cúrsaí oiliúna agus uasoiliúna do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige. Fuarthas amach gurb iontach iad na cláir threodóireachta chun páirceanna na Comhairle Cathrach a chur chun cinn i measc daoine óga ar fud na cathrach.



**Maratón Chathair Chorcaí**
Cuireadh tús leis in 2007 agus is í Comhairle Cathrach Chorcaí a eagraíonn é. Tá Maratón Chathair Chorcaí ar an imeacht spóirt rannpháirtíoch is mó dá leithéid sa tír. Is ann don mharatón chun tacú le geilleagar na cathrach, chun stíleanna maireachtála sláintiúla a spreagadh, chun rannpháirtíocht shibhialta, cuimsiú sóisialta, tiomsú airgid agus obair dheonach a chothú, agus chun an chathair a chur ar a súile do lucht féachana áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Taitníonn an maratón seo le grúpaí éagsúla reathaithe toisc go dtugann sé rogha dó dhaoine leath-mharatón agus maratón sealaíochta foirne a dhéanamh chomh maith.

Dé Domhnaigh gach deireadh seachtaine Saoire Bainc i mí an Mheithimh, glacann níos mó ná 7,500 reathaí, bogshodaire, siúlóir agus cathaoir rothaí páirt sa mharatón, sa leath-mharatón, sa rás sealaíochta foirne agus i ndúshlán na n-óg. Tá cáil ar Mharatón Chathair Chorcaí as a uilechuimsitheacht agus is é an t-aon mharatón in Éirinn fós é a chuireann táillí lamháltais ar fáil do mhic léinn agus do dhaoine a fhaigheann leas sóisialach.

Sa bhliain 2020, ba é an sprioc a bhí againn ná go mbeadh os cionn seachtó reathaí ó ionaid Soláthair Dhírigh ag rith mar chuid de ghrúpa Reathaithe Tearmainn 1000 duine, ach mar gheall ar phaindéim dhomhanda COVID-19, cuireadh Maratón Chathair Chorcaí 2020 ar athló ar mhaithe le sábháilteacht, agus cuireadh gach iontráil a siar go dtí an chéad mharatón eile nó aisíocadh na táillí. Agus riachtanais reathaithe rialta á n-aithint, reáchtáladh rás fíorúil i mí an Mheithimh 2020, rud a thug deis do na rannpháirtithe a gcuid reatha samhraidh a fhócasú. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh na mílte reathaí ar shráideanna Chorcaí arís nuair a bheidh sé sábháilte é sin a dhéanamh.



**Scéim na nDeontas Caipitil Spóirt 2020**
Féachann Comhairle Cathrach Chorcaí, trí Scéim na nDeontas Caipitil Spóirt, le cabhrú le heagraíochtaí agus le clubanna deonacha spóirt áitiúla gníomhaíochtaí spóirt agus áineasa fisiciúla a fhorbairt agus a fheabhsú ar fud na Cathrach. Cabhraíonn an scéim chomh maith le trealamh spóirt neamhphearsanta a cheannach. Leithdháileadh €271,100 ar ochtó club agus eagraíocht ar fud na cathrach in 2020.



*Séipéal Áine, An Seandún*
*Cathair Chorcaí, Éire le linn dul faoi na gréine*



# Cathair Comharsanachtaí agus Pobail Rannpháirteacha



## Sa chuid seo

Bonneagar Criticiúil
Páirceáil
Taisteal Inbhuanaithe & Sábháilteacht ar Bhóithre
Rannpháirtíocht sa Phobal
Féilte 7 Imeachta

**11,000m²**
**Cosáin Nua 7 Feabhsaithe**
**60 Áit**

**120,000m²**
**Dromchla nua**
**bóthair in 2020**

**17**
**Sráid Cathrach**
**teoranta do Choisithe**

**6km**
**Dromchla nua ar lánaí**
**bus agus rothar**

## Bonneagar Riachtanach

**Cosáin**
Chríochnaigh Rannán na nOibríochtaí Bóthair breis agus 11,000 méadar cearnach de chosáin nua agus fheabhsaithe in 2020 ag níos mó ná seasca láthair ar fud na cathrach, mar chuid de Phlean Spreagtha Poist an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí Iúil, a dhírigh ar Thaisteal Gníomhach a spreagadh agus inrochtaineacht agus nascacht pobal ar áiseanna, ar sheirbhísí agus ar iompar poiblí a fheabhsú

**Athdhromchlú Bóthair**
Chríochnaigh Rannán nOibríochtaí Bóthair breis is 120,000 méadar cearnach d'athdhromchlú bóthair in 2020 ar bhóithre náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla agus eastáit. I measc na mórthograí bhí an Cuarbhóthar Thuaidh agus Bóthar Wilton, mar aon le Sráid an Phrionsa a teorainníodh do choisithe, mar chuid de chlár Athshamhlú Chorcaí na Comhairle.

**Teorannú do Choisithe**
Cheadaigh an Chomhairle Alt 38 chun 17 sráid a theorannú ach ar éirigh go maith leis an teorannú do choisithe a rinneadh i rith shamhradh 2020. Tiocfaidh an tOrdú sin i ngníomh an chéad lá d'Eanáir 2021. Tá bearta i bhfeidhm chun an teorannú sin do choisithe a chur i ngníomh ach tá réitigh níos buaine, níos oiriúnaí m.sh. cuaillí in-íslithe, á bhfiosrú.

**Athnuachan Sócmhainní Iompair Phoiblí**
Críochnaíodh athdhromchlú agus díriú 6km de na lánaí bus agus rothair atá ann cheana in áiteanna áirithe, ina measc Sráid Mhainistir Ghiolla Aodha, Bóthar na Dúghlaise, Ascaill Rossa, Baile an Chollaigh, Bóthar Chionn tSáile, Nascbhóthar Mhachan agus Bóthar an Ghlaisín.

**Fodhlíthe Páirceála**
Glacadh le fodhlíthe páirceála do Dhúghlas agus do Bhaile an Chollaigh i Meitheamh 2020. Tugadh isteach roinnt tionscnamh mar fhreagairt do shráideanna na cathrach a theorannú do choisithe le linn COVID-19, do shaoráidí breise páirceála rothar, do Chomharthaí Aiseolais do Thiománaithe, agus do méadú ar líon na limistéar sa chrios 30km/h.

**Comharthaí Aiseolais do Thiománaithe**
Meastar gur beart sábháilteachta ar bhóithre iad Comharthaí Aiseolais do Thiománaithe mar go bhfeabhsaíonn siad aird tiománaithe agus go spreagann siad iad chun moillithe. Ní mór suíomh na gcomharthaí a mheas go cúramach, áfach, toisc gur féidir le ró-úsáid na gcomharthaí agus a gcur in áiteanna míchuí an bonn a bhaint dá n-éifeachtacht. Bronnadh conradh in 2020 do thart ar 50 comhartha Aiseolais do Thiománaithe.

Criosanna Íseal-luais: Le roinnt blianta anuas, thug Comhairle Cathrach Chorcaí criosanna íseal-luais 30 km/h isteach in áiteanna cuí gach bliain le cúnamh airgid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Agus sinn ag cur leis an méid a rinneadh sna blianta roimhe seo, tugadh criosanna íseal-luais 30 km/h isteach i 20 áit ar fud Chathair Chorcaí in 2020. Tugtar isteach criosanna íseal-luais 30 km/h chun an luasteorainn a laghdú go 30 km/h agus chun iompar tiománaithe a athrú i gcás go bhfuil líon mór úsáideoirí leochaileacha bóthair ann agus go meastar go bhfuil tosaíocht ag a gcuid riachtanas ar riachtanais na dtiománaithe in áiteanna cuí de réir na dtreoirlínte maidir le Luasteorainneacha a Shocrú agus a Bhainistiú in Éirinn.

**Rannóg na gCóras Iompair Chliste**

Bainistíonn rannóg na gCóras Iompair Chliste an Líonra Iompair Chliste ar fud na Cathrach a bhaineann le líonra de bhreis is 28,042 sócmhainní leictreacha. I measc an líonra tá 24,677 soilse poiblí, 600km de chábliú leictreachais, líonra lár cathrach, 459km do líneáil agus do chomharthaí, 364 suiteáil comharthaí tráchta, 58km de chábliú cumarsáide agus líonra, 168 comhartha leictreonach teachtaireachta ina measc VMS, comharthaí foláirimh Scoile/Luais, comharthaí RTPI agus cuaillí Ardaitheacha. Úsáidtear an córas Scoot UTC chomh maith ina bhfuil 141 Sruth mar aon le go leor córas braite agus 51 aonad monatóireachta CCTV chun an líonra a bhainistiú. Déantar monatóireacht ar aon chur isteach ar an líonra i bhfíor-am agus déantar gearáin a phróiseáil trí na córais ar líne bhainistithe lochtanna agus feidhmíonn foirne agus conraitheoirí faoi leith de réir Príomhtháscairí Feidhmíochta.

Cuireadh freagra teagmhais/éigeandála agus lasmuigh d'uaireanta an chloig ar fáil d'oibríochtaí soilsithe poiblí agus ITS. Liosta Éachtaí: glacadh leis creat soilsithe poiblí 2020. Réitíodh breis is 7000 ticéad tasc ar fud na rannóige. Comhdhlúthaíodh sócmhainní a aistríodh ón limistéar Trasdula agus ailíniú seirbhíse ar fud na cathrach. Tacaíocht do thionscadal Úllmhú do Shnáithín de chuid líonraí ESB a chuir 391 suiteáil nua LED ar fáil a laghdaíonn an úsáid bhliantúil fuinnimh. Athchóiríodh 7 láithreán comharthaí tráchta. Cuireadh 4km breise de nascacht snáthoptaice ar fáil le haghaidh comharthaí tráchta mar aon le 10 n-aonad cianfhaireacháin gan sreang.

**24,677**
Solas Poiblí

**600km**
Cáblú Leictreachais

**51**
Ceamara CCTV

**364**
Suiteáil Comharthaí Tráchta

**58km**
Cáblú Cumarsáide & Líonra

**168**
Comhartha Teachtaireachtaí Leictreonacha

**7,000**
Ticéad Tasc

**391**
Suiteáil Nua LED

**4km**
Snáithín Optúil Breise do Chomharthaí Tráchta





*Ambasadóirí E-Rothar, Stevie G agus Deirdre O'Shaughnessy i dteannta an Ard-Mhéara Joe Kavanagh agus Céile an Ard-Mhéara ag seoladh an fheachtais nua wE-Bike a chothaigh úsáid eRothar ar fud Chathair Chorcaí le linn Sheachtain Rothar Chorcaí (19-27 Meán Fómhair), an chéad cheann dá leithéid in Éirinn.*

# Páirceáil

**Carrchlóis**
Páirceáil 2 uair an chloig saor in aisce i gCarrchlóis na Príomhshráide Thuaidh & Shr Phóil. Costais bhreise iníoctha le hÁiseanna Íoca gan Airgead Tirim

**Páirceáil Sráide**
Tacaíonn sé le lucht gnó agus le cuairteoirí tabhairt faoi ghníomhaíochtaí. Forfheidhmiú ar siúl. is féidir íoc gan airgead tirim as úsáid a bhaint as Park by Phone Chathair Chorcaí.

**Ceadúnais Pháirceála**
Ar fáil anois ar líne d'áitritheoirí 7 is féidir iad a eisiúint laistigh de chúig lá oibre. 4,500 ceadúnas próiseáilte
(60% ar líne)

**65 suíomh**
páirceála rothar

**480 spás**
ar fáil do pháirceáil rothar

**4km de Chuaillí**
Cuireadh cuaillí lána rothar isteach chun cosaint a thabhairt ar thrácht feithiclí in áiteanna dá leithéidí Sráid Alfred, An Phríomhshráid Theas, Sráid Washington, Geataí UCC, Ascaill Rossa, Nascbhóthar Mhachan agus Bhaile an Chollaigh

## Taisteal Inbhuanaithe & Aird ar Shábháilteacht

Cothaíonn rannóg an Taistil Inbhuanaithe & na Feasachta Sábháilteachta ar Bhóithre taisteal inbhuanaithe & gníomhach de bhun clár agus feachtas, chomh maith le teagmháil a dhéanamh leis na grúpaí iompair ábhartha, dá leithéidí Fhóram Iompair agus Soghluaisteachta Chorcaí. Maidir le sábháilteacht ar bhóithre, is í an aidhm atá againn sábháilteacht ar bhóithre a chothú go háirithe do leanaí scoile agus obair a dhéanamh le raon leathan geallsealbhóirí trí Meitheal Sábháilteachta ar Bhóithre Chorcaí.

**wE-bike.ie**
Mar chuid de Sheachtain Soghluaisteachta na hEorpa agus de Sheachtain na Rothar (19 - 27 Meán Fómhair), sheol Comhairle Cathrach Chorcaí, i gcomhar leis an bhFóram Iompair agus Soghluaisteachta, tionscnamh nua feasachta ar rothair leictreacha, wE-bike.ie.

Ba é seo an chéad fheachtas bolscaireachta in Éirinn maidir le rothair leictreacha a úsáid agus ba chomhoibriú é idir na húdaráis áitiúla, grúpaí comhshaoil, lucht gnó agus Comhair Chreidmheasa Chorcaí. Ba é ab aidhm leis ná rothair leictreacha a chur chun cinn agus eolas ó úsáideoirí rothar leictreach agus ó mhiondíoltóirí a chur ar fáil mar aon leis an tslí is féidir ceannach rothar leictreach a mhaoiniú.

Seoladh suíomh idirlín nua, agus bhí feachtas clár fógraí ag gabháil leis sin. Roghnaíodh raon leathan ambasadóirí chun an tslí a ndeachaigh rothar leictreach i bhfeidhm ar a saol a mhíniú. D'éirigh go hiontach leis an tionscadal seo agus foilsíodh ailt sna meáin áitiúla agus náisiúnta araon ar an tionscadal fiúntach seo.



***Cycling on the Green***
Reáchtáil Comhairle Cathrach Chorcaí roinnt seisiún Cycling on the Green mar chuid de Sheachtain na Rothar (19ú - 27ú Meán Fómhair), ina raibh 86 duine óg rannpháirteach sa Tóchar, sa Bhlarna, i bhFearann an Rí agus i mBaile an Easpaig.
Rinne Cork Community Bikes áisitheoireacht ar na seisiúin a bhain le rothair a chothabháil, le sábháilteacht ar bhóithre agus le scileanna rothaíochta.



**Rothaíocht i Scoileanna**
Ghlac mic léinn i Meánscoil na nUrsalach, an Charraig Dhubh, páirt i gclár rothaíochta chun Seachtain Rothar Chorcaí agus Seachtain Spóirt na hEorpa a cheiliúradh. Chuir Cork Community Bikes rothair agus clogad ar fáil agus stiúraigh siad seisiún cóitseála inar fhoghlaim na mic léinn faoi shábháilteacht ar bhóithre agus faoi rothar a chothabháil sular bhain siad taitneamh as turas rothaíochta ar feadh na Seanlíne Iarnróid.

## Rannpháirtíocht sa Phobal

**An Feachtas Folláine sa Phobal 2020**
Ar iarratas ó Roinn an Taoisigh, chruthaigh Rannóg an Phobail an mhír Keeping Well in Your Community ar an suíomh idirlín lena bhféadfadh saoránaigh Chorcaí teacht, den chéad uair, ar eolas faoi fholláine ó gach cearn den chathair ar shuíomh idirlín Chomhairle Cathrach Chorcaí. Thógamar raon leathan tionscadal agus tionscnamh a bhí dírithe ar shláinte agus chothaíomar ar an suíomh idirlín iad agus d'oibríomar chomh maith le foireann Chumarsáide Chomhairle Cathrach Chorcaí d'fhonn cur leis an méid a scríobhtar faoi thionscadail folláine sna meáin, mar shampla 'On the Green' agus "The Hut Rooftop Garden".

Coimeádadh an t-eolas ar an suíomh idirlín cothrom le dáta agus ábhartha do riachtanais athraitheacha an phobail ach nasc díreach a dhéanamh leis na líonraí comhoibritheacha éagsúla sa chathair dá leithéidí Cathracha Sláintiúla Chorcaí, Éire Shláintiúil, Cathair Foghlama Chorcaí, fóram uilechathrach COVID-19 agus an Roinn Sláinte.




**Tionscnamh na Veisteanna Gorma**
Scaip Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhpháirtíocht le HSE Social Inclusion breis is 1,000 Veist Ghorm Scartha Shóisialta i measc grúpaí pobail ar fud na Cathrach. Dearadh na veisteanna mar mheabhrúchán chun dhá mhéadar spáis a thabhairt don duine atá á gcaitheamh agus iad amuigh. Chuir na daoine a bhí ag clutharú fáilte is fiche roimh na veisteanna.

Thug aiseolas a fuarthas ó dhaoine a bhí ag clutharú, agus iad ag teacht ar ais isteach i bpobail nuair a maolaíodh na srianta, le fios go raibh siad an-neirbhíseach agus gur mhothaigh siad nach raibh daoine ag tabhairt a ndóthain spáis dóibh. Is é cuspóir na veisteanna ná a chur in iúl go soiléir go bhfuil an duine ag iarraidh ar dhaoine eile fanacht siar dhá mhéadar uathu agus cuirfidh sé ar chumas daoine a bhfuil riocht bunúsach sláinte orthu nó a bhí ag clutharú dul amach arís agus a mheabhrú do dhaoine eile meas a bheith acu ar threoirlínte um scaradh sóisialta. Bainfidh baill teaghlaigh daoine atá fós ag clutharú an-leas as na veisteanna maidir lena chur in iúl do dhaoine eile gur gá dóibh fanacht siar uathu d'fhonn an baol a bhaineann le COVID-19 a laghdú.

D'eascair an smaoineamh as Fóram Freagartha Pobail COVID-19 i Machain, ceann amháin de na 16 ghrúpa freagartha pobail a bhunaigh Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhar leis an HSE agus a gcomhpháirtithe mar fhreagairt ar na srianta COVID-19. Tá an-tóir ar na veisteanna; a oiread sin gurbh fholáir a thuilleadh acu a ordú toisc an éilimh mhóir ar fud na cathrach.

**Chathair Aoisbháúil Chorcaí**

Chothaigh Cathair Aoisbháúil Chorcaí teagmháil lena baill i rith na paindéime agus seoladh níos mó ná 6,000 litir chuig na rannpháirtithe Aoisbháúla i rith 2020. Faoi iamh sna litreacha sin bhí nuachtlitir sheachtainiúil Chomhairle Cathrach Chorcaí, eolas eile áitiúil sláinte agus folláine áitiúil agus bileog eolais COVID-19.

Líonadh an post Speisialtóir Teicniúil um Thithíocht Aoisbháúil in 2020 a neartaigh na naisc idir Comhairle Cathrach Chorcaí agus Aoisbhá Éireann, rud a chuir ar ár gcumas treoir náisiúnta dea-chleachtais a úsáid le saincheisteanna dá leithéidí 'Rightsizing Policy Template' agus an 'Age Friendly Housing & Public realm training'. D'éirigh le Cathair Chorcaí maoiniú a fháil ó Aoisbhá Éireann chun 6 tháibléad a cheannach le tabhairt do thithe altranais i R1 2021. Thug Cathair Aoisbháúil Chorcaí i gcomhar le Cathracha Sláintiúla Chorcaí agus UCC, ar iarratas ó Ionadaithe Dhaoine Scothaosta Chathair Chorcaí, faoi thaighde féachaint cén nasc a theastaigh ó dhaoine scothaosta le seirbhísí le linn na paindéime ar mhaithe lenár ngníomhartha Aoisbháúla a chur in oiriúint dá réir.



**Feachtas Fuilaistrithe an Ard-Mhéara**

Reáchtáladh feachtas fuilaistrithe na bliana seo ina dhá sheisiúin i mí an Mhárta agus i mí na Samhna 2020 i Halla na Cathrach, Dé Luain an 30 agus Dé Máirt an 21 Márta agus Dé Luain agus Dé Máirt an 9 agus an 10 Samhain 2020. Tá Comhairle Cathrach Chorcaí thar a bheith bródúil as baint a bheith aici le IBTS agus as a bheith ag comhoibriú leis. Rinneadh 900 deonú fola ó thugamar an chéad chuireadh do Sheirbhísí Fuilaistriúcháin na hÉireann teacht go Halla na Cathrach.

**Oíche Sin Seáin**

Mar chuid den tsiamsaíocht ar líne d'oíche Sin Seáin chuir GMC agus Stevie G i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, Music Generation agus CETB tráthnóna siamsaíochta ar siúl beo ó Stiúideo Kabin. Ócáid iontach a bhí ann agus an oiread sin daoine óga áitiúla ar stáitse agus ag gabháil do ghníomhaíochtaí dearfacha ar Oíche na dTinte Cnámh (Sin Seáin). Sampla iontach de smaointeoireacht nuálach ba ea Oíche Sin Seáin ar rogha eile a sholáthar do dhaoine óga oíche na dtinte cnámh. B'iontach an rud é deis a thabhairt do dhaoine óga áitiúla a dtallann ceoil a léiriú agus a roinnt ar fud na cathrach.

**Deontais um Fhorbairt Pobail**

Bronnadh breis is €280,000 trí Dheontais Forbartha Pobail 2020 ar fud na cathrach. Ní fhacthas a leithéid de bhliain riamh roimhe seo, agus mar sin d'fhonn tacú leis an oiread grúpaí agus arbh fhéidir tugadh deis do gach grúpa a n-iarratais a chur isteach arís i bhfianaise na dtionchar a bhí ag COVID-19 ar fud eagraíochtaí pobail.

I measc na n-iarratas nua bhí maoiniú ar roinnt spásanna lasmuigh ionas gurbh fhéidir le grúpaí leanúint orthu ag feidhmiú faoin nósmhaireacht nua. Tugadh tacaíocht do roinnt pobal chun plandaí a chur agus áiteanna a ghlanadh ar fud na cathrach. Chuir Cumann Phaidhc na gCiarraíoch sa Chloichín tús le hoibreacha talún le haghaidh a ionaid nua il-spóirt a bhuíochas le deontas trí na Cistí Forbartha Pobail.

Sheol tionscadal Forbartha Pobail Bhaile Féitheán-an Tóchair a ngrúpa siúlóide idirghlúine d'fhonn sláinte mheabhrach dhearfach a chothú le tacaíocht na nDeontas Forbartha Pobail.




## Féilte & Imeachtaí

**Ceadúnas d'Imeachtaí**
Chuaigh COVID-19 i bhfeidhm go mór ar Cheadúnais d'imeachtaí ag a mbeadh lucht féachana sa bhreis ar 5,000 duine in 2020 i gCathair Chorcaí. Chinn an Rialtas nár cheart iarratais ar cheadúnas a mheas d'imeachta a bhí beartaithe a reáchtáil go deireadh mhí Lúnasa i bhfianaise phaindéim COVID-19. Cuireadh roinnt ceolchoirmeacha a bhí beartaithe do Pháirc Irish Independent, do Pháirc Uí Chaoimh, do Sheó Samhraidh Chorcaí ar athló go 2021. Ba é an toradh a bhí air sin go raibh ar an bpobal fanacht beagán ní b'fhaide chun taitneamh a bhaint as Lewis Capaldi, Gerry Cinnamon, David Gray, The Script, Picture This, Dermot Kennedy, The Chemical Brothers, Westlife chomh maith le Laya City Spectacular bliantúil, Seó Samhraidh Chorcaí, agus as imeachtaí nua dá leithéidí Red Bull Driftshifters agus Rás Chathair Chorcaí.

**Oíche Chultúir 2020**
Bhí Oíche Chultúir Chathair Chorcaí 2020 ar siúl Dé hAoine, an 18 Meán Fómhair, le meascán d'imeachtaí beo do líon teoranta daoine, réamhthaifid ar líne agus sruthanna beo a d'óstáil ionaid agus eagraíochtaí cultúir ar fud na Cathrach. In ainneoin na srianta a bhí ann de bharr COVID-19, ghlac 68 ionad páirt i gclár na bliana seo. Reáchtáladh 46 imeacht nach raibh ar líne agus bhí an chuid eile ar líne. Ba é an scríbhneoir Cónal Creedon ambasadóir Oíche Chultúir Chathair Chorcaí 2020.


HAVE A ROCKIN'



*Ruairí agus Donnacha Harte ag fáil spléachadh ar Fhuinneog Gheamaireacht na Nollag a cheiliúrann an* Panto *i gCorcaigh agus ar chuid de Chonair Geamaireachta na bhFuinneog Draíochta, imeacht de chuid GLOW ath-shamhlaithe a chruthaigh Eventi Management. Osclaíodh Roth Ferris agus GLOW ath-shamhlaithe, a d'eagraigh Comhairle Cathrach Chorcaí, Dé Céadaoin an 2 Nollaig*

**GLOW ath-shamhlaithe**
Rinneadh GLOW a athshamhlú in 2020 chun clár Nollag a chruthú a mhaisigh Lár na Cathrach ar bhealach sábháilte agus de réir threoirlínte COVID-19 an rialtais.

I gcroílár an chláir bhí Suiteán Fuinneoige Geamaireachta, mar a cuireadh Geamaireacht na Nollag i láthair ina deich bhfuinneog siopa a ndearnadh seiteanna traidisiúnta amharclainne geamaireachta díobh, rud a chuir conair Gheamaireachta Nollag ar fáil ar fud na Cathrach. Tháinig Roth Ferris agus timpeallán seanré ar ais go Sráid an Chapaill Bhuí ach ar bhain sláintíocht bhreise, prótacail sábháilteachta agus áirithint ar líne leo.

I measc na gclár eile bhí padanna de cheoltóirí óga ó Music Generation Cork City a chan amhráin na Nollag ina gceantair féin, idir pháirceanna comharsanachta agus tithe áitiúla altranais, mar chuid de 'GLOW on the GO'.

Chuir Ardeaglais Naomh Fionnbarra i gcomhar le Trian Naomh Fionnbarra Carúil na Nollag i láthair do Chathair Chorcaí. Rinneadh cór laghdaithe an taifeadadh ag an Ardeaglais, agus craoladh Carúil na Nollag ar scáileán soghluaiste, a thug cuairt ar lár na cathrach, ar phríomhospidéil na cathrach, agus ar roinnt tithe altranais, leis, thar chúig lá i mí na Nollag.

Ina theannta sin, d'oibrigh Amharclann Graffiti le deich rang scoile i gCathair Chorcaí chun a gcuid radharcanna geamaireachta féin a dhearadh agus a dhéanamh, agus athraíodh boscaí bróg ina seiteanna geamaireachta mar chuid d'Amharclann na mBoscaí Bróg, a cuireadh ar taispeáint i bhfuinneog na nOifigí Nua Cathartha roimh am Nollag.

**Soilse na Nollag**
Lasadh Soilse Nollag an Tóchair arís i mbliana ach dála gach rud eile bhí an Pobal cliste agus seiftiúil agus eagraíodh sraith lastaí soilse in eastáit tithíochta, i bhfoirgnimh phobail agus in ionaid phobail ghnó. Rinneadh físeán den rud go léir agus cuireadh ceol Nollag leis sa chúlra. Bhí páirt mhór ag leanaí ann.

Chuir Noel Kelleher, ó Oifig Óige Foróige, i gcomhar leis an bpobal, tiomsú físe d'Fhearann an Rí/don Chnoc Álainn le chéile go cliste agus go cuimsitheach. Chuir Noel bailiúchán grianghraf agus físeán Nollag le chéile roimhe seo. Thug sé sin léiriú breá ar an Nollaig san am a caitheadh agus cinntíodh go ndearnadh lasadh traidisiúnta Chrann na Nollag sa cheantar a cheiliúradh arís i mbliana.

**Lá na hAfraice 2020**
I bhfianaise éigeandáil COVID-19 agus ár dtiomantas do shláinte agus do shábháilteacht phoiblí, b'éigean Lá na hAfraice 2020 a chur ar athló. D'fhreastail os cionn 4,000 duine ar imeachtaí Lá na hAfraice i gCathair Chorcaí anuraidh, agus i measc na n-imeachtaí bhí seó faisin, scannáin agus lá spraoi teaghlaigh i bPáirc Mhic Gearailt.

Bheadh Lá na hAfraice i mbliana ar an 6ú ceann i gCorcaigh, a bhíonn ar siúl gach bliain an 25 Bealtaine agus is é lá oifigiúil an Aontais Afracaigh é a dhéanann ceiliúradh ar aontacht na nAfraiceach. Déanann Cúnamh Éireann sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus Comhairle Cathrach Chorcaí clár imeachtaí Lá na hAfraice in Éirinn a chomhordú agus a chothú. Is é is aidhm le ceiliúrtha Lá na hAfaice ar fud na tíre béim a leagan ar scóip agus sochair rannpháirtíocht na hÉireann leis an Afraic agus aird an phobail a tharraingt ar chlár forbartha Chúnamh Éireann ar fud na hAfraice.

*"Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Coiste Eagraithe Lá na hAfraice, a oibríonn go dian dícheallach i rith na bliana chun a chinntiú gur ceiliúradh beoga agus uilechuimsitheach é Lá na hAfraice i gCathair Chorcaí. Cé gur cuireadh ceiliúradh na bliana seo ar athló ar mhaithe le sábháilteacht an phobail - is díol misnigh é a fheiceáil go bhfuil iarrachtaí den scoth ar siúl chun ceiliúradh a reáchtáil ar líne. Le linn na tréimhse aistí seo bainimis leas as na meáin shóisialta chun eispéiris a roinnt, caidreamh a dhéanamh lena chéile agus tacú leo siúd a bhfuil grá againn dóibh agus a cion againn orthu".*

***John Sheehan Ard-Mhéara, Clr***



*Ardmhéara Chorcaí, an Clr. John Sheehan, Óisín Towers agus Siobhán Clancy, Comhordaitheoir Ealaíon Pobail Chomhairle Cathrach Chorcaí ag seoladh Chruinniú na nÓg, lá cruthaitheachta náisiúnta na hÉireann do leanaí a eagraíonn Comhairle Cathrach Chorcaí i gcomhar le hÉire Ildána,lena mbeidh breis is 22 imeacht fíorúil do leanaí ar siúl in 18 n-ionad cultúir i gCorcaigh Dé Sathairn an 13 Meitheamh*

Ach ar fógraíodh go gcuirfí Lá na hAfraice 2020 i gCorcaigh ar athló, dúirt coiste Eagraithe Lá na hAfraice i gCathair Chorcaí: Is mór is oth linn ceiliúradh na bliana seo a chur siar. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár n-oibrithe deonacha, lenar dtaibheoirí, lenár ndíoltóirí agus le gach duine a chabhraigh lenár gceiliúradh san am a caitheadh agus táimid ag tnúth lena bheith ag obair libh amach anseo arís. Bí cinnte go bhfuilimid ag fiosrú bealaí eile chun Lá na hAfraice a chomóradh, ina measc eispéireas fíorúil an-idirghníomhach d'fhonn ár bpobal a thabhairt le chéile in ainneoin éiginnteacht na linne.

I measc na n-imeachtaí beidh: Scéalaíocht Idirghníomhach na hAfraice agus Seimineár Idirghníomhach Painéil Idirlín.

**Cruinniú na nÓg**

Bhí Cruinniú na nÓg ar siúl an 13 Meitheamh ina chlár ar líne. Ba é an clár ba mhó go dtí seo é agus 25 imeacht ar siúl.

I nGlao Cruthaitheach an Ard-Mhéara ar leanaí, i gcomhar le Arts for All, tugadh cuireadh do leanaí Chathair Chorcaí a mbuanna ealaíne a úsáid chun saothar ealaíne a chruthú a léirigh a dtuairim agus a dtaithí ar COVID-19. Seoladh taispeántas digiteach ar líne de na saothair ealaíne go léir a fuarthas mar chuid de chlár Chruinniú na nÓg.

D'óstáil Oifig Ealaíon Chathair Chorcaí seimineár gréasáin go bhfoghlaimeoidís ón taithí a bhain le tionscnaimh ar líne a sheachadadh do Chruinniú na nÓg ar mhaithe le himeachtaí cathrach a bheadh ar siúl ina dhiaidh sin in 2020, mar shampla an Oíche Chultúir. Ghlac rannpháirtithe ó A Garden Collective, Féile Lár Samhraidh Chorcaí, Music Generation/GMC Beats agus Gailearaí Glucksman páirt ann.




# Cathair a thacaíon le tithe agus le bor a chur ar fáil



# n
# neagar

## Sa chuid seo

Seachadadh 7 Forbairtí Tithíochta
Tacaíochtaí Tithíochta
Bainistiú Sócmhainní
Bainistíocht Maoine
Forbairt Bonneagair
Pleanáil 7 Forbairt

**295**
**Tógtha**

**56**
**Sealbhú**

**48**
**Léasú**

**35**
**An Scéim um Chóiríocht ar Cíos**

**868**
**Íocaíocht Chúnaimh Tithíochta**

**1,302**
**Aschur Seachadta Tithíochta san Iomlán**

## Seachadadh 7 Forbairtí Tithíochta

Bliain an-ghnóthach ba ea 2020 maidir le hionchur Chomhairle Cathrach Chorcaí i bhForbairtí Tithíochta Straitéiseacha ach a ndearnadh áisitheoireacht do chruinnithe réamhphleanála agus do chruinnithe trípháirteacha, agus tuairimí agus tuairiscí an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú agus a chur isteach.

**Thug an Bord Pleanála cead do na forbairtí straitéiseacha tithíochta seo a leanas:**

- Cé Ailbhe (Tógáil do Chíos) (Ceadaithe 26.2.20): 201 árasán a tógadh le ligean ar cíos i bhfoirgneamh a ardaíonn go 24 stór san áit a mbíodh an Sextant Bar
- Bhaile Uí Mhothláin (Ceadaithe 27.5.20): 753 aonad cónaithe isteach ó Bhóthar Bhaile Átha hÚlla
- Maryborough Ridge (Ceadaithe 19.8.20): 449 aonad cónaithe
- Bóthar na Bandan II (Ceadaithe 25.8.20): 81 árasán do mhic léinn, 554 leaba do mhic léinn
- An Sean-Dún, Baile an Chollaigh (Ceadaithe 16.9.20): 123 árasán i 3 bhloc
- Square Deal (Ceadaithe 29.9.20): 50 árasán do mhic léinn, miondíol ar urlár na talún
- Bóthar an Úlloird (Ceadaithe 19.10.2020): 30 árasán do mhic léinn
- An Phríomhshráid Thuaidh (Ceadaithe 28.10.20): 49 árasán do mhic léinn, miondíol agus caife ar urlár na talún
- Bóthar Maglin, Baile an Chollaigh (Ceadathe 23.12.20): 113 aonad cónaithe (59 teach, 54 árasán) agus áis chúraim leanaí

Rebuilding Ireland

| Atógáil Éireann | |
|---|---|
| Líon iomlán á thógáil 2020 | 1,016 |
| Líon iomlán ar conradh | 360 |
| Líon iomlán pleanáilte | 342 |
| Líon iomlán beartaithe | 1,718 |
| Scéim ag Seanbhóthar an Teampaill Bháin | 600 |
| Bóthar an Bhóthair Bhuí | 147 |



# 2,734

## [ Teach atáthar a Thógáil & Beartaithe ]

# Tacaíochtaí Tithíochta

## Clár Oibreacha Iasachta

Cheadaigh Feisirí na Comhairle iasacht €11m, in 2018, chun infheistíocht a dhéanamh i stoc tithíochta sóisialta. Is í Rannóg Cothabhála Tithíochta Chomhairle Cathrach Chorcaí atá ag seachadadh an tionscadail seo agus go dtí seo deisíodh líne dín agus díon sé chéad áitreabh, nach mór; uasghrádaíodh fuinneoga agus doirse cúig chéad áitreabh nach mór; agus cuireadh teas lárnach iomlán isteach i mbreis is caoga áitreabh.

Tá breis is 1,100 áitreabh ag baint leasa as bearta a éascaíonn as an gClár Oibreacha Iasachta.

**Deontas Oiriúnaithe**
**114 ceadaithe**
**58 íoctha**
€595,965.00

**Cúnamh Tithíochta**
**58 ceadaithe**
**59 íoctha**
€268,852.00

**Soghluaisteacht**
**20 ceadaithe**
**14 íoctha**
€76,366.00

## Aonad um Dhaoine gan Dídean

I mí an Mhárta 2020, tosaigh an tSeirbhís Chóiríochta agus Socrúcháin ag feidhmiú go hiomlán san oifig nua-chóirithe i gCé Lapps. Cuireann an tseirbhís seo foireann oilte ar fáil a oibríonn le cliaint chun cóiríocht éigeandála a sholáthar agus chun cabhrú le bealaí amach as Easpa Dídine a fháil. In ainneoin na srianta a bhí i bhfeidhm mar gheall ar COVID-19, níor cuireadh isteach ar an tseirbhís i rith na bliana. Is léiriú ar an tionchar atá ag an tseirbhís nua seo é an laghdú a fheictear ar líon na dteaghlach atá i gcóiríocht éigeandála, ó 50 i mí na Nollag 2019 go 28 i mí na Nollag 2020.

## Cork Foyer & Bishopsgrove – Tionchar COVID-19

Is seirbhís uathúil do dhaoine gan dídean é Cork Foyer a chuireann cóiríocht inacmhainne ar ardchaighdeán ar fáil mar aon le hoideachas agus oiliúint d'ógánaigh fhásta i gCorcaigh atá i mbaol easpa dídine. Cuireann Cork Foyer 19 seomra en-suite féinchoimeádta ar fáil, rud a chuireann ar chumas daoine óga scileanna ríthábhachtacha a fhorbairt ionas gur féidir leo maireachtaint go neamhspleách.

Ní fhacthas riamh a leithéid de dhúshláin a chruthaigh srianta domhanda COVID-19 agus ba mhór an iarmhairt a bhain leo. Ní raibh go leor de na deiseanna traidisiúnta oideachais agus taithí oibre ar fáil a thuilleadh. Ba é cúrsaí ar líne an uirlis ab éifeachtaí chun daoine óga a choimeád rannpháirteach agus teacht a bheith acu ar an bhfoghlaim i rith na paindéime. Ba dhúshlán ollmhór é sin, áfach, ní amháin d'áitritheoirí ach dá dteagascóirí leis. Ach a ndearnadh infheistíocht thapaidh inár gcórais chumarsáide in Cork Foyer agus in Bishopsgrove, rud a chuir leis an maoiniú a fuarthas ó Chiste Freagartha Pobail COVID-19 na Comhairle, bhí an dá sheirbhís in ann an trealamh riachtanach agus an rochtain ar líne a sholáthar. Cuireadh leis seo arís le líon beag iarratas a cuireadh faoi bhráid na gcoláistí go díreach agus ar éirigh leo. Táthar ag súil go gcabhróidh na gníomhartha seo leis an mbaol a laghdú go mbeidh ár n-áitritheoirí ar an taobh mícheart de dheighilt dhigiteach tar éis na paindéime.
In ainneoin shrianta COVID-19, críochnaíodh an t-athchóiriú, a raibh géarghá leis, ar áiseanna cistine agus níocháin na n-áitritheoirí. Tar éis an phróisis dhearaidh agus soláthair, cuireadh tús le hobair ar an gcistin i mí Lúnasa 2020. Chruthaigh an dearadh agus an leagan amach nua i bhfad níos mó spáis, leagan amach níos fearr na bhfearas agus áit suite faoi leith. Fuarthas aiseolas an-dearfach ó áitritheoirí, agus tugadh faoi deara go bhfuil níos mó áitritheoirí ag cócaráil agus ag úsáid na cistine go rialta agus ag forbairt a gcuid scileanna maireachtana neamhspleáiche a thuilleadh.

# Bainistiú Sócmhainní

## Áitribh Fholmha a Athchóiriú An tAonad Athshlánaithe Tithíochta

Faoi Chlár Spreagaidh Iúil 2020 cuireadh maoiniú €4.2m ar fáil do Chomhairle Cathrach Chorcaí chun 182 áitreabh a athchóiriú. Athchóiríodh 50 áitreabh folamh eile i rith Márta agus Meithimh go háirithe le haghaidh úsáidí a bhain le COVID-19. Rinne Cothabháil Tithíochta athchóirú ar 250 áitreabh folamh san iomlán in 2020.

## Bainistíocht Maoine

Príomh-bhuaicphointe don Rannóg Maoine in 2020 ba ea an Margadh Sasanach iomráiteach agus Margadh Bia an Coal Quay a choimeád ar oscailt agus freastal ar mhuintir Chorcaí i rith na paindéime.

Is sócmhainn thábhachtach é an Margadh Sasanach do Chomhairle Cathrach Chorcaí ar go leor leibhéal - margadh bia, foirgneamh oidhreachta, ceann scríbe turasóireachta, tionónta tráchtála, fostóir i lár na cathrach agus íocóir rátaí, ionad cultúir, agus ranníocóir geilleagrach. Ach thar aon rud eile, is margadh bia do tháirgí úra riachtanacha é an Margadh Sasanach agus d'fhreastail sé ar mhuintir Chorcaí in aimsir gorta, tuile, cogaidh, agus cúluithe geilleagair ó 1788 i leith.




Le linn na géarchéime sláinte poiblí seo, nach bhfacthas a leithéid cheana, d'oibrigh Comhairle Cathrach Chorcaí go réamhghníomhach leis na trádálaithe agus leis an ngníomhaire bainistíochta chun réamhchúraimí breise agus bearta sláinte poiblí a chur i bhfeidhm ionas go mbeadh siopadóireacht sa mhargadh ní ba shábháilte dár gcustaiméirí go léir agus go bhfanfadh an margadh ar oscailt. I measc na mbeart sin bhí:

- Líon na ndaoine sa mhargadh a rialú le slándáil bhreise
- Glanadh agus sláintíocht bhreise
- Comharthaíocht agus slándáil a chun scaradh sóisialta a spreagadh
- Seirbhísí 'cliceáil & bailigh' nó seirbhísí seachadta a bhunú do chustaiméirí leochaileacha

Thacaigh an Chomhairle Cathrach le trádálaithe agus rinne sí infheistíocht chomh maith i ngníomhaíocht bhreise mhargaíochta agus bholscaireachta chun teachtaireacht shoiléir a thabhairt do chustaiméirí go raibh an margadh ar oscailt, agus go raibh trádálaithe ag tairiscint seirbhísí nua dá leithéidí 'cliceáil agus bailigh', agus seachadadh. Ba é a thoradh sin poiblíocht dhearfach nach beag don Mhargadh agus don chathair i gcoitinne, ina measc, eipeasóid faoi ar an láthair de #BackingBusiness ar Ireland AM.

De réir mar a caitheadh 2020, agus mar a d'athraigh comhairle sláinte poiblí, d'oibrigh an Chomhairle Cathrach, trádálaithe agus an gníomhaire bainistíochta le chéile chun moltaí nua a chur i bhfeidhm m.sh. clúdaigh aghaidhe a chaitheamh.

Chuaigh trádálaithe i ngleic le dúshlán na paindéime agus d'oibrigh siad go crua chun freagairt do riachtanais na gcustaiméirí - go háirithe custaiméirí scothaosta agus leochaileacha. Chuir go leor acu seirbhísí 'cliceáil/glaoigh agus bailigh' agus seirbhísí seachada ar fáil. Bhí sé tábhachtach a chinntiú go bhfanfadh an margadh ar oscailt ní amháin ó thaobh na heacnamaíochta de ach ó thaobh na cathartha de, rud a aithníonn go bhfuil an Margadh i gcroílár na Cathrach.

Is Margadh riachtanach bia áitiúil lasmuigh, ina ndíoltar táirgí úra, i lár na Cathrach é Margadh an tSathairn ar an Coal Quay. D'oibrigh na trádálaithe agus an Chomhairle Cathrach le chéile chun leagan amach an mhargaidh a athrú ionas go mbeifí ag cloí le treoirlínte sláinte poiblí, rud a d'fhág go rabhthas in ann an margadh a athoscailt i mBealtaine 2020. Leanadh leis an trádáil sa mhargadh i rith 2020. Tá na trádálaithe ag feidhmiú de réir treoirlínte sláinte poiblí agus glacadh céimeanna breise chun scaradh sóisialta agus sábháilteacht a chinntiú do chustaiméirí.

Thacaigh an rannóg Maoine leis an bhfreagairt do COVID-19 sa Chathair chomh maith ach roinnt ball foirne a ath-lonnú chun tacú le seirbhísí líne tosaigh, leis an bhfreagairt phobail agus le maoir pháirce.

Cé gur tháinig an síneadh teorann i bhfeidhm an 31 Bealtaine 2019, ba léir tionchar an aistrithe sócmhainní maoine agus tionscadail bhonneagair in 2020.

# Forbairt Bonneagair

## Droichead Uí Dhálaigh a Dheisiú agus a Athshlánú

Is droichead crochta cruach aon réise é Droichead Uí Dhálaigh, ar a dtugar "the Shakey Bridge" go háitiúil, a shíneann trasna cainéal thuaidh Abhainn na Laoi i gCathair Chorcaí. Tugann sé slí trasna na habhann do choisithe ó Thobar Rí an Domhnaigh ar an taobh ó thuaidh go Páirc Mhic Ghearailt agus Ferry Walk agus ceantar na Mairdíge ar an taobh ó dheas. Críochnaíodh an droichead i 1926 agus osclaíodh i 1927 é; ba iad David Rowell & Company ó Westminster Londan a thóg é de réir shonraíocht Stephen W. Farrington, innealtóir Chathair Chorcaí ag an am. Ba é an chéad droichead crochta i gCathair Chorcaí ag an am é agus is amhlaidh atá fós. Tá Droichead Uí Dhálaigh ar Thaifead na nDéanmhas Cosanta de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí agus tá sé ar thaifead Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta mar a ghabhann stádas spéise Ealaíne, Stairiúla, Sóisialta agus Teicniúla leis, mar aon le rátáil suntasachta Réigiúnaí.

Rinneadh mórthionscadal deisiúcháin agus athshlánaithe ar Dhroichead Uí Dhálaigh le linn 2020. Cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Lúnasa 2019 agus críochnaíodh an chuid is mó díobh i mí na Nollag 2020. Seo a leanas an obair a bhí i gceist:

- An deic laitíse a bhaint ó chéile de réir a chéile ionas gurbh fhéidir é a ghreanroiseadh as láthair.



*Droichead Uí Dhálaigh* (The Shakey Bridge) *ar an Laoi.*

- Ach ar cuireadh isteach an deic de réir a chéile, deisíodh agus athphéinteáladh é
- Cuireadh deiceáil adhmaid nua air
- Na túir laitíse a bhí ann a dheisiú agus a athphéinteáil
- Na cáblaí crochta a athsholáthar
- Na fánáin ar dhá cheann an droichid a uasghrádú, ráillí, dromchlú agus tírdhreachú san áireamh
- Ráillí iarainn theilgthe a bhaint agus a dheisiú (an bruach theas)
- Soilsiú nua poiblí a chur isteach ar na fánáin agus ar struchtúr an droichid

## Bonneagar rothaíochta Bhóthar na Páirce Láir & Bhóthar Uí Mhuineacháin

Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, bonneagar faoi leith rothaíochta chun na cathrach agus amach ar fáil laistigh de cheantar na nDugaí chun freastal ar an líon méadaithe daoine a bhíonn ag rothaíocht mar thoradh ar phatrúin taistil atá ag athrú agus ar COVID -19.

Cuireann na lánaí rothaíochta bonneagar faoi leith rothaíochta Soir/Siar ar fáil ar an taobh ó thuaidh de Bhóthar na Páirce Láir agus ar an taobh ó dheas de Bhóthar Uí Mhuineacháin. Ar an obair atá beartaithe tá athruithe ar lánaí tráchta, líneáil nua, comharthaíocht nua, cosaint imill a chur isteach, athruithe ar pháirceáil feithiclí agus an dromchla a athrú. Tá na lánaí nua rothair scartha go hiomlán ón gcarrbhealach atá in aice láimhe le cuaillí agus líneáil.

**Cur síos ar Bhuntáistí an Tionscadail**
Timpeallacht a chruthú a spreagfaidh aistriú go saghsanna inbhuanaithe iompair; Lána rothar deighilte atá sábháilte agus díreach a chur ar fáil do chomaitéirí agus d'úsáideoirí scoile agus áineasa; Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha d'aitritheoirí sa cheantar; Nascacht do rothaithe a fheabhsú; Ceangal a sholáthar idir Lár na Cathrach agus an Muiríne; An líonra rothaíochta trí chéile a leathnú; Méid na tráchta ar ghréasán na mbóithre a laghdú. Cuireadh tús leis na hoibreacha i lár 2020 agus bhí siad nach mór críochnaithe ag deireadh 2020.

## Bóthar Uí Dhonnabháin agus Bóthar an Choláiste

Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, lána rothaíochta faoi leith amach ar Bhóthar Uí Dhonnabháin ar fáil mar aon líneáil nua, comharthaíocht nua agus dromchla athnuaite ar Bhóthar Uí Dhonnabháin agus ar Bhóthar an Choláiste. Freastalóidh siad seo ar an líon méadaithe daoine a bhíonn ag rothaíocht mar thoradh ar phatrúin taistil atá ag athrú agus ar COVID-19, rud a chuireann timpeallacht i bhfad níos fearr ar fáil don rothaíocht. Tá an lána nua rothar ar Bhóthar Uí Dhonnabháin scartha go hiomlán ón gcarrbhealach atá in aice láimhe le cuaillí agus líneáil.

**Cur síos ar Bhuntáistí an Tionscadail**
Timpeallacht a chruthú a spreagfaidh aistriú go saghsanna inbhuanaithe iompair. Lána rothar deighilte atá sábháilte agus díreach a chur ar fáil do chomaitéirí agus d'úsáideoirí scoile agus áineasa. Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha d'aitritheoirí sa cheantar. Nascacht do rothaithe a fheabhsú. An líonra rothaíochta trí chéile a leathnú. Méid na tráchta ar ghréasán na mbóithre a laghdú. Cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Lúnasa 2020 agus táthar lena gcríochnú i dtosach 2021.

## Bonneagar Rothaíochta Bhóthar Ghleann Maghair Íochtaraigh agus Ché Uí Argáin

Tá níos mó agus níos mó coisithe agus rothaithe ar Ché Uí Argáin agus ar Shráid an Uisce le tamall anuas. D’fhonn soláthar a dhéanamh do shábháilteacht agus d’áisiúlacht na n-úsáideoirí leochaileacha bóthair sin, chuir Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, bearta éagsúla i gcrích in 2020 chun bealach sábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil ag a mbeadh leibhéal méadaithe seirbhíse agus sábháilteacht mhéadaithe do choisithe agus do rothaithe.

**Is iad seo a leanas príomhghnéithe na scéime:**
Lána rothaíochta isteach ar Ché Uí Argáin agus ar Shráid an Uisce a bheadh ag teacht leis an lána atá ann cheana ar Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach agus ar Ché Penrose; Uasghrádú ar chosáin; Acomhail a fheabhsú chun sábháilteacht coisithe agus rothaithe a fheabhsú; Soilsiú poiblí a fheabhsú; Troscán sráide, líneáil agus comharthaíocht a sholáthar; Cuaillí agus líneáil a chur isteach ar Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach.

Tá na lánaí nua rothar ar Ché Uí Argáin agus ar Bhóthar Ghleann Maghair Íochtarach scartha go hiomlán ón gcarrbhealach atá in aice láimhe le cuaillí agus líneáil. Cuireadh tús leis na hoibreacha i lár 2020 agus bhí siad nach mór críochnaithe ag deireadh 2020.

## Bóthar an Iarthair

Baintear úsáid ollmhór as Bóthar an Iarthair, idir choisithe, rothaithe, bhusanna agus feithiclí príobháideacha, toisc é a bheith gar do Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus d'Ospidéal Bon Secours. Dheisigh Comhairle Cathrach Chorcaí codanna áirithe de Bhóthar an Iarthair le 15 bliana anuas. Mar gheall ar chomharthaí a chaite le blianta beaga anuas, measadh go raibh oibreacha athdhromchla agus draenála ní ba mhó de dhíth.

Thug Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ó Bhonneagar Iompair Éireann agus ón Údarás Náisiúnta Iompair faoi fheabhsuithe suntasacha bonneagair ar Bhóthar an Iarthair in 2020, ina measc:

Athdhromchlú ar feadh Bhóthar an Iarthair idir Crosaire Victoria agus agus an t-acomhal idir Bóthar an Iarthair agus Páirc an Bhanna (casadh Shiúlóid na Mairdíge); Oibreacha atógála cosáin; Draenáil bóthair a athshlánú; Trasnán Bhóthar an Iarthair agus Bhóthar Uí Dhonnabháin in aice le Páirc an Bhanna a athshlánú.

Is é aidhm na mbeart éagsúil bealach sábháilte ar ardchaighdeán a sholáthar ag a mbeadh leibhéal méadaithe seirbhíse agus sábháilteachta do gach úsáideoir bóthair. Cuireadh tús leis na hoibreacha i lár 2020 agus bhí siad nach mór críochnaithe ag deireadh 2020.

## Bonneagar Rothaíochta an Mheal Theas

Cuireadh tús leis an obair ag deireadh 2020 ar Bhonneagar Rothaíochta an Mheal Theas. Cuirfidh Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, lána rothaíochta dhá bhealach ar fáil ar an Meal Theas, lena n-áirítear líneáil nua, comharthaíocht nua, athruithe ar pháirceáil feithiclí agus an dromchla a athnuachan. Cuirfidh an bonneagar rothaíochta seo nasc ar fáil idir an bonneagar rothaíochta atá ann cheana ag Plás Parnell agus an bonneagar ag Cé Uí Shúilleabháin. Tá an lána dhá bhealach nua rothar ar an Meal Theas scartha go hiomlán ón gcarrbhealach atá in aice láimhe le spásanna páirceála, cuaillí agus líneáil.

**Cur síos ar Bhuntáistí an Tionscadail:**
Timpeallacht a chruthú a spreagfaidh aistriú go cineálacha inbhuanaithe iompair. Lána rothar deighilte atá sábháilte agus díreach a chur ar fáil do chomaitéirí agus d'úsáideoirí scoile agus áineasa. Feabhas a chur ar chaighdeán na beatha d'aitritheoirí sa cheantar; Nascacht do rothaithe a fheabhsú. An líonra rothaíochta trí chéile a leathnú. Méid na tráchta ar ghréasán na mbóithre a laghdú. Cuireadh tús leis na hoibreacha ag deireadh 2020 agus táthar lena gcríochnú i lár 2021.



# Pleanáil 7 Forbairt



## Iarratais

Chomhlíon an fhoireann Bainistíochta Forbartha Pleanála a gcuid feidhmeanna go léir i rith 2020 agus thug siad aghaidh ar na dúshláin a chruthaigh dianghlasálacha Covid-19. Rinne an fhoireann Bainistíochta Forbartha dhá chéad fiche is a ceathair comhairliúchán réamhphleanála in 2020. Rinneadh áisitheoireacht do sholáthar na seirbhíse seo don phobal le cruinnithe a reáchtáladh ar Microsoft Teams.

Rinneadh sé chéad nócha is a naoi cinneadh in 2020. Níor tháinig ach laghdú beag 3% ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2020 i gcomparáid le 2019. Tháinig laghdú beag ar líon na n-iarratas a cuireadh isteach sna seachtainí tosaigh den chéad dianghlasáil, ach gnáthleibhéil a bhí ann as sin amach.

Tháinig méadú 9.38% ar líon na n-iarratas faoi Alt 5 a fuarthas in 2020 i gcomparáid le 2019. Bhí líon na n-iarratas a críochnaíodh in 2020 mar a chéile, a bheag nó a mhór, ach méadú beag bliain ar bhliain 2% (58 iarratas in 2020 i gcomparáid le 57 in 2019).

## Scéim Feabhsúcháin Ghlasbhealach Iarnróid an Phasáiste - Céim 1

Síníodh conarthaí ag deireadh 2020 do Chéim 1 den Scéim Feabhsúcháin do Ghlasbhealach Iarnróid an Phasáiste agus tá an obair le tosú ag tús 2021.

Baineann Céim 1 leis an gcuid den Ghlasbhealach ón N40 in aice le Rinn Mhachan go dti an Muiríne. Déanfaidh Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, feabhsuithe móra ar an gcuid seo den Ghlasbhealach, ina measc:

- An glasbhealach a leathnú ón leithead 3m atá ann anois go 5m
- Cuirfear bealaí feabhsaithe isteach agus amach ar fáil
- Cuirfear ar ais droichead coisithe iarnróid Bhóthar na Dúcharraige, ach úsáid a bhaint as na tacaí stairiúla, fáináin agus ardáin iarnróid atá ann cheana féin
- Déanfar na droichid, na struchtúir stairiúla agus na gnéithe atá ann ar feadh an bhealaigh a dheisiú agus a ghlanadh nuair is gá
- Cuirfear soilsiú poiblí atá íogair ó thaobh na timpeallachta de ar fáil ar feadh an ghlasbhealaigh ar fad mar aon le CCTV
- Déanfar oibreacha tírdhreachaithe bhoig, ina measc crainn, toir agus bláthanna fiáine de speicis dhúchasacha a chothaíonn pailneoirí a chur
- Cuirfear isteach boscaí beach, éan agus ialtóg chun fauna dúchasach a mhealladh chun an ghlasbhealaigh

Is é an aidhm atá ann ná tionscadail bealaigh iompair agus áineasa ar ardchaighdeán atá tarraingteach a sholáthar agus conair bheo chomhshaoil a chruthú agus tacú léi.

## Acomhal Charraig an Deagánaigh a Uasghrádú

Uasghrádaíodh Acomhal Charraig an Deagánaigh in 2020. Ba é a bhí i gceist le Tionscadal Tithíochta Charraig an Deagánaigh 66 aonad a thógaint in aice le hAcomhal Charraig an Deagánaigh. Mar chuid den tionscadal, chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maoiniú ar fáil chun an t-acomhal a uasghrádú.

**Cur síos ar Bhuntáistí an Tionscadail**
An t-acomhal a uasghrádú go caighdeáin agus treoirlínte dearaidh reatha. Áiseanna trasnaithe sábháilte a chur ar fáil d'úsáideoirí leochaileacha. Dul i ngleic le timpistí, go háirithe feithiclí a bhíonn ag casadh ar dheis ag an acomhal.

## Idirghabhálacha Sábháilteachta do Choisithe

Chuir Comhairle Cathrach Chorcaí, le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, idirghabhálacha agus uasghrádú sábháilteachta do choisithe ar fáil ag roinnt áiteanna ar fud na cathrach. Críochnaíodh scéimeanna in 2020 ag na suíomhanna seo a leanas: Bealach an Chairdinéil, Wilton; Bóthar Mick Barry; Spring Lane; Silversprings; Bóthar na hArmlainne.

Is iad cuspóirí na scéimeanna nascacht do choisithe a fheabhsú idir lonnaíochtaí, moil fostaíochta, áiseanna oideachais agus seirbhísí iompair phoiblí; Sábháilteacht a fheabhsú d'úsáideoirí leochaileacha na mbóithre; Cosáin nua agus uasghrádaithe; Trasbhealaí nua rialaithe agus neamhrialaithe do choisithe; Marcálacha agus comharthaíocht nua bóthair. Tabharfar roinnt príomhthionscadal eile chun críche in 2021.

## Forfheidhmiú

Leagann Comhairle Cathrach Chorcaí coinníoll ar chead pleanála a thabhairt, inter alia, urrúis airgeadais a chur ar fáil chun cosaintí a sholáthar i gcás go mainníonn an forbróir, nó má mhainníonn nó má dhiúltaíonn an forbróir an fhorbairt a chríochnú de réir an cheada pleanála (nó aon síneadh a bhainfeadh leis). Ba cheart go gcuirfeadh méid an urrúis ar chumas an údaráis phleanála, Comhairle Cathrach Chorcaí sa chás seo, gan aon chostas orthu féin, na seirbhísí riachtanacha (bóithre, cosáin, líonra uisce dromchla, soilsiú agus spás oscailte ina measc) a chríochnú go caighdeán sásúil i gcás go mainníonn an forbróir.

Ceanglaítear ar Rannóg na nEastát an banna a mheas a chuirfeadh ar chumas Chomhairle Cathrach Chorcaí na seirbhísí riachtanacha a




chríochnú. I gcás scéimeanna móra tithíochta, is gnách an fhorbairt a bhriseadh ina céimeanna forbartha ar leith. Iarrann forbróirí meastacháin Bannaí cur chuige céimnithe na forbartha a leanúint. Bíonn go leor meastachán bannaí i gceist dá réir. Is minic a dhéantar laghduithe ar bhannaí, tar éis iniúchtaí láithreáin, chun an banna a scaoileadh chuig céimeanna ina dhiaidh sin. Próiseáladh 87 banna in 2020.

Faoi láthair tá 125 iarratas ar láimh (TIC) ag Foireann na nEastát. Tháinig méadú suntasach ar an líon ó leathnaíodh an teorainn (56 iarratas TIC roimh leathnú na teorann).

## Ligean ar Cíos Gearrthréimhseach

Bunaíodh an tAonad um Ligean ar Cíos Gearrthréimhseach (STL) de chuid na Comhairle sa dara leath de 2020 chun foráil na Rialachán um Ligean ar Cíos Gearrthréimhseach a chur i bhfeidhm. Is é aidhm an aonaid a chinntiú go gcomhlíonann daoine atá ag gabháil do ligean ar cíos gearrthréimhseach an reachtaíocht a tugadh isteach i mí Iúil 2019.

In 2020, fuarthas ocht gcinn déag d'Fhoirm 15 (fógra bliantúil), trí cinn d'Fhoirm 17 (fógra cinn bhliana) agus dhá iarratas pleanála (ar diúltaíodh do dhá cheann díobh; rinneadh achomharc ar dhiúltú amháin chuig ABP). As na 438 áitreabh a fógraíodh le ligean ar cíos go gearrthéimhseach i limistéar Chomhairle Cathrach Chorcaí, shonraigh an fhoireann STL 257 de na seoltaí sin ina n-áitribh cíosa ghearrthréimhsigh agus tá an tAonad i dteagmháil le húinéirí na n-áitreabh sin faoi láthair.

Ó Mhárta 2020 go Márta 2021 tháinig laghdú 14% ar líon na n-áitreabh a bhí á ligean ar cíos gearrthréimhseach mar gheall ar Covid-19. D'fhonn aird a tharraingt ar an reachtaíocht STL tugadh faoi fheachtas sna meáin shóisialta chun na hoibleagáidí faoin reachtaíocht a chur ar a súile don phobal. Rinneadh postalacha sna meáin shóisialta ar ghnéithe éagsúla den reachtaíocht um ligean ar cíos gearrthéarmach ar chuntais Twitter agus Facebook na Comhairle.

## Scéim do Ranníocaíocht Forbartha

Rinneadh athbhreithniú ar Scéim do Ranníocaíocht Forbartha na Comhairle Cathrach i lár 2020 agus ghlac an Chomhairle an scéim nua an 14 Meán Fómhair 2020. Tá sé i gceist gur scéim eatramhach a bheidh sa Scéim do Ranníocaíocht Forbartha (Dréacht Leasaithe) 2020-2022 go dtí go mbeidh an Plean nua Forbartha Cathrach agus an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha a bheidh ag gabháil leis sin ar fáil in 2022.

Leag reachtaíocht a rialaíonn an leathnú teorann síos go mbeadh feidhm ag Scéim Forbartha Chathair Chorcaí maidir le limistéar iomlán na Cathrach leathnaithe ón 31 Bealtaine 2019 amach. Sa tréimhse idir an leathnú teorann agus an t-athbhreithniú, tháinig trí phríomhcheist chun cinn maidir leis an scéim, is iad sin forbairt cónaithe, forbairt talmhaíochta agus déantúsaíocht a sheachadadh.

Aontaíodh roinnt laghduithe, cuir i gcás laghdú 50% ar fhorbairtí cónaithe (tithíocht agus árasáin), laghdú 66.6% ar dhéantúsaíocht (tionscal éadrom san áireamh), laghdú 80% ar fhorbairtí talmhaíochta. Ina theannta sin, athraíodh an laghdú 100% ar athfhorbairt áras an teaghlaigh go laghdú don chéad 40 méadar cearnach amháin. Is féidir an Scéim ina hiomláine a fheiceáil ar shuíomh idirlín na Comhairle - Scéim do Ranníocaíocht Forbartha Chomhairle Cathrach Chorcaí 2020-2022.

## Oifig an Rialtóra Pleanála

D'fhoilsigh Oifig an Rialtóra Pleanála (OPR) modheolaíocht phíolótach chun athbhreithnithe a dhéanamh (faoi alt 31AS den Acht Pleanála & Forbartha 2000, arna leasú) ar chórais agus nósanna imeachta na nÚdarás Áitiúil maidir le feidhmíocht a gcuid feidhmeanna pleanála. Comhlíonfaidh na hathbhreithnithe seo ceann de na príomhghníomhartha faoi aidhmeanna agus cuspóirí an OPR. Tá an Chomhairle Cathrach ag tabhairt próisis agus nósanna imeachta cothrom le dáta lena chinntiú go gcomhlíonann an tslí a oibríonn Bainistíocht Forbartha na feidhme pleanála na critéir a leagtar amach sa mhodheolaíocht phíolótach.

## Feidhm na Pleanála

Ach ar fhógair an Taoiseach dianghlasáil náisiúnta an 29 Márta 2020, rinne an Rialtas ordú faoi Alt 251A (4) den Acht Pleanála & Forbartha, 2000 (arna leasú) a chuir na tréimhsí reachtúla ama faoin reachtaíocht pleanála, a bheag nó a mhór siar. Cuireadh é seo i bhfeidhm i dtosach ón 29 Márta go dtí an 20 Aibreán, síníodh é go dtí an 9 Bealtaine agus síníodh arís é go dtí an 23 Bealtaine, rud a chuir 8 seachtaine (56 lá) leis na hamlínte reachtúla le haghaidh pleanála.



Le linn na chéad dianghlasála agus na ndianghlasálacha ina dhiaidh sin, mheas an LGMA/CCMA gur sheirbhís riachtanach é seachadadh fheidhm na pleanála. Chun an tseirbhís a choimeád ar siúl le linn paindéime níor mhór athmhachnamh a dhéanamh ar an tslí a rinne Roinn na Bainistíochta Forbartha (DM) an tseirbhís a sholáthar, toisc go raibh srian ar bhaill an phobail taisteal le linn na tréimhse sin.

Cuireadh roinnt beart i bhfeidhm, ina measc glacadh le haighneachtaí ar líne ar iarratais phleanála, bunaíodh córas íoca 'as láthair' chun íocaíochtaí a dhéanamh ar an bhfón le cárta creidmheasa/dochair, feabhasaíodh an chumarsáid leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara. Rinneadh é sin go léir agus áisitheoireacht á déanamh do chianobair chun sábháilteacht na foirne go léir sa Roinn a chinntiú.

Cé gur thit líon na n-iarratas pleanála le linn na chéad mhí den dianghlasáil, de réir mar a chuaigh an pobal i dtaithí ar na cúinsí nua, lean an idirghníomhaíocht ar aghaidh mar a bhí riamh, a bheag nó a mhór, ina dhiaidh sin. Nuair a cuireadh deireadh leis an reachtaíocht éigeandála an 23 Bealtaine atosaíodh seirbhísí ina n-iomláine an Luan dar gcionn, an 25 Bealtaine 2020.



**Bhain athruithe leis an athoscailt, ina measc:**

- Seirbhís coinne amháin a chur i bhfeidhm don chuntar pleanála, chomh maith le mionsonraí teagmhála a thaifeadadh do rianú teagmhála
- Seoltaí ríomhphoist faoi leith a bhunú chun cumarsáid le rannóga éagsúla a éascú
- Méadú ar idirghníomhaíocht leis an bpobal le ríomhphost agus ar an nguthán
- Feabhsú an tsuímh idirlín
- Tugadh reachtaíocht isteach faoinar ghá an liosta pleanála seachtainiúil a fhoilsiú in am is i dtráth agus gach iarratas a bhailíochtú agus a bheith ar fáil don phobal laistigh de 5 lá ó uair a bhfaighte
- Tugadh isteach Treoir Chaighdeánach Oibre náisiúnta (SOG)
- Rinneadh athruithe ar an tslí a dhéantar iniúchtaí láithreáin
- Méadaíodh úsáid Teams le haghaidh cruinnithe réamhphleanála agus cruinnithe trípháirteacha SHDanna

Ní raibh maolú ar bith ó amlínte reachtúla le linn an dara dianghlasáil a chuaigh in éag an 1 Nollaig, 2020 agus d'éirigh le feidhm na pleanála feidhmiú mar ba ghnách le linn na tréimhse seo ach amháin gur oibrigh an cuntar pleanála ar bhonn coinní amháin.

In ainneoin na ndúshlán a bhí roimh an bhfoireann, dhéileáil Bainistíocht na Forbartha Pleanála le tuairim is 9,668 idirghníomhaíocht leis an bpobal de bhun seoltaí ríomhphoist faoi leith, freastal ar an gcuntar pleanála agus glaonna gutháin.



*An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh ag Ardeaglais Naomh Fionnbarra*




# Cathair a Chothaío an Fhorbairt Gheilleagrach agus Inbhuanaithe




## Sa chuid seo

Athshamhlaigh Corcaigh
Dréacht-Phlean Forbartha na Cathrach
Forbairt Gheilleagrach
An Oifig Fiontar Áitiúil
Caidrimh Idirnáisiúnta
Turasóireacht
Taighde, Forbairt 7 Nuálaíocht



In ainneoin na srianta a cuireadh i bhfeidhm de réir comhairle sláinte poiblí mar fhreagairt ar Covid-19, lean go leor oibre sa chathair ar aghaidh le linn 2020. Baineadh úsáid as meicníochtaí nua comhairliúcháin chun go mbeadh baint níos mó ag an bpobal le Dréachtphlean Forbartha na Cathrach. Leathnaíodh leibhéal na dtacaí do ghnólachtaí.

D'oibrigh an Chomhairle Cathrach le trádálaithe chun cabhrú leo dul i ngleic leis an bpaindéim agus comhordaíodh freagairt earnáil na turasóireachta. Bogadh imeachtaí, seimineáir oiliúna agus seimineáir ar líne ionas go mbeadh rannpháirtíocht ghníomhach ann.

## Athshamhlú Chorcai

Seoladh Athshamhlú Chorcaí i mí Iúil 2020. Is cuid de shraith tionscnamh athraitheacha a foilsíodh leis an gclár "Athshamhlú Chorcaí" é 14 sráid nua atá 'oiriúnach do dhaoine' a chruthú agus infheistíocht oiread agus €2 mhilliún i mbonneagar rothaíochta reatha na cathrach trí chéile.

Léirigh "Athshamhlú Chorcaí" freagairt láithreach do riachtanais scartha shóisialta a d'eascair as Covid-19 mar aon le dlús a chur faoi fhís na Comhairle Cathrach do chathair ina bhfuil fás uirbeach inbhuanaithe.

Chomh maith le háiteanna i lár na cathrach a theorannú do choisithe, áiríodh sa chlár: deisiú €1.5 milliún ar 6 chiliméadar de lánaí rothar atá ann cheana, cuaillí a chur isteach ar feadh 4 chiliméadar de phríomhbhealaí rothaíochta, 4.1 ciliméadar de lánaí rothar nua ar Bhóthar na Páirce Láir agus ar Bhóthar Uí Mhuineacháin, ar Ché Thraolaigh Mhic Shuibhne, ar Ché Uí Argáin, ar Bhóthar Victoria agus ar an Meal Theas agus 43 raca rothar a thógáil a bheadh in ann thart ar 500 rothar a choimeád. Faigheann an clár tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA).

Tugadh ceadúnais saor in aisce do throscáin sráide d'óstáin, do bhialanna, do bheáir, do bheáir fíona, do chaiféanna agus do bhialanna 'beir leat' ionas go bhféadfadh gnólachtaí, a bhfuil brú mór spáis orthu, leathnú amach ar an 1.3 ciliméadar de shráideanna a teorainníodh do choisithe go sealadach, rud a chruthaigh cathair ní ba thaitneamhaí agus ní ba shábháilte agus ní ba ghlaise.

*"Is dúshlán mór, nach bhfacthas a leithéidí riamh, é téarnamh geilleagrach agus sóisialta phobail agus ghnólachtaí Chorcaí tar éis Covid-19. Ní mór dúinn an dearcadh a athrú maidir le "athshamhlú" Chorcaí agus beidh gá le leibhéil arda chomhpháirtíochta agus chomhoibrithe má táimid chun tionchar na paindéime a mhaolú".*

*"Is é an clár a foilsíodh inniu, agus a baineadh amach le tacaíocht ó chomhairleoirí cathrach, an chéad chéim i dtreo athdhréachtadh níos cuimsithí na cathrach mar is eol dúinn í agus sinn ag díriú níos mó ar iompar níos inbhuanaithe agus ar thrácht tríd an gcathair a laghdú".*

***Príomh-Fheidhmeannach Comhairle Cathrach Chorcaí Ann Doherty***






*Páirceáil do rothair a cuireadh ar Shráid Phádraig le déanaí*

*"Is féidir an chathair athshamhlaithe seo a fheiceáil láithreach sna háiteanna sin a teorainnigh Comhairle Cathrach Chorcaí agus gnólachtaí áitiúla do choisithe i lár na cathrach. Ciallaíonn na hathruithe gur féidir le hoiread agus 1,000 áitritheoir agus cuairteoir chun na cathrach ithe agus ól alfresco - agus ar an tslí sin tacú le scaradh sóisialta agus le gnó áitiúil".*

***An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh***



## Dréachtphlean Forbartha Chathair Chorcaí

Cuireadh tús leis an réamhchomhairliúchán poiblí um Plean Forbartha na Cathrach 2022-2028 an 26 Meitheamh 2020 agus lean sé ar aghaidh go dtí an 21 Lúnasa 2020. Plé ardleibhéil faoi na príomhcheisteanna do Chathair Chorcaí atá i mbéal fáis ba ea an chéad chéim.

Bhí an doiciméad plé 'Our City - Our Future' (Páipéar Saincheisteanna) le léamh ar www.corkcitydevelopmentplan.ie, agus rinneadh aighneachtaí ar líne chomh maith ar thairseach comhairliúcháin na comhairle cathrach.

Fuarthas beagnach 400 aighneacht. Tá an dréachtphlean á chur le chéile faoi láthair agus déanfar comhairliúchán poiblí ina leith i samhradh na bliana 2021.
I bhfianaise shrianta Covid-19, úsáideadh roinnt meicníochtaí nua eile comhairliúcháin dá leithéidí Buail leis an bPleanálaí, Suirbhé ar Thuairimí an Phobail, seimineáir ghréasáin dá leithéidí Our City Our Future: Learning from International Experience, Our City Our Future: Addressing the Challenges, agus comórtas grianghrafadóireachta do Dhaoine Óga. Is féidir mionsonraí iomlána a fheiceáil ar www.corkcitydevelopmentplan.ie

**Le linn 2020 ceapadh roinnt comhairligh chun staidéir thábhachtacha ionchuir a chur le chéile a chabhróidh le beartas an phlean forbartha a mhúnlú, na nithe seo a leanas ina measc:**

- Measúnú ar Riachtanais agus Éileamh Tithíochta agus Straitéis Tithíochta
- Comhstraitéis Miondíola
- Staidéar ar Dhlús Uirbeach, ar Airde Foirgníochta agus ar Fhoirgneamh Arda Chathair Chorcaí
- Straitéis Bonneagair Ghlais agus Ghoirm
- Staidéar ar Bhonneagar Áineasa Ghníomhaigh
- Staidéar ar Thalamh Straitéiseach Fostaíochta
- Straitéis Draenála na nDuganna Theas agus Measúnú Iompair Ceantar-bhunaithe ar Dhugtha Chorcaí



*Sadhbh agus Saoirse Kane ag glacadh pictiúirí de POF Chomhairle Cathrach Chorcaí Ann Doherty*

# Forbairt Gheilleagrach

## An Ciste um Athghiniúint agus Fhorbairt Uirbeach

Rinne Comhairle Cathrach Chorcaí iarratas chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar mhaoiniú faoin gCiste um Athghiniúint agus Fhorbairt Uirbeach do thrí thionscadal mar seo a leanas:

- Ceantar Dugaí Chathair Chorcaí: Maoiniú chun tionscadal athghiniúna a mbaineann tábhacht náisiúnta leis a dhéanamh ar Cheantar Dugaí (Thuaidh agus Theas) na Cathrach a bhfuil 146 heicteár ann. Baineann sé sin le bonneagar, go háirithe iompar agus soghluaisteacht, an fearann poiblí agus draenáil agus tuilte. Dá réir sin beifear in ann infheistíocht shuntasach a dhéanamh i gcomharsanacht chónaithe, i gceantar nua oifigí, chomh maith le háiseanna nua bonneagair oideachais, chultúir, turasóireachta agus áineasa thar thréimhse 20 bliain

- Lár na cathrach: Trian Shráid an Chapaill Bhuí a athghiniúint, ina measc Páirc an Easpaig Lucey a uasghrádú, an fearann poiblí ar an bPríomhshráid Theas agus leabharlann nua chathrach agus díol spéise do thurasóirí a fhorbairt, b'fhéidir

- Ceantair Fairsingithe Uirbí: Oibreacha bonneagair agus bonneagar áineasa do dhá phríomh-chomharsanacht chónaithe nua i mBaile an Chollaigh (Maglin) agus i mBaile Uí Mhothláin

Feachtas Margaíochta Digití Geilleagair
Thug Comhairle Cathrach Chorcaí agus geallsealbhóirí áitiúla faoi fheachtas margaíochta digití a dhírigh ar phríomh-earnálacha éagsúla do réigiún na cathrach ina measc teicneolaíocht an airgeadais, agraibhia, seirbhísí gnó agus cibearshlándáil. D'éirigh go hiontach leis sin trácht a sheoladh chuig mír infheistíochta shuíomh idirlín na Comhairle Cathrach a críochnaíodh le déanaí, 'Grow in Cork'.

## Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte

D'éirigh leis an dara haighneacht ón gComhairle Cathrach chuig an Roinn Gnóthaí Pobail agus Tuaithe, ach ar bronnadh airgead orainn sa bhliain roimhe sin don Bhlarna agus don Túr, agus bronnadh €200,000 breise ar an mBlarna arís agus ar Ghleann Maighir Uachtarach, do 2021, le tabhairt faoi oibreacha pobail i ngníomhaíochtaí san fhearann poiblí agus chun áiseanna áineasa i lár an bhaile a fheabhsú ina gceantair féin.

## An Oifig Fiontar Áitiúil

Reáchtáladh Seachtain Fiontraíochta Áitiúla a bhí an-ghnóthach i Márta 2020 agus breis is cúig chéad duine rannpháirteach. Tar éis na seachtaine sin, bhog Oifig Fiontar Áitiúil Chathair Chorcaí, a seirbhísí go léir ar líne go tapaidh; i measc na mbuaicphointí bhí:

- 2227 rannpháirtí ar chúrsaí oiliúna

- 535 dearbhán trádála ar líne a ceadaíodh (méadú 1,200%)

- 665 dearbhán leanúnachais gnó a ceadaíodh

- 207 cliant ag freastal ar chlinicí comhairle gnó eineach in ionchaibh

- 14 scoil a fuair tacaíocht mar chuid den Chlár Fiontraíochta Scoileanna

# Mar a thacaigh Oifig Fiontar Áitiúil Chathair Chorcaí le Gnólachtaí in 2020

**207**

Líon na gcliant a d'fhreastail ar chlinicí comhairle gnó eineach in ionchaibh

**2,227**

Líon na ndaoine a d'fhreastail ar chúrsaí oiliúna

**535**

Líon na ndearbhán trádála ar líne a ceadaíodh

**140**

Líon na bpost féideartha a bhain le deontais cheadaithe

**14**

Líon na scoileanna a dtacaítear leo i gclár fiontar na mac léinn

**348**

Líon na rannpháirtithe meantóireachta

**665**

Líon na ndearbhán leanúnachais gnó a ceadaíodh

**32**

Líon na ngnólachtaí ar bronnadh cúnamh deontais orthu

# Caidrimh Idirnáisiúnta

Thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha cuireadh do Chomhairle Cathrach Chorcaí teagmháil a dhéanamh le Diaspóra na hÉireann i rith Nollaig 2020 le tionscnamh dar teideal 'To Be Irish'.

Reáchtáladh an tionscnamh ón 21 go 31 Nollaig 2020 agus bhí clár leathan imeachtaí ann a léirigh agus a cheiliúir cultúr, ceardaíocht, tionscnaimh phobail agus traidisiúin na Nollag.

Tá traidisiún fada bródúil ag Corcaigh maidir le Caidreamh Comhchathrach a bhunú agus tá sí có-nasctha le Shanghai, San Francisco, Köln, Rennes, Abertawe agus Coventry, chomh maith le príomhchaidrimh le trí Chathair Chomhpháirtíochta na Síne, Hangzhou, Wuxi agus Shenzen. Agus sinn ag tacú leis an tionscnamh 'To Be Irish', thug an tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh, aitheasc speisialta pearsanta Nollag i mí na Nollag 2020 inar ghuigh sé beannachtaí ar dhiaspóra na hÉireann atá ina gcónaí agus ag obair sna cathracha sin. Craoladh ar ardáin éagsúla na meán sóisialta é. D'admhaigh an tArd-Mhéara go mbeadh ceiliúradh Nollaig 2020 an-difriúil dúinn go léir ach go mbeadh sé an-deacair orthu-san a bheadh ag súil de ghnáth le filleadh abhaile um Nollaig, ach nach raibh in ann é sin a dhéanamh mar gheall ar thionchar Covid-19. Toisc gur ceiliúradh ar theaghlaigh, ar shaol agus ar ghrá í an Nollaig d'iarr an tArdmhéara ar Dhiaspóra na hÉireann teagmháil a dhéanamh lena chéile agus tacaíocht a thabhairt dá chéile le linn na tréimhse seo. 'Cé go bhfuilimid scartha óna chéile go fisiciúil agus mar gheall ar chúinsí, táimid aontaithe inár mórtas, inár ndílseacht agus ár ngean d'Éirinn'.

I bhfianaise a thábhachtaí atá 2020 do Chathair Chorcaí, agus í ag comóradh céad bliain ó 1920 agus an róil lárnaigh a bhí ag an gCathair i gcomhrac na tíre ar son na saoirse, roinn an tArd-Mhéara sonraí faoinár gClár Comórtha ar líne mar aon le buaicphointí comórtha ar an tréimhse thábhachtach sin ina Aitheasc Speisialta don Diaspóra sna cathracha sin.

## Bliain Úr na Síneach

Bhí ríméad ar Chomhairle Cathrach Chorcaí tacú le Féile Bhliain Úr na Síneach 2020 i gCathair Chorcaí, bliain an Fhrancaigh Mhiotail. Molaimid lucht eagraithe na n-imeachtaí comhoibríocha sin atá uilechuimsitheach, ildaite, ealaíonta agus atá ag teacht le traidisiún agus cultúr na Síne. Tugann sé seo deis faoi leith do gach duine a chónaíonn, a dhéanann staidéar agus a oibríonn inár gCathair ceann eile den iliomad cultúr is cuid de mhaireachtaint i gCathair Chorcaí a bhlaiseadh ar bhealach an-dearfach. D'óstáil Scoil Bhúdaíoch Saindiamhair na Síne, an Eaglais Úinitéireach agus Plás Nano Nagle na himeachtaí agus bhí áthas ar Chomhairle Cathrach Chorcaí tacú leo é seo a eagrú.

## Tionscadail Eorpacha

Leanadh ar aghaidh in 2020 leis an iliomad tionscadal Eorpach atá ar siúl ag an gComhairle Cathrach, i gcomhar le gníomhaireachtaí agus cathracha comhpháirtíochta san Eoraip. Tugadh roinnt acu chun críche, ina measc: Innova Foster a dhírigh ar an éiceachóras nuálaíochta áitiúil i gCorcaigh a fheabhsú; agus Atlantic Area Social Labs a dhírigh ar roinnt tionscadal fiontar sóisialta.

## Turasóireacht

Chuaigh Covid-19 i bhfeidhm go mór ar ghníomhaíochtaí turasóireachta Chomhairle Cathrach Chorcaí in 2020. Agus pleanáil á déanamh againn don bhliain ba mhó a bheadh ann go dtí sin maidir le paisinéirí bád taistil, cuireadh seirbhís ambasadóracht bád taistil Chomhairle Cathrach Chorcaí ar fionraí nuair a tháinig deireadh le turais mhara idirnáisiúnta. Cuireadh Seisiúin na Laoi ar fionraí chomh maith toisc gur fhan tithe tábhairne dúnta ar feadh cuid mhaith de 2020. Tarraingíodh aird ar luach na scáileán tadhail i mbothanna eolais Chomhairle Cathrach Chorcaí do chuairteoirí nuair a roghnaigh óstáin na bothanna a choimeád agus iad ag athoscailt i rith an tsamhraidh. Baineadh úsáid as socruithe glantacháin agus sláintíochta leis na bothanna tráth a cuireadh deireadh le saghsanna eile eolais do chuairteoirí (dáileoirí bileog mar shampla) den chuid is mó.

**Dún Eilíse**


Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm ar an ardú seasta a bhí ar líon na gcuairteoirí chuig Dún Eilíse, beagnach 70,000 in 2019, agus gan ach 11,500 cuairteoir ann in 2020. Osclaíodh Dún Eilíse do chuairteoirí arís i rith an tsamhraidh, tar éis dianoibre chun athoscailt shábháilte a chinntiú don fhoireann agus do chuairteoirí. Cuid de sin ba ea Cairt Covid-19 de chuid Fáilte Éireann a fháil, agus staighre, cosán agus geata nua a chur isteach ar chúl an dúin, rud a chuireann ar chumas cuairteoirí siúlóid chiorclach bhallaí an dún a dhéanamh. Fuarthas deontais eile de bhun iarratais in 2020 lenarbh fhéidir oibreacha feabhsúcháin eile a dhéanamh sa Dún. Ina measc sin bhí deisiú dhíon agus shuanlios iarbheairic an Gharda Síochána, comhartha nua don taobh amuigh den Dún agus limistéar nua suíochán lasmuigh do chuairteoirí.

**Treoracha Slí do Chuairteoirí**

Fuarthas Cúnamh Deontais €1.2 milliún san iomlán ó Fháilte Ireland agus ón NTA in 2020 chun tacú le scéim nua eolais agus treoracha slí do chuairteoirí i gCathair Chorcaí. Is é a bheidh i gceist fáil réidh le comharthaíocht iomarcach atá ann cheana féin, léarscáil dhigiteach chathair Chorcaí, ábhar léirmhínithe agus comharthaíocht a bhaineann go sonrach le Corcaigh a chur le chéile. Ceapadh foireann ildisciplíneach ag deireadh 2020 agus seachadfar an tionscadal in 2021/22.

**Comhoibriú le Díola Spéise Chathair Chorcaí agus le Fáilte Éireann**

Spreag na dúshláin a chruthaigh Covid-19 comhoibriú feabhsaithe i measc na ngeallsealbhóirí turasóireachta go léir. Rinne an rannóg Turasóireachta áisitheoireacht do chomhoibriú idir na díola spéise ar fad do chuairteoirí i gCathair Chorcaí (agus Fáilte Éireann agus Visit Cork) ag féachaint d'fhaisnéis agus saineolas a roinnt agus tacaí riachtanacha a shonrú ionas gurbh fhéidir iad a athoscailt go sábháilte. Agus obair á déanamh leis na díola spéise sin, cuireadh roinnt gníomhaíochtaí comhoibríocha margaíochta eile i bhfedhm - bolscaireacht faoi athoscailt, scéim lascainí do chuairteoirí a thrasdíol agus feachtas sna meáin maidir le Corcaigh a athaimsiú go sábháilte. Ba é ab aidhm le tacaíocht mhaoinithe ó Chlár Ignite de chuid Fáilte Éireann i nGeimhreadh 2020 ná líon na gcuairteoirí go Cathair Chorcaí a mhéadú i mí na Nollag (faoi réir threoirlínte an rialtais). Bhain an maoiniú sin leas as tionscnamh ealaíne sráide Ardú a raibh an-rath air agus chuir sé ar ár gcumas turais fuaime féin-treoraithe a fhorbairt chomh maith le turais threoraithe saor in aisce leis na healaíontóirí féin i rith mhí na Nollag.





*Corcaigh sa 2ú háit i measc chinn scríbe na hÉireann*
*Corcaigh san 18ú háit as 42 ceann scríbe ar an iomlán*

**Innéacs Inbhuanaitheachta na gCeann Scríbe Domhanda 2020**

Tá Corcaigh ag glacadh páirte i nGluaiseacht Inbhuanaitheachta na gCeann Scríbe chomh maith. Tá sí sa dara háit i measc chinn scríbe na hÉireann agus san 18ú háit as dhá cheann scríbe is daichead ar fad.

**Sean-Oibreacha Uisce Chorcaí**

Is díol spéise do chuairteoirí é Sean-Oibreacha Uisce Chorcaí a bhfuil iliomad duaiseanna buaite aige. Tá sé lonnaithe sna hoibreacha uisce Victeoiriacha a athchóiríodh go caighdeán ard agus a fhéachann amach ar an Laoi. Insíonn sé scéal oidhreacht thionsclaíoch Chorcaí thar thrí chéad bliain agus bheadh 10,000 cuairteoir aige de ghnáth. Mar fhreagairt do Covid-19, rinne foireann Eispéireas Shean-Oibreacha Uisce Chorcaí oiriúnú agus athstruchtúrú agus cuireadh Cairt Sábháilteachta Fáilte Éireann i bhfeidhm, rud a chinntigh gur cuireadh caighdeán ard agus sábháilte seirbhíse ar fáil don phobal.



*Sean-Oibreacha Uisce Chorcaí agus Halla Atkins os cionn na Laoi*

# Taighde, Forbairt 7 Nuálaíocht

## Nuálaíocht

Tá nuálaíochtaí le sonrú ó thús deireadh na tuarascála seo agus i nGradaim an Bhairr Feabhais sa Rialtas Áitiúil de chuid Chambers Ireland.

Le linn 19-23 Deireadh Fómhair ghlac níos mó ná 240 rannpháirtí foirne páirt sa tSeachtain Nuálaíochta a d'eagraigh an Fhoireann Feabhsaithe Seirbhíse Próisis Ghnó sa Rannóg Gnóthaí Corparáideacha & Caidreamh Idirnáisiúnta. Thug sé seo deis don fhoireann cleachtais nuálacha a thaispeáint ar fud na comhairle i 10 gcur i láthair ag am lóin. Chruthaigh sé deis chun eolas agus scileanna a roinnt agus chun caidrimh nua a chothú ar fud na comhairle. Rinneadh cur i láthair ar na nithe seo a leanas:

- An leas is fearr is féidir a bhaint as an teicneolaíocht agus na bogearraí atá ar fáil don fhoireann - PowerBI & PowerPoint
- Atlantic Social Lab
- Tionchar Covid-19 ar Acmhainní Daonna agus Agallaimh ar Líne a thabhairt isteach
- Fóram um Fhreagairt Pobail
- An Chéad Fheachtas Rothar Leictreach in Éirinn
- Rothaíocht, Uaschúrsáil 7 Athchúrsáil
- Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 7 Plean Corparáideach
- Gníomhú ar son na hAeráide

Chothaigh Covid-19 roinnt bealaí nuálacha chun uirlisí agus bogearraí atá ann cheana a úsáid chun oiliúint agus físeáin ionduchtaithe a thabhairt isteach go tapaidh don fhoireann go léir, mar aon le 'foirmeacha um fhilleadh ar an obair' ar líne, rianú coinní agus córas rianaithe teagmhálacha.

## Cathair Chliste




Is tosaíocht í an chibearshlándáil ar fud na heagraíochta fós agus úsáideadh an uirlis MetaCompliance chun fógraí agus oiliúint a chur ar fáil d'fhoireann CCC faoin gcibearshlándáil. Feabhsófar an cumas chun oiliúint ar líne a sholáthar a thuilleadh ach ar ceannaíodh ardán nua seachadta oiliúna le déanaí. Táthar i mbun breis is 1200 críochphointe ar an láthair a aistriú go réiteach frithvíreas Sophos scamall-bhunaithe. Rinneadh athbhreithniú slándála in 2020 le saineolaí cibearshlándála agus cuireadh roinnt moltaí i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Wifi4EU: Cuireadh an tsuiteáil i gcrích faoin gcéad dearbhán a dheonaigh AE le haghaidh úsáid Wi-Fi Poiblí. Cuireadh isteach bonneagar nua Wi-Fi i bPáirc an Easpaig Lucey agus ar Shráid an Chapaill Bhuí chomh maith le Músaem Chathair Chorcaí agus Páirc Mhic Gearailt.

Ach ar athsholáthraíodh Balla dóiteáin méadaíodh an tréchur, feabhsaíodh optamú an líonra agus paistí slándála agus tacaíocht leanúnach; Ach a ndéanfar uasghrádú Sophos beifear in ann feistí cianoibre a bhainistiú níos fearr agus le Leathnú Cúltaca & Teacht Aniar ó Thubaiste beidh acmhainn níos mó ann agus beifear in ann macasamhlú seach láthair a dhéanamh don Teacht Aniar ó Thubaiste. Ar mhaithe le hidir-inoibritheacht agus bainistíocht níos fearr, rinneadh uasghrádú ar an stáisiún dóiteáin PABX

mar a rinneadh le KACE ar mhaithe le bainistíocht deisce seirbhíse níos fearr.

Rinneadh athfheistiú iomlán ar threalamh ITC i leabharlann Dhúglais, ina measc ríomhairí pearsanta na foirne, ríomhairí pearsanta poiblí agus trealamh líonrúcháin.

## Geata Cliste Chorcaí

Cuireadh tús le sraith seimineár gréasáin i bhFómhar 2020, arbh é ab aidhm leo cabhrú le cuideachtaí conairí chun na digiteachta a fháil. I measc na n-ábhar atáthar a iniúchadh in 2021 tá: Intleacht Shaorga; Uathoibriú Próisis Róbataice; Idirlíon na nEarraí; Teicneolaíocht Braiteora; Réaltacht Bhreisithe agus Teacht ar Scileanna agus ar Dheiseanna Digiteachta.

## Claochlú Digiteach & an Gréasán

Agus é bunaithe ar svuít réiteach Microsoft 365 cuireadh dlús tapaidh faoin gClár um Chlaochlú Digiteach le 12 mhí anuas, go háirithe i bhfreagairt don phaindéim. Cuireadh réitigh dá leithéidí MS Teams, SharePoint agus córas síniúcháin leictreonaigh i bhfeidhm chun tacú le próisis ghnó fheabhsaithe atá bunaithe ar theicneolaíochtaí éifeachtacha. Ach ar cuireadh Teams i bhfeidhm tacaíodh le dualgas daonlathach na comhairle, bhíothas in ann cruinnithe agus seisiúin eolais a dhéanamh ar líne leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, le coistí na Comhairle Cathrach, SPC, LAC agus coistí eile na comhairle mar aon le comhoibriú idirghníomhaireachta agus Glaonna Pobail.

- Reáchtáladh níos mó ná 15,000 cruinniú Teams i rith na bliana
- Imeachtaí Beo Teams don chomhairliúchán faoi Phlean Forbartha na Cathrach Comhairliúchán poiblí do “Ceachtanna a Foghlaimíodh le linn Covid-19” de chuid Rannóg na nEalaíon le Q&A idirghníomhach modhnaithe le rannpháirtithe
- 40+ eagraíocht ag comhoibriú le linn an Ghlao Pobail
- Ról méadaithe na cumarsáide leis an bhfoireann agus leis na Comhairleoirí go háirithe nuair a bhítear ag obair ón mbaile
- Mionchomórtais a reáchtáladh chun Inlíon/ Eislíon, Malartán ar Líne, inlíon corparáideach agus comhairleoirí, réiteach Bainistíochta Doiciméad agus tacú leis an réiteach corparáideach CRM a thabhairt isteach
- Forbraíodh Treochlár MS le haghaidh cur i bhfeidhm breise
- Réitigh tharraingteacha agus idirghníomhacha dá leithéidí léitheoirí beoite PDF a fhoinsiú agus a úsáid chun eispéireas an láithreáin ghréasáin a fheabhsú
- Ceanglais reachtacha amhail Treoir 2015/2366 PSD2 ón AE agus spriocdhátaí GDPR maidir le bainistiú Fianán agus seirbhísí 3ú Páirtí

**Seirbhísí ar líne** - Tugadh tosaíocht do thionscadal chun roinnt foirmeacha a sheachadadh ar líne le linn na tréimhse seo chun cabhrú le soláthar seirbhíse leanúnach a chinntiú agus chun deis a sholáthar do lucht gnó, do chustaiméirí agus do shaoránaigh iarratas a dhéanamh ar líne ar fheidhmeanna dá leithéidí Deontais Phobail, deontas Atosaithe Gnó, ceadanna páirceála srl.

**Suíomhanna Idirlín & na Meáin Shóisialta** - Treisíodh tábhacht an tsuímh idirlín chun eolas a sholáthar don phobal le linn Covid-19. Bhí sé riachtanach a chinntiú go ndéanfaí an suíomh idirlín a thabhairt cothrom le dáta go leanúnach chun freagairt na Comhairle Cathrach do chúinsí athraitheacha a léiriú, agus aghaidh á tabhairt ar fháil a bheith ar sheirbhísí na Comhairle agus foinse eolais chruinn ar thionchar na paindéime a chur ar fáil. I measc na mbeart a glacadh agus an fheidhmiúlacht bhí:

Chuir Google Analytics, a foilsíodh trí MS Power BI, sonraí luachmhara ar fáil a bhí á lorg ag an bpobal le linn na gcéimeanna éagsúla den phaindéim. Rinneadh an t-ábhar a nuashonrú go dinimiciúil ansin chun an gá a bhí le faisnéis a léiriú.
Ach ar ghá athrú go himeachtaí agus féilte ar líne,

forbraíodh eispéireas nua ar an suíomh idirlín a léiríonn an chuid is fearr den Chathair agus cúrsaí mar atá faoi láthair. Ach a ndearnadh comhoibriú le cuideachtaí closamhairc agus grúpaí cruthaitheacha, d'éirigh go maith le himeachtaí dá leithéidí Lá Oscailte Oidhreachta Chorcaí, leis an Oíche Chultúir agus imeachtaí eile, agus ag an am céanna cuireadh roinnt díol spéise sa chathair ar a súile do lucht féachana nua ar líne.

Chabhraigh úsáid nuálach na teicneolaíochta nua, mar aon leis an raon agus an tsolúbthacht a thugann an suíomh idirlín le tacú le sainordú daonlathach na Comhairle agus Plean nua Forbartha na Cathrach á ullmhú. Forbraíodh suíomh nua, a raibh ábhar saibhir ann agus a bhí comhtháite chun deis a thabhairt do dhaoine tuairimí a chur isteach ar ghnéithe éagsúla den phlean chomh maith le dhá sheimineár gréasáin chun an riachtanas comhairliúcháin phoiblí a chomhlíonadh.

- Leanadh leis an gclár um fhorbairt suíomhanna idirlín agus críochnaíodh suíomhanna nua don Mhúsaem, do Dhún Eilíse, d'Eispéireas Shean-Oibreacha Uisce Chorcaí agus do Sheachtain Rothar Chorcaí.

- Tugadh isteach Teicneolaíocht Chúnta Gréasáin fheabhsaithe do shraith suíomhanna idirlín na comhairle ina measc feidhmiúlacht do roinnt daoine atá faoi mhíchumas lena n-áirítear lagú amhairc, disléicse agus hipirléicse.

- Bhí an suíomh idirlín ríthábhachtach chun faisnéis thráthúil a bhain le Covid-19 a sholáthar don phobal agus don fhoireann go léir.

## Dúshlán na gCathracha Cliste

Roghnaíodh Comhairle Cathrach Chorcaí mar Lárchathair chun páirt a ghlacadh i nDúshlán Cathracha Cliste de chuid an Aontais Eorpaigh. Mar lárchathair, gheobhaidh Comhairle Cathrach Chorcaí saintreoir agus oiliúint ar ardchaighdeán chun pleanáil d'athrú ar mhórscála. Tugann tionscnamh ICC 126 cathair le chéile chun fás cliste, atá freagrach go sóisialta agus inbhuanaithe a bhaint amach tríd an ardteicneolaíocht. Fiosróidh Cathair Chorcaí roinnt réimsí leathana spéise tríd an gclár seo:

- rannpháirtíocht saoránach agus pobal a fheabhsú

- Rialtas leictreonach agus digitiú seirbhísí poiblí

- réitigh fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú

- oideachas agus oiliúint nuálach le haghaidh uasoiliúna agus athoiliúna

Spriocanna breise cosúil le cothú áite go digiteach; seirbhísí nasctha; sonraí oscailte; tabharfar aghaidh chomh maith ar thacú le SMEanna, ar theacht aniar agus ar théarnamh tar éis Covid-19.

## Straitéis Digiteachta

Rinneadh athstruchtúrú ar Straitéis Digiteachta Chathair Chorcaí tar éis Covid-19 agus ceadaíodh í ag cruinniú na Comhairle Iomláine i Meán Fómhair 2020. Straitéis 3 bliana atá ann ag a bhfuil na téamaí seo a leanas: Rannpháirtíocht saoránach, gníomhú ar son na hAeráide; Scileanna digiteachta, Sonraí oscailte, Seirbhísí tacaíochta, Bonneagar agus Rialachas/Ceannaireacht.

## Slat Tomhais IT@Cork

Rinne ICT tasc slata tomhais thar ceann Rúnaíocht na hEorpa um Anailís Braisle do IT@Cork. Rinneadh anailís air seo agus bronnadh creidiúnú idirnáisiúnta lipéad cré-umha ar IT@Cork ina dhiaidh sin as sármhaitheas braisle.

## Scáileán Eolais Sonraí Oscailte Chorcaí

D'fhorbair NUI Magh Nuad agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann an Scáileán Eolais tríd an tionscadal chun Scáileáin Eolais Cathrach a Fhorbairt. Seoladh Scáileán Eolais nua Chorcaí i Ráithe 4 2020. Críochnófar an tionscadal seo sa bhliain 2021.

## Comhlíonadh ITC

Cuireadh na moltaí a rinneadh i roinnt tascanna Iniúchóireachta i bhfeidhm, ina measc Bainistíocht Díoltóirí IT, Teacht Aniar ó Thubaiste agus Athbhreithniú Slándála.

Bunaithe ar thorthaí iniúchóireachta, dréachtaíodh beartais agus nósanna imeachta nua agus athbhreithnithe chun tacú le próisis ghnó fheabhsaithe agus dea-chleachtas ITC. Forbraíodh Polasaí um Theacht Aniar ó Thubaiste, Beartas um Lucht Teachta, Bogtha, Fágála agus Creat Bainistíochta Díoltóirí IT. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar roinnt Polasaithe ITC, agus ar chur i ngníomh polasaithe ITC a bheadh ag teacht le caighdeáin náisiúnta LGMA beartaithe.



*Ar maidin i gCathair Chorcaí a ghlac drón*



# Aguisín



## Sa chuid seo

Coistí Beartas Straitéiseach
Ballraíocht Choistí na Comhairle
Liúntais 7 Costais na mBall
Fodhlíthe
Faisnéisiú faoi Chosaint
Ráiteas Airgeadais Bliantúil
Athbhreithniú ar Phlean Bliantúil
Seachadta Seirbhísí


An Clr Terry Shannon (FF)

## Tithíocht

**Ar an gclár oibre don SPC seo tá:**

Beartas tithíochta maidir le heaspa dídine a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú;

Forbairtí straitéiseacha tithíochta. Glacadh le beartas nua m.sh. maidir le hinacmhainneacht, scéimeanna leithdháilte tithíochta agus beartas bainistithe eastáit.


An Clr Des Cahill (FG)

## Bóithre 7 Iompar

**Ar an gclár oibre don SPC seo tá:**

Beartas a bhaineann le páirceáil, le fodhlithe luais, le straitéisí rothaíochta agus siúil a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Straitéis Iompair Limistéar Cathrach Chorcaí. Bonneagar caipitil a fhorbairt, pleanáil iompair, saincheisteanna iompair phoiblí. Plean Chorcaí um Shábháilteacht ar Bhóithre.


An Clr Dan Boyle (GP)

## Comhshaol, Uisce 7 Taitneamhacht

**Ar an gclár oibre don SPC seo tá:**

Beartas maidir le faoiseamh ó thuilte agus cosaintí tuile a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Staidéir tionchair timpeallachta agus pleananna bainistithe dramhaíola. Talmhaíocht, ionaid adhlactha agus reiligí. Athchúrsáil, athrú aeráide, forbairt inbhuanaithe. Glanadh sráide, rialú bruscair, draenáil agus cóireáil fuíolluisce. Beartas um an bhfearann poiblí, páirceanna agus spásanna oscailte.

# Coistí um Beartas Straitéiseach 2020

Is coistí comhairle iad na SPCanna a thugann comhairle agus cúnamh don Chomhairle i ndáil le polasaithe straitéiseacha a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Déanann na SPCanna moltaí don Chomhairle iomlán, agus is í an Chomhairle iomlán a dhéanann na cinntí beartais deiridh. Ar na SPCanna bíonn Baill Thofa na Comhairle agus ionadaithe earnála, ina measc ionadaithe ceardchumann, gnó agus fostóirí, grúpaí pobail, agus na hearnála talmhaíochta, i measc ionadaithe eile. I mí Dheireadh Fómhair 2019, tar éis thoghcháin áitiúla na Bealtaine agus athrú stairiúil ar theorainneacha, bunaíodh sé Choiste nua um Beartas Straitéiseach faoi Scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2019-2024 a ghlac Comhairle Cathrach Chorcaí.



An Clr Seán Martin (FF)

## Forbairt Straitéiseach, Gheilleagrach, Fiontar 7 Pleanáil

**An Clr Seán Martin, Cathaoirleach**
**Ar an gclár oibre don SPC seo tá:**

Beartas a bhaineann leis an gCiste Forbartha Uirbí, pleananna, pleananna ceantair áitiúil/máistirphleananna/ pleananna reachtúla ceantair, le miondíol i lár na cathrach, Plean Straitéiseach Cheantar Chorcaí, tuarascálacha beartais, struchtúir chosanta, láithreáin tréigthe a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú.

Forbairt cheantar dugaí Chorcaí, Plean Forbartha na Cathrach, forbairt fiontar, beartas forfheidhmithe pleanála, agus an plean gníomhaíochta torainn.



An Clr Ken O'Flynn (NP)

## Pobal, Cultúr 7 Cothú Áite

**Ar an gclár oibre don SPC seo tá:**

Beartais a bhaineann leis na healaíona a chur le chéile, a fhorbairt agus a athbhreithniú - deontais Ealaíon, deontais phobail, deontais spóirt, ina measc Plean Éire Ildána, An tseirbhís leabharlainne, an tseirbhís dóiteáin agus sábháilteacht phoiblí agus sábháilteacht struchtúr agus áiteanna. An Clár Feidhmíochta Pobail um Uilechuimsitheacht Shóisialta (SICAP)

Forbairt na n-ealaíon agus an chultúir, áiseanna spóirt, bainistiú imeachtaí, trádáil sráide agus margaí, an scéim ranníocaíochtaí forbartha, Cathracha Foghlama UNESCO, agus imeachtaí dá leithéidí GLOW, an Oíche Chultúir agus SeaFest.



An Clr Derry Canty (FG)

## Turasóireacht agus Idirnáisiúnta

**Ar an gclár oibre don SPC seo tá:**

An Clr Derry Canty, Cathaoirleach
Ar an gclár oibre don SPC seo tá: Tuarascálacha ó Chuairteanna, Iarratais ar Chomhchathracha a bhunú, comhpháirtíochtaí cathrach,

Cláir Mhaoiniúcháin AE, Forbairt Turasóireachta, Margaíocht, Cur Chun Cinn na Cathrach.

Tá raon comhoibrithe an-táirgiúil ag Corcaigh lenár gcomhchathracha in Köln, Renne, Abertawe, Coventry, San Francisco agus le Shanghai, Hangzhou, Wuxi agus Shenzen na Síne.

# Ballraíocht na gCoistí

## Coistí um Beartas Straitéiseach (SPC)

| Tithíocht | Comhshaol, Uisce 7 Taitneamhacht | Forbairt Straitéiseach, Gheilleagrach, Fiontar 7 Pleanáil |
|---|---|---|
| An Clr Terry Shannon<br>An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Colette Finn<br>An Clr Mick Nugent<br>An Clr Fiona Ryan<br>An Clr Thomas Moloney | An Clr Dan Boyle<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Terry Shannon<br>An Clr Des Cahill<br>An Clr John Sheehan<br>An Clr Fiona Ryan<br>An Clr Mick Nugent<br>An Clr Sean Martin<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Ted Tynan | An Clr Sean Martin<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr John Sheehan<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Paudie Dineen<br>An Clr Mick Finn<br>An Clr Ted Tynan |
| **Baill Sheachtracha**<br>Michael Kelleher<br>Clara O'Neill<br>Barry Murphy<br>Gary O'Brien<br>Eoin Mac Cuirc | **Baill Sheachtracha**<br>Donal Sweeney<br>Maria Kirrane<br>Pat O'Connell<br>An Dr. Barry McDermott Colm Cronin | **Baill Sheachtracha**<br>Tim O'Leary<br>John Hegarty<br>Michael O'Sullivan Greene<br>Isobel O'Regan<br>Martin Corbett |
| **Caidrimh Idirnáisiúnta 7 Turasóireacht** | **Bóithre 7 Iompar** | **Pobal, Cultúr 7 Cothú Áite** |
| An Clr Derry Canty<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Paudie Dineen<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Kenneth Collins<br>An Clr Thomas Moloney<br>An Clr Ger Keohane | An Clr Des Cahill<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Ger Keohane<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Kenneth Collins<br>An Clr John Maher<br>An Clr Fiona Kerins | An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Colette Finn<br>An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Mick Finn<br>An Clr John Maher<br>An Clr Fiona Kerins |
| **Baill Sheachtracha**<br>Pat Lehane<br>Shirley Gallagher<br>Aaron Mansworth<br>Séamus Heaney<br>Wojciech Bialek | **Comhaltaí Seachtracha**<br>Stephen Koch<br>Sean Carrigy<br>Kevin Burke<br>John Bowen<br>Mary Doran | **Comhaltaí Seachtracha**<br>Conor O'Connell<br>Sinéad Dunphy<br>Lisa Petersheim<br>Dermott O'Connell<br>Pádraig Rice |

## Coistí Ceantair Áitiúil (LAC)

| LAC Láir Theas | LAC Thoir Theas | LAC Thiar Theas | LAC Thoir Thuaidh | LAC Thiar Thuaidh |
|---|---|---|---|---|
| An Clr Mick Finn<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Seán Martin<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Paudie Dineen<br>An Clr Fiona Kerins | An Clr Des Cahill<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Terry Shannon<br>An Clr Deirdre Forde | An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Colette Finn<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Thomas Moloney<br>An Clr Henry Cremin | An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr John Maher<br>An Clr Ted Tynan<br>An tArd-Mhéara, an Clr<br>Joe Kavanagh<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Ger Keohane | An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Mick Nugent<br>An Clr John Sheahan<br>An Clr Kenneth Collins<br>An Clr Fiona Ryan<br>An Clr Damian Boylan |

## An Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide

| | |
|---|---|
| An Clr Henry Cremin<br>An Clr Kenneth Collins<br>An Clr Ted Tynan<br>An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Paudie Dineen<br>An Clr John Maher<br>An Clr Seán Martin<br>An Clr Tony Fitzgerald | An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Colette Finn<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Garret Kelleher |

## Coistí Eile

| Grúpa Beartais Chorparáidigh | Aoire na bPáirtithe | Ceannairí na bPáirtithe | An Coiste um Airgeadas 7 Meastacháin | Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt |
|---|---|---|---|---|
| An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh<br><br>An Clr Terry Shannon (Cathaoirleach an SPC Tithíochta)<br><br>An Clr Dan Boyle (Cathaoirleach an SPC Comhshaoil, Uisce & Taitneamhachta)<br><br>An Clr Seán Martin (Cathaoirleach an SPC Straitéiseach, Forbartha & Pleanála Geilleagraí)<br><br>An Clr Derry Canty (Cathaoirleach an SPC um Chaidreamh Idirnáisiúnta & Turasóireacht)<br><br>An Clr Des Cahill (Cathaoirleach an SPC um Bóithre & Iompar)<br><br>An Clr Kenneth O'Flynn (Cathaoirleach an SPC um Pobal, Cultúr & Cothú Áite) | An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Terry Shannon<br>An Clr Kenneth Collins<br>An Clr Thomas Moloney | An Clr Des Cahill<br>An Clr Seán Martin<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Mick Nugent | An Clr Seán Martin<br>An Clr Terry Shannon<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Des Cahill<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr John Sheahan<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Thomas Moloney<br>An Clr Fiona Ryan<br>An Clr John Maher<br>An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Mick Nugent | An Clr Terry Shannon<br>An Clr Shane O'Callaghan |
| **Comhlachas Rialtas Áitiúil na hÉireann** | **Buanchomhairle Beartais Chomhlachas Rialtas Áitiúil na hÉireann** | **An Coiste Iniúchóireachta** | **Coiste an Phlean Straitéisigh um Cheantar Chorcaí (CASP)** | **Bord Oideachais agus Oiliúna** |
| An Clr Seán Martin<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Shane O'Callaghan | An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Terry Shannon | An Clr Dan Boyle<br>An Clr Des Cahill<br>An Clr Seán Martin | An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Ger Keohane<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Ted Tynan<br>An Clr Thomas Moloney | An Clr Seán Martin<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Colette Finn |

| Comhchoiste Chomhairle Cathrach Chorcaí/ Chomhairle Contae Chorcaí | Cumann Bhaill an Údaráis Áitiúil | An Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil | Fóram Réigiúnach Sláinte | An Grúpa Forbartha Gaeilge |
|---|---|---|---|---|
| An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr John Maher | An Clr Terry Shannon | An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Ger Keohane | An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr John Sheahan<br>An Clr Ted Tynan | An Clr Seán Martin<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Fiona Ryan<br>An Clr Henry Cremin |
| **An Coiste Ealaíon** | **RAPID ABC - Coiste Stiúrtha na Cathrach Uile** | **Comhairleoir Na nÓg** | **An Coiste um Ól Deochanna Meisciúla (Fodhlíthe um Ól Ar An tSráid)** | **Bord Chomhpháirtíocht Chathair Chorcaí** |
| An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Paudie Dineen<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Damian Boylan | An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr John Sheahan<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Ted Tynan | An Clr Fergal Dennehy | An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Paudie Dineen | An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Kenneth Collins |
| **Visit Cork** | **Coiste Bainistíochta Staidiam Aclaíochta Réigiúnach Chorcaí** | **CLG** | **E.C.A.D. (Cathracha Eorpacha i gcoinne Drugaí)** | **An Grúpa Stiúrtha um Chathracha Folláine** |
| An Clr Kenneth O'Flynn | An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Thomas Moloney | An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Henry Cremin | An Clr Des Cahill | An Clr Tony Fitzgerald |
| **Amharclann Everyman** | **Cuideachta Forbartha Firkin Crane** | **An Fóram Oidhreachta** | **Lárionad Acmhainne Pobail & Óige Gharrán na mBráthar / Pháirc na hEaglaise (An Bothán)** | **Bord an Opera House** |
| An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Deirdre Forde | An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Mick Nugent | An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Dan Boyle | An Clr John Sheahan<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Mick Nugent | An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh<br>An Clr Des Cahill<br>An Clr Terry Shannon<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Seán Martin |
| **Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo** | **Bord Leisure World** | **Lárionad Spóirt an Ghoirt Álainn** | **Bord na Monarchan Náisiúnta Dealbhóireachta** | **Coiste na mBéilí Scoile** |
| An Clr Seán Martin | An Clr Colette Finn<br>An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Fergal Dennehy<br>An Clr Terry Shannon<br>An Clr Seán Martin | An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Ger Keohane<br>An tArd-Mhéara, an Clr Joe Kavanagh | An Clr Kieran McCarthy<br>An Clr Lorna Bogue | An Clr Des Cahill<br>An Clr Colette Finn<br>An Clr John Maher |

| An Comhchoiste Póilíneachta | Tascfhórsa Áitiúil Drugaí | Grúpa Físe um Líonra Chathracha Sláintiúla na hEorpa | An Coiste um Shalú ag Madraí | An Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil |
|---|---|---|---|---|
| An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr John Sheahan<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Paudie Dineen<br>An Clr John Maher<br>An Clr Mick Nugent<br>An Clr Thomas Moloney<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Ted Tynan<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Terry Shannon | An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Paudie Dineen | An Clr Tony Fitzgerald | An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr John Sheahan<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Ted Tynan | An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Shane O'Callaghan<br>An Clr Oliver Moran<br>An Clr Lorna Bogue<br>An Clr Fiona Ryan<br>An Clr Henry Cremin<br>An Clr Thomas Moloney |
| **Coiste Sealbhaíochta Ionad Ealaíne Ché Wandesford** | **Bord Fhéile Scannán Chorcaí** | **Bord CORE** | **Bord Ghailearaí Ealaíne Crawford** | **An Coiste Spóirt** |
| An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Dan Boyle | An Clr Seán Martin<br>An Clr Derry Canty<br>An Clr Paudie Dineen | An Clr Terry Shannon<br>An Clr Kenneth O'Flynn<br>An Clr Des Cahill<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Paudie Dineen | An Clr Kenneth O'Flynn | An Clr Seán Martin<br>An Clr Tony Fitzgerald<br>An Clr Mary Rose Desmond<br>An Clr Colm Kelleher<br>An Clr Deirdre Forde<br>An Clr Garret Kelleher<br>An Clr Damian Boylan<br>An Clr Dan Boyle<br>An Clr Kenneth Collins<br>An Clr Mick Nugent<br>An Clr Thomas Moloney |

# Liúntais 7 Costais na mBall

| Liúntas do Ghuthán Póca/Leathanbhanda | |
|---|---|
| An Clr Garret Kelleher | €40.00 |
| An Clr Dan Boyle | €240.00 |
| An Clr Fergal Dennehy | €280.00 |
| An Clr Seán Martin | €420.45 |
| An Clr Terry Shannon | €303.16 |
| An Clr Paudie Dineen | €454.65 |
| An Clr Fiona Kerins | €369.78 |
| An Clr Ted Tynan | €155.00 |
| An Clr Colm Kelleher | €1,044.93 |
| An Clr Damian Boylan | €175.00 |
| An Clr John Maher | €568.94 |
| An Clr Mick Finn | €297.95 |

| Costais na mBall - Comhdhálacha agus Seimineáir | | | |
|---|---|---|---|
| An Clr<br>Fergal Dennehy | Scoil Gheimhridh Cholm Cille<br>Comhdháil Bhliantúil AILG<br>Oiliúint Mhodúl 2 AILG | Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, 28-29 Feabhra 2020<br>An Longfort 4-5 Márta 2020<br>Phort Láirge 15 Feabhra 2020 | €544.51<br>€489.14<br>€246.75<br>**€1280.40** |
| An Clr<br>Deirdre Forde | Scoil Gheimhridh Cholm Cille | Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, 28-29 Feabhra 2020 | **€553.47** |
| An Clr<br>Garret Kelleher | Seimineár Oiliúna Mhodúl 3 AILG<br>Seimineár AILG an Fhómhair<br>Comhdháil Bhliantúil AILG | Durlas Co Thiobraid Árann, 6 Lúnasa 2020<br>Muineachán 11-12 MF 2019<br>An Longfort 4-5 Márta 2020 | €129.56<br>€504.20<br>€496.30<br>**€1,130.06** |
| An Clr Dan Boyle | Ceardlann Aeráide<br>Oiliúint Mhodúl 2 AILG | An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 4 Nollaig 2019<br>Phort Láirge 15 Feabhra 2020 | €389.96<br>€119.35<br>**€509.31** |
| An Clr Derry Canty | Comhdháil um Dhramhaíl Phlaisteach<br>Comhdháil Bhliantúil AILG<br>Oiliúint Mhodúl 2 AILG | Cloich na Coillte 26-27 DF 2019<br>An Longfort 4-5 Márta 2020<br>Phort Láirge 15 Feabhra 2020 | €188.71<br>€402.07<br>€272.02<br>**€862.80** |
| An Clr<br>Kenneth O'Flynn | Comhdháil Bhliantúil AILG | An Longfort 4-5 Márta 2020 | **€481.97** |
| An Clr Seán Martin | Oiliúint Mhodúl 2 AILG<br>Comhdháil Bhliantúil AILG | Phort Láirge 15 Feabhra 2020<br>An Longfort 4-5 Márta 2020 | €136.72<br>€370.80<br>**€507.52** |
| An Clr<br>Terry Shannon | Managing Better, Not For Profit Trustees<br>Oiliúint Mhodúl 2 AILG<br>Comhdháil Bhliantúil AILG | Muineachán 12 MF 2019<br>Phort Láirge 15 Feabhra 2020<br>An Longfort 4-5 Márta 2020 | €751.75<br>€132.96<br>€352.56<br>**€1237.27** |

| Costais eile | | | |
|---|---|---|---|
| Liúntas an Ard-Mhéara | €30,000.00 sa bhliain (comhlán inchánaithe) | | |
| Liúntas an Leas-Ardmhéara | €6,000 sa bhliain (comhlán inchánaithe) | | |
| Íocaíocht Athláithritheach | €17,359 sa bhliain (comhlán inchánaithe) | Íoctar gach mí le gach Clr | Íocaíocht go dtí 30/09/20 |
| Íocaíocht Athláithritheach | €17,706 sa bhliain (comhlán inchánaithe) | Íoctar gach mí le gach Clr | Íocaíocht ó 01/10/2020 |
| Liúntas Speansais Bliantúil na mBall Tofa | €5,335.38 sa bhliain | Íoctar gach mí le gach Clr | |
| Liúntas LAC na mBall Tofa | €1,000 sa bhliain (comhlán inchánaithe) | Íoctar gach mí le gach Clr | |
| Liúntas do Chathaoirleacht SPC | €6,000 sa bhliain | a íoctar gach mí le gach Cathaoirleach SPC | |

# Fodhlíthe

Fodhlíthe Chathair Chorcaí um Sheastán Ainmnithe (Tascaí) 2020

Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Chorcaí um Páirceáil i nDúglas 2020

Na Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Chorcaí um Charrchlós Bhaile an Chollaigh 2020

Fodhlíthe Chomhairle Cathrach Chorcaí um Trácht ar Bhóithre (Teorainneacha Luais Speisialta) 2020

# Faisnéisiú faoi Chosaint

Ní dhearnadh aon Fhaisnéisiú faoi Chosaint leis an gComhairle in 2020.

# Plean Bliantúil Seachadta Seirbhísí

**Is féidir eolas a fháil anseo**

# Ráiteas Airgeadais Bliantúil

## Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach
## (Ráiteas an Chuntais Ioncaim & Caiteachais)

### DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

Tugann Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam go léir a bhaineann le hioncam agus caiteachas le chéile. Léirítear ann an barrachas/(an t-easnamh) don bhliain. Tá aistrithe chuig/ó chúlchistí á dtaispeáint ar leithligh agus níl siad leithdháilte de réir an rannáin seirbhíse. Leithdháileann Nóta 16 aistrithe de réir rannáin seirbíse san fhormáid chéanna le Tábla A de bhuiséad glactha an Údaráis Áitiúil.

| Caiteachas de réir Rannáin | Comhlán Caiteachas | Ioncam | Glan-Chaiteachas | Glan-Chaiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | 2020 | 2020 | 2020 | 2019 |
| Tithíocht & Tógáil | 64,625,142 | 68,705,649 | (4,080,507) | (128,855) |
| Sábháilteacht & Iompar ar Bhóithre | 39,042,460 | 14,368,429 | 24,674,031 | 16,803,356 |
| Seirbhísí Uisce | 9,414,944 | 9,423,712 | (8,768) | 627,994 |
| Bainistíocht Forbartha | 53,919,528 | 44,699,879 | 9,219,649 | 8,940,276 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 36,989,434 | 6,529,813 | 30,459,621 | 28,612,576 |
| Áineas & Conláiste | 25,106,741 | 1,909,111 | 23,197,630 | 22,048,065 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 599,009 | 258,733 | 340,276 | 296,732 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 82,916,011 | 70,314,878 | 12,601,133 | (4,888,188) |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** (Note 15) | **€ 312,613,269** | **€ 216,210,204** | | |
| **Glanchostas na rannán le maoiniú ó rátaí agus ó cháin mhaoine áitiúil** | | | 96,403,065 | 72,311,956 |
| Rátaí | | | 98,844,530 | 66,184,863 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 13,965,558 | 11,927,355 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** (Nóta 16) | | | **12,407,023** | 5,800,262 |
| **Aistriú ó/(chuig) Cúlchistí** (Note 14) | | | (12,371,837) | (5,747,464) |
| **Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | | | **35,186** | 52,798 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2020** | | | 945,643 | 892,845 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2020** | | | **980,829** | 945,643 |

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe)

**amhail an 31 Nollaig 2020**

| Caiteachas de réir Rannáin | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 1 | 2020 | 2020 |
| Oibriúchán | | 2,343,978,366 | 2,263,955,540 |
| Bonneagrach | | 1,844,490,716 | 1,154,377,762 |
| Pobal | | 111,992,138 | 112,289,290 |
| Neamh-Oibriúchán | | 53,873,737 | 53,873,737 |
| | | **4,354,334,957** | 3,584,496,329 |
| | | | |
| Obair atá ar siúl agus Réamhchostais | 2 | 100,407,113 | 86,036,802 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 3 | 104,874,408 | 87,650,077 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | | - | - |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 4 | 41,726,109 | 49,827,055 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 41,627,058 | 29,633,746 |
| Airgead Tirim sa Bhanc | | 6,533,478 | 456,555 |
| Airgead faoi Bhealach | | 22,449 | 22,399 |
| | | **89,909,094** | 79,939,755 |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Rótharraingt Bhainc | | - | - |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 55,783,501 | 47,975,371 |
| Léasanna Airgeadais | | 29,778 | 29,778 |
| | | **55,813,279** | 48,005,149 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha Glana / (Dliteanas)** | | 34,095,815 | 31,934,606 |
| | | | |
| **Creidiúnaithe (Méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)** | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 182,238,700 | 178,453,041 |
| Léasanna Airgeadais | | 21,780 | 51,559 |
| Taiscí Inaisíoctha | 8 | 7,971,676 | 4,570,823 |
| Eile | | 41,200,342 | 22,589,346 |
| | | 231.432.498 | 205,664,769 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | 4,362,279,795 | 3,584,453,045 |
| Arna léiriú ag | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 9 | 4,354,334,957 | 3,584,496,326 |
| Ioncam ó obair atá ar siúl | 2 | 91,753,991 | 79,918,868 |
| Cúlchiste Ioncaim Ginearálta | | 980,829 | 945,643 |
| Cúlchistí Sonracha Eile | | - | - |
| Iarmhéideanna Eile | 10 | (84,789,981) | (80,907,792) |
| | | | |
| **Cúlchistí Iomlána** | | 4,362,279,796 | 3,584,453,045 |

## Déan teagmháil linn

Ar líne: www.corkcity.ie
Ríomhphost: physicalaffairs@corkcity.ie

Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach
Sráid Anglesea, Corcaigh, T12 T997

Guthán: +353 21 492 4000

Uimhir Theagmhála lasmuigh d'uaireanta oibre/éigeandála
+353 21 496 6512

@corkcitycouncil
@corkcitycouncilofficial
Comhairle Cathrach Chorcaí

Statio Bene Fida Carinis